



Bileog Faisnéise Trádáil leictreonach agus oibleagáidí conarthacha

Réamhrá

Tá rialáil ar thrádáil leictreonach i gcroílár Threoir 2000/31/CE ¹ maidir le gnéithe áirithe dlíthiúla de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach, lena leagtar síos rialacha maidir le ceanglais bhunaíochta agus faisnéise do sholáthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise, agus maidir le dliteanas soláthraithe idirmheánacha.

Bíonn tionchar ag trádáil leictreonach ar réimsí éagsúla den saol eacnamaíoch nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin, áfach, amhail cluichí seansúlachta, ábhair a bhaineann le comhaontuithe nó cleachtais atá á rialú le dlí na gcairtéal agus an chánachais (féach Airteagal 1(5) den Treoir maidir le trádáil leictreonach, a bhaineann le cuspóir agus raon feidhme na Treorach). Ar an gcaoi chéanna, tagann cóipcheart agus cearta gaolmhara, cearta trádhmhairc, cosaint tomhaltóirí agus cosaint sonraí pearsanta laistigh de réimse na trádála leictreonaí, ach is le sraith eile treoracha agus Rialachán sonracha a rialáítear iad sin.

Tugtar forléargas sa bhileog eolais seo ar an gcásdlí ábhartha arna thabhairt go dtí an 30 Aibreán 2024. Chuige sin, déantar na príomhbhreithiúnais a bhaineann leis an raon sin réimsí a roinnt ina ndá chuid. Ar thaobh amháin, tá na gnéithe a bhaineann le hoibleagáidí conarthacha idir na páirtithe agus, ar an taobh eile, tá an creat dlí lena rialáítear an trádáil leictreonach.

Chun críocha na bileoige seo, roghnaíodh breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais, a measadh a bheith ar na cinn is tábhachtaí sa réimse seo, agus an chuid is mó díobh tugtha ag an Mór-Dhlísheomra.

¹ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (An Treoir maidir le 3 leictreonach) (IO 2000 L 178, Ich. 1).

Liosta na ngníomhartha dá dtagraítear

RIALACHÁIN

Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmarc Comhphobail (IO 1994 L 11, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 2790/1999 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 1999 maidir le hAirteagal 81(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe (IO 1999 L 336, lch. 21).

Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2001 L 12, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Roimh II) (IO 2007 L 199, lch. 40).

Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008, maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO 2008 L 177, lch. 6).

Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe (IO 2010 L 102, lch. 1).

Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO 2015 L 310, lch. 1, agus ceartúchán IO 2016 L 27, lch. 14).

Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmarc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1).

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011, lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2011 L 77, lch. 1).

TREORACHA

Treoir 84/450/CEE ón gComhairle an 10 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach, arna leasú le Treoir 2005/29/CE (IO 1984 L 250, lch. 17).

Treoir 89/104/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádáil mharcanna (IO 1989 L 40, lch. 1).

Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 1997 maidir le tomhaltóirí a chosaint i leith cianchonarthaí (IO 1997 L 144., lch. 19).

Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le Seirbhísí na Sochaí Faisnéise, IO 1998 L 204, lch. 37), arna leasú le Treoir 98/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 1998 (IO 1998 L 217, lch. 18) ('Treoir 98/34').

Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO 2000 L 178, lch. 1).

Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuíbiú sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO 2001 L 311, lch. 67), arna leasú le Treoir 2011/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 (IO 2011 L 174, lch. 74).

Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint phríobháideachais san earnáil

cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002 L 201, lch. 37), arna leasú le Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 (IO 2009 L 337, lch. 11).

Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO 2004 L 157, lch. 45 agus ceartúchán IO 2004 L 195, lch. 16).

Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2005 L 149, lch. 22).

Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO 2006 L 376, lch. 21).

Treoir 2006/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an gceart cíosa agus leis an gceart iasachta agus maidir le cearta áirithe a bhaineann le cóipcheart i réimse na maoine intleachtúla (IO 2006 L 376, lch. 28).

Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 97/7/CE, 2002/65/CE, 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO 2007 L 319, lch. 1).

Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hurghairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (IO 2009 L 110, lch. 30).

Treoir 2009/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le cosaint dlí ríomhchlár (IO 2009 L 111, lch. 16).

Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, lch. 1).

Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoir 96/9/CE agus Treoir 2001/29/CE (IO 2019 L 130, lch. 92).

CINNTÍ

Cinneadh ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábharthacht na cosanta a thugtar leis na prionsabail phríobháideachais maidir le cuain shábháilte agus leis na ceisteanna coitianta gaolmhara arna bhfoilsíú ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe (IO 2000 L 215, lch. 7).

Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2010 maidir le clásail chonarthacha chaighdeánacha le haghaidh aistriú sonraí pearsanta chuig próiseálaithe atá bunaithe i dtírú tíortha de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2010 L 39, lch. 5), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2297 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2016 (IO 2016 L 344, lch. 100).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1250 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2016 i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leordhóthanacht na cosanta a sholáthraítear le Sciath Phríobháideachais AE-SAM (IO 2016 L 207, lch. 1).

Clár na n-ábhar

RÉAMHRÁ	3
LIOSTA NA NGNÍOMHARTHA DÁ DTAGRAÍTEAR	4
I. CAIDREAMH CONARTHACH IDIR NA PÁIRTITHE	9
1. An Conradh a thabhairt i gcrích	9
2. An dlí is infheidhme/dlínse	13
3. Cosaint tomhaltóirí.....	19
4. Sonraí pearsanta a chosaint	25
5. Cóipcheart.....	57
II. CREAT DLÍ LENA RIALAÍTEAR TRÁDÁIL LEICTREONACH.....	69
1. Fógraíocht.....	69
2. Dlíteanas soláthraithe inmheánacha	83
3. Dlí na hiomaíochta	90
4. Táirgí íocshláinte agus feistí leighis a dhíol ar líne.....	97
5. Cluichí seansúlachta.....	102
6. Geilleagar comhroinnte.....	105
7. CBL	112

I. Caidreamh conarthach idir na páirtithe

1. An Conradh a thabhairt i gcrích

Breithiúnas an 5 Iúil 2012, *Content Services* (C-49/11, [EU:C:2012:419](#))

D'oibrigh cuideachta *Content Services* fochuideachta in Mannheim (an Ghearmáin) agus thairg sí seirbhísí éagsúla ar líne ar a suíomh gréasáin, a bhí leagtha amach i nGearmáinis agus le fáil san Ostair freisin. Ar an suíomh gréasáin sin, bhíothas in ann, *inter alia*, bogearraí saor in aisce nó triail-leaganacha de bhogearraí íoctha a íoslódáil. Sula mbeadh ordú déanta acu, bhí ar d'úsáideoirí idirlín foirm chlárúcháin a líonadh isteach agus tic a chur i mbosca sonracha san fhoirm chun a dhearbhu gur ghlac siad leis na clásail ghinearálta díolacháin agus go raibh an ceart chun tarraingt siar tarscaoilte acu.

Ní raibh an fhaisnéis sin á taispeáint go díreach d'úsáideoirí idirlín. Bhíothas in ann breathnú uirthi, áfach, trí chliceáil ar nasc ar an leathanach arna líonadh amach acu chun an Conradh sin a thabhairt i gcrích. Níorbh fhéidir Conradh a thabhairt i gcrích gan tic a chur sa bhosca sin. Ina dhiaidh sin, fuair an t-úsáideoir idirlín lena mbaineann ríomhphost ó *Content Services*, nach raibh aon fhaisnéis ann maidir leis an gceart chun tarraingt siar, ach ina raibh nasc chun í a fheiceáil, mar a bhí ar an leathanach dá dtagraítear thuas. Rinne *Oberlandesgericht Wien* (Uaschúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair) ceist a tharchur chuig an gCúirt Breithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú ar Airteagal 5(1) de Threoir 97/7/EC.² D'fhiafraigh sé an gcomhlíontar ceanglais na forála sin le cleachtas tráchtála arb é atá ann an fhaisnéis dá dtagraítear san fhoráil sin a chur ar fáil don tomhaltóir trí hipearnasc ar shuíomh gréasáin an ghnóthais lena mbaineann agus tríd an hipearnasc amháin.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní mór Airteagal 5(1) de Threoir 97/7/CE a léiriú sa chaoi nach gcomhlíontar ceanglais na forála sin leis an gcleachtas tráchtála sin, ós rud é nach raibh an fhaisnéis sin 'á soláthar' ag an ngnóthas sin ná 'faighte' ag an tomhaltóir agus nach féidir a mheas gur 'meán marthanach' é suíomh gréasáin.

Ní mór go ndéanfaí an fhaisnéis sin a dheimhniú don tomhaltóir gan iompar gníomhach a bheith ag teastáil ina leith sin uaidh. Ina theannta sin, chun go measfaí gur meán marthanach é suíomh gréasáin, níor mhór go n-áiritheofaí don tomhaltóir, ar an gcaoi chéanna le formáid pháipéir, go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear san fhoráil sin i seilbh an tomhaltóra chun a chur ar a chumas, i gcás inarb iomchuí, a chearta a dhearbhu. I ndáil leis sin, ní mór go gcuirfí ar chumas an tomhaltóra faisnéis atá dírithe go pearsanta air a stóráil, a áirithiú nach ndéanfar aon athrú ar a n-inneachar agus go

² Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 1997 maidir le tomhaltóirí a chosaint i leith cianchonarthaí (IO 1997 L 144., lch. 19)

mbeadh fáil uirthi ar feadh tréimhse iomchuí ama, agus go dtabharfaí deis don tomhaltóir cóipeáil a dhéanamh uirthi gan í a athrú.

Breithiúnas an 25 Eanáir 2017, BAWAG (C-375/15, EU:C:2017:38)

Bhí téarma conarthach caighdeánaithe in úsáid ag banc BAWAG, a bhí ag feidhmiú ar chríoch na hOstaire, chun tomhaltóirí a chur ag glacadh páirt i seirbhísí ríomhbhaincéireachta ('e-banking').

Faoin gclásal sin, 'is tríd an bpost nó go leictreonach trí mheán e-banking a sheolfar an fhaisnéis agus na fógraí nach mór don bhanc iad a sholáthar don chustaiméir nó a chur ar fáil dó'. D'fhéadfaí an fhaisnéis a sheoladh trí chóras teachtaireachta a bhí comhtháite sna cuntais ar líne. Bhí tomhaltóirí in ann ríomhphoist a fheiceáil, a atáirgeadh agus a íoslódáil. D'fhan na teachtaireachtaí a bhí sna cuntais 'e-banking' ar líne gan athrú agus níor scriosadh iad ar feadh tréimhse a bhí iomchuí chun go gcuirfí na tomhaltóirí sin ar an eolas, sa chaoi go bhféadfaí breathnú orthu agus a iad atáirgeadh ar an mbealach céanna trí mheán leictreonach nó trí mheán clóite. Níor cuireadh in iúl do thomhaltóirí ar aon bhealach go bhfuarthas ríomhphost nua, áfach.

Rinne an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair) tarchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú chun a fháil amach an gá léiriú a dhéanamh ar Airteagal 41(1) de Threoir 2007/64/CE,³ sa chaoi go bhfuil faisnéis arna seoladh tríd an mbosca ríomhphoist atá ionchorpraithe in ardán baincéireachta ar líne 'curtha ar fáil ar mheán marthanach'.

Dar leis an gCúirt, ní mór a mheas gur 'meáin mharthanacha' iad suíomhanna gréasáin áirithe de réir bhrí Airteagal 4(25) den Treoir sin.

Maidir le modhnuithe ar an gcreatchonradh arna seoladh ag an soláthraí seirbhíse íocaíochta chuig úsáideoir na seirbhísí sin trí bhosca ríomhphoist, ní fhéadfaí a mheas, áfach, go bhfuil siad curtha ar fáil ar mheán marthanach ach amháin má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

- ceadaítear leis an suíomh gréasáin sin don úsáideoir sin, agus dó sin amháin, faisnéis a stóráil agus a atáirgeadh sa chaoi go bhféadfadh an t-úsáideoir rochtain a fháil uirthi ar feadh tréimhse iomchuí ama;
- i dteannta an fhaisnéis sin a sheoladh, déanfaidh soláthraí na seirbhíse íocaíochta iompar gníomhach atá beartaithe chun a chur in iúl don úsáideoir sin go bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil.

³ Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 97/7/CE, 2002/65/CE, 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO 2007 L 319, lch. 1).

D'fhéadfaí go mbeadh iompar den sórt sin i gceist freisin le ríomhphost a chur chuig an seoladh arna úsáid de ghnáth ag úsáideoir na seirbhísí sin chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, ar chomhaontaigh na páirtithe é a úsáid sa chreatchonradh arna thabhairt i gcrích idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-úsáideoir sin. Ní fhéadfaí an seoladh arna sannadh ar an úsáideoir sin ar an suíomh gréasáin baincéireachta ar líne arna láimhseáil ag soláthraí na seirbhíse íocaíochta a roghnú mar sin, áfach.

Breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2020 (an Mór-Dhlísheomra), Telenor Magyarország (C-807/18, [EU:C:2020:708](#))

Déanann Telenor, atá bunaithe san Ungáir, seirbhísí rochtana idirlín a sholáthar, *inter alia*. Leis na seirbhísí a thairgtear dá chustaiméirí áirítear dhá phacáiste de rochtain fhabhrach (a dtugtar 'taraif nialais' orthu) agus é mar shaintréith acu nach n-áirítear trácht sonraí arna nginiúint ag seirbhísí agus ag feidhmchláir shonracha áirithe i dtomhaltas an mhéid sonraí a cheannaíonn custaiméirí. Ina theannta sin, a luaithe a bheidh an méid sonraí sin ídithe, féadfaidh siad leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint as na feidhmchláir agus na seirbhísí sonracha sin gan srianta, agus bearta blocála nó moillithe tráchta á gcur i bhfeidhm maidir leis na feidhmchláir agus na seirbhísí eile atá ar fáil.

Tar éis dó dhá nós imeachta a thionscnamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an dá phacáiste sin le Rialachán 2015/2120 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon, ⁴ ghlac Údarás na hUngáire um Chumarsáid agus na Meáin dhá chinneadh inar mheas sé nár chomhlíon siad oibleagáid ghinearálta na córa comhionainne idirdhealaithe ar thrácht a leagtar síos in Airteagal 3(3) den Rialachán sin agus gur cheart do Telenor deireadh a chur leo.

Agus dhá chaingean ó Teleneor os a comhair, chinn an Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist, an Ungáir) ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le cén chaoi ba cheart míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 3 de Rialachán 2015/2120 a léiriú agus a chur i bhfeidhm, lena ráthaítear cearta áirithe ⁵ d'úsáideoirí deiridh seirbhísí rochtana ar an idirlíon agus lena gcuirtear toirmeasc ar sholáthraithe seirbhísí den sórt sin comhaontuithe nó cleachtais tráchtála a chur i bhfeidhm lena gcuirfí srian ar fheidhmiú na gceart sin, agus le hAirteagal 3(3), lena leagtar síos oibleagáid ghinearálta maidir le cóir chomhionann neamh-idirdhealaitheach ar thrácht.

⁴ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO 2015 L 310, I ch. 1, agus ceartúchán IO 2016 L 27, I ch. 14).

⁵ An ceart atá ag úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar fheidhmchláir, ar ábhar agus ar sheirbhísí agus iad a úsáid, ach chomh maith leis sin, an ceart chun feidhmchláir, ábhar agus seirbhísí a sholáthar agus úsáid a bhaint as críochfoirt dá rogha féin.

Ina breithiúnas dar dáta an 15 Meán Fómhair 2020, rinne an Chúirt, agus í ag suí mar Mhór-Dhlísheomra, léiriú den chéad uair ar Rialachán 2015/2120, lena gcumhdaítear an bunphrionsabal go mbeadh an t-idirlíon ar oscailt (ar a dtugtar ‘neodracht idirlíon’ anois).

Ar an gcéad dul síos, maidir le léiriú ar Airteagal 3(2) de Rialachán 2015/2120, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) den Rialachán sin, thug an Chúirt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 3(1) go bhfuil sé beartaithe go mbeadh na cearta a ráthaítear d’úsáideoirí deiridh seirbhísí rochtana ar an idirlíon á bhfeidhmiú ‘trína seirbhís rochtana ar an idirlíon’, agus go gceanglaítear faoi Airteagal 3(2) nach mbeidh teorannú ar fheidhmiú na gceart sin i gceist le seirbhís den sórt sin. Ina theannta sin, leanann sé ó Airteagal 3(2) den Rialachán sin nach mór do na húdaráis rialála náisiúnta measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí soláthraí rochtana ar an idirlíon ar leith i bhfianaise an cheanglais sin,⁶ agus faoi mhaoirseacht na gcúirteanna náisiúnta inniúla agus na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an soláthraí sin le húsáideoirí deiridh agus na cleachtais trádála arna ndéanamh ag an soláthraí sin á gcur san áireamh.

Sa chomhthéacs sin, tar éis di soiléirithe ginearálta a thabhairt maidir le brí na gcoincheap ‘comhaontuithe’, ‘cleachtais tráchtála’ agus ‘úsáideoirí deiridh’⁷ i Rialachán 2015/2120, chinn an Chúirt go bhféadfaí go mbeadh teorainneacha á gcur le feidhmiú chearta na n-úsáideoirí deiridh, de réir bhrí Airteagal 3(2) den Rialachán sin, ar chuid mhaith den mhargadh, trí chomhaontuithe a thabhairt i gcrích ina suibscríobhann custaiméirí do phacáiste ina ndéantar ‘taraif nialasach’ a chur le bearta chun bac nó moill a chur ar thrácht a ghabhann le húsáid seirbhísí agus feidhmeanna seachas seirbhísí agus feidhmeanna sonracha a thagann faoin ‘taraif nialasach’ sin. Mar gheall ar phacáistí den sórt sin is dóigh gur mhór an úsáid a bhainfí as feidhmchlár agus seirbhísí faoi phribhléid agus, dá réir sin, is dóigh gur lú an úsáid a bhainfí as na feidhmchláir agus na seirbhísí eile atá ar fáil, i bhfianaise na mbeart lena ndéanann an soláthraí seirbhísí rochtana ar an idirlíon an úsáid dheireanach sin níos deacra go teicniúil nó fiú dodhéanta. Ina theannta sin, dá mhéad custaiméirí a thugann comhaontuithe den sórt sin i gcrích is ea is mó an seans, i bhfianaise a fhairsinge, go mbeadh srian suntasach ar fheidhmiú chearta na n-úsáideoirí deiridh mar thoradh ar thionchar carnach na gcomhaontuithe sin, nó go mbainfí an bonn de bhunbhrí na gceart sin féin.

Ar an dara dul síos, maidir le léiriú ar Airteagal 3(3) de Rialachán 2015/2120, thug an Chúirt dá haire, chun a chinneadh go bhfuil neamhréireacht leis an bhforáil sin, nach gá aon mheasúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart lena gcuirtear bac nó moilliú ar fheidhmiú chearta na n-úsáideoirí deiridh. San fhoráil sin ní leagtar síos aon cheanglas

⁶ Ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán 2015/2120.

⁷ Áirítear leis an gcoincheap deiridh sin gach duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann nó a iarrann seirbhís cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí. Ina theannta sin, áirítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha a úsáideann nó a iarrann seirbhísí rochtana ar an idirlíon chun rochtain a fháil ar ábhar, ar fheidhmchláir agus ar sheirbhísí agus iad siúd a bhraitheann ar rochtain ar an idirlíon chun ábhar, feidhmchláir agus seirbhísí a sholáthar.

den sórt sin chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide ginearálta maidir le cóir chomhionann neamh-idirdhealaitheach do thrácht atá san fhoráil sin. Ina theannta sin, chinn an Chúirt, i gcás nach bhfuil bearta moillithe nó bactha tráchta bunaithe ar dhifríochtaí oibiachtúla idir ceanglais cáilíochta seirbhíse catagóirí sonracha áirithe tráchta, ach ar bhreithnithe tráchtála, nach mór a mheas go bhfuil na bearta sin ar neamhréir leis an bhforáil sin.

Dá bhrí sin, le pacáistí amhail na cinn a bhí á n-athbhreithniú ag an gcúirt a rinne an tarchur, is dócha, go ginearálta, go ndéanfaí Airteagal 3(2) de Rialachán 2015/2120 agus mír 3 den Airteagal sin a shárú, agus é á shonrú go bhféadfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla agus na cúirteanna náisiúnta inniúla iad a scrúdú ón tús i bhfianaise Airteagal 3(3).

2. An dlí is infheidhme/dlínse

Breithiúnas an 28 Iúil 2016, Verein für Konsumenteninformation (C-191/15, [EU:C:2016:612](#))

Bhí earraí á ndíol go leictreonach ag Amazon EU Sàrl, atá bunaithe i Lucsamburg, le tomhaltóirí atá bunaithe i mBallstáit éagsúla. Sna príomhimeachtaí, thionscain Cumann um Chosaint Tomhaltóirí na hOstaire (Verein für Konsumenteninformation) caingean le haghaidh urghaire ar bhonn Treoir 2009/22/CE,⁸ inar líomhnaíodh go raibh na téarmaí conarthacha arna n-úsáid ag Amazon contrártha do thoirmisc dhlíthiúla nó do dheachleachtas.

Agus caingean os a comhair arna tionscnamh ag Cumann na hOstaire, cheistigh an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair) an téarma atá éagórach de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CEE⁹ í téarma sna coinníollacha ginearálta díolacháin a ghabhann le conradh arna thabhairt i gcrích go leictreonach idir díoltóir nó soláthróir agus tomhaltóir, ar dá réir a rialaítear an conradh sin le dlí an Bhallstáit ina bhfuil an trádálaí sin bunaithe. Ina theannta sin, d'fhiafraigh an Oberster Gerichtshof an bhfuil próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag gnóthas, de bhun Airteagal 4(1)(a) de Threoir 95/46/CE,¹⁰ faoi réir dhlí an Bhallstáit ar a ndíríonn an gnóthas sin a ghníomhaíochtaí.

⁸ Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hurghairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (IO 2009 L 110, lch. 30).

⁹ Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóiracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

¹⁰ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995, maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

Dar leis an gCúirt, ní mór Rialachán ‘an Róimh I’¹¹ agus ‘an Róimh II’¹² a léiriú sa chaoi nach mór an dlí is infheidhme maidir le caingean le haghaidh urghaire den sórt sin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán An Róimh II, ós rud é go mbaintear an bonn de chobhsaíocht an dlíchórais nuair a bhaintear úsáid as téarmaí éagóracha. Os a choinne sin, ní mór an dlí is infheidhme maidir le measúnú a dhéanamh ar an téarma conarthach atá i gceist a chinneadh de bhun Rialachán ‘an Róimh I’, cibé acu a dhéantar an measúnú sin i gcomhthéacs caingean aonair nó i gcomhthéacs caingean chomhchoiteann.

Is léir ó Airteagal 6(2) de Rialachán ‘an Róimh I’ go roghnaítear an dlí is infheidhme gan dochar do chur i bhfeidhm na bhforálacha sainordaitheacha arna leagan síos le dlí na tíre ina bhfuil cónaí ar na tomhaltóirí a ndéantar a leasanna a chosaint leis an gcaingean sin le haghaidh urghaire. Leis na forálacha sin d’fhéadfaí go n-áireofaí na forálacha lena dtrasuitear Treoir 93/13/CEE, ar choinníoll go n-áiríthítear leibhéal níos airde cosanta don tomhaltóir leo.

Dá bhrí sin, maidir le téarma nach ndearna é a chaibidliú ar leithligh, ar dá réir a rialaítear an Conradh arna thabhairt i gcrích go leictreonach le tomhaltóir le dlí an Bhallstáit ina bhfuil oifig chláraithe an trádálaí, tá an téarma sin éagórach de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CEE, a mhéid a chuirtear an tomhaltóir sin amú leis trína thabhairt le tuiscint dó nach bhfuil feidhm ach ag dlí an Stáit sin maidir leis an gconradh, gan a chur in iúl dó go bhfuil sé faoi chosaint fhorálacha sainordaitheacha an dlí a bheadh infheidhme in éagmais an téarma sin freisin.

Thairis sin, ní mór Airteagal 4(1)(a) de Threoir 95/46/CE a léiriú sa chaoi go rialaítear próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag gnóthas ríomhthráchtála le dlí an Bhallstáit ar a ndíríonn an gnóthas sin a ghníomhaíochtaí má tá sé bunaithe go ndéanann an gnóthas sin na sonraí lena mbaineann a phróiseáil i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí bunáochta atá suite sa Bhallstát sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar leibhéal chobhsaíocht na suiteála agus ar na gníomhaíochtaí sin a bheith á ndéanamh go hiarbhír sa Bhallstát sin.

Breithiúnas an 7 Nollaig 2010 (an Mór-Dhlísheomra), Pammer agus Alpenhof (C-585/08 agus C-144/09, [EU:C:2010:740](#))

Bhain cásanna uamtha *Pammer* agus *Alpenhof* le dhá shraith príomhimeachtaí a bhain le saincheisteanna a bhí cosúil lena chéile. In *Pammer*, thug tomhaltóir a raibh sainchónaí air san Ostair caingean i gcoinne cuideachta loingseoireachta, atá bunaithe sa Ghearmáin, maidir le haisíocaíocht phraghas an turais. Rinne an tomhaltóir sin gearán

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008, maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (I O 2008 L 177, lch. 6).

¹² Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II) (IO 2007 L 199, lch. 40).

nach raibh an long ná an turas ag teacht leis an gcur síos a tugadh ar shuíomh gréasáin na gníomhaireachta, atá bunaithe sa Ghearmáin freisin, a bhí mar idirghabhálaí agus turais den sórt sin á dtairiscint aici.

Mheas cúirt chéadchéime na hOstaire go raibh dlínse aici an cás a éisteacht. Os a choinne sin, d'hearbhaigh an chúirt achomhairc nach raibh dlínse ag cúirteanna na hOstaire. Sa cheist arna tarchur ag an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair) fiafraíodh cén chaoi ba cheart léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap de chonradh lena ndéantar taisteal agus cóiríocht a chomhcheangal ar phraghas socraithe de réir bhrí Airteagal 15(3), a bhfuil feidhm ag forálacha Roinn 4 de Chaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ¹³ ina leith. Ina theannta sin, bhí an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach an leor an fíoras gur tarraingíodh aird an tomhaltóra Ostarach ar an turas agus cuairt á tabhairt aige ar shuíomh gréasáin na gníomhaireachta idirghabhálaí, gan an turas a bheith curtha in áirithe trí mheán an idirlín, chun a bhunú go raibh dlínse ag cúirteanna na hOstaire.

Bhain an dara cás, *Alpenhof*, le caingean arna tabhairt ag cuideachta Ostarach, a raibh óstán á oibriú aici agus a hoifig chláráithe san Ostair aici, i gcoinne tomhaltóir a raibh sainchónaí air sa Ghearmáin maidir le sonrasc a íoc le haghaidh seirbhísí óstáin, arna chomhaontú trí mheán malartú ríomhphost ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na cuideachta ab iarratasóir. Rinne cúirteanna na hOstaire an chaingean a dhíbhe, agus mheas siad nach raibh dlínse acu.

Dar leis an gCúirt, le conradh a bhaineann le turas lastloinge, d'fhéadfaí go mbeadh conradh iompair i gceist lena ndéantar taisteal agus cóiríocht a chomhcheangal ar phraghas socraithe más rud é go mbaineann an turas sin, ar phraghas seasta, le cóiríocht freisin agus más faide an turas sin ná 24 uair an chloig.

Chun a chinneadh an féidir a mheas go bhfuil trádálaí, a gcuirtear a ghníomhaíocht i láthair ar a shuíomh gréasáin nó ar shuíomh gréasáin idirghabhálaí, ag déanamh a chuid gníomhaíochtaí 'a dhíriú' ar an mBallstát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir, ní mór a fháil amach an raibh sé beartaithe ag an trádálaí sin trádáil a dhéanamh le tomhaltóirí a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát amháin nó níos mó.

D'fhéadfadh na heilimintí seo a leanas, nach bhfuil uileghabhálach mar liosta, a bheith mar fhianaise go bhfuil gníomhaíocht an trádálaí dírithe ar an mBallstát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir, arb iad cineál idirnáisiúnta na gníomhaíochta, bealaí ó Bhallstáit eile a lua chun taisteal chuig an áit ina bhfuil an trádálaí bunaithe, úsáid a bhaint as teanga nó airgeadra seachas an teanga nó an t-airgeadra a úsáidtear go hiondúil sa Bhallstát ina bhfuil an trádálaí bunaithe agus an fhéidearthacht ann an áirithint a chur in áirithe agus a dheimhniú sa teanga eile sin. Os a choinne sin, ní leor díreach go bhfuil rochtain ar shuíomh gréasáin an trádálaí nó ar shuíomh gréasáin an

¹³ Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2001 L 12, Ith. 1).

idirghabhálaí sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir. Is fíor an méid sin freisin i gcás go luaitear seoladh ríomhphoist agus sonraí teagmhála eile nó úsáid a bhaint as teanga nó airgeadra a úsáidtear go hiondúil sa Bhallstát ina bhfuil an trádálaí bunaithe.

Breithiúnas a 6 Meán Fómhair 2012, Mühleitner (C-190/11, [EU:C:2012:542](#))

Bhain na príomhimeachtaí le díospóid idir an tomhaltóir, Daniela Mühleitner, a raibh sainchónaí uirthi san Ostair, agus díoltóirí gluaisteán a raibh sainchónaí orthu in Hamburg, an Ghearmáin, i ndáil le carr a cheannach. Tar éis gur tháinig sí ar a gcuid sonraí teagmhála ar a suíomh gréasáin, chuir Mühleitner glaoch ón Ostair ar na díoltóirí, agus fuair sí tairiscint trí ríomhphost ina dhiaidh sin Ostair. Is in áitreabh na ndíoltóirí sa Ghearmáin a tugadh an Conradh i gcrích áfach.

Ina dhiaidh sin, rinne an chúirt chéadchéime, Landesgericht Wels (an Chúirt Réigiúnach, Wels, an Ostair), an chaingean a dhíbhe ar an bhforas nach raibh dlínse aici. Dheimhnhigh Oberlandesgericht Linz (Ard-Chúirt Réigiúnach, Linz, an Ostair) an cinneadh sin agus í ag meabhrú nach leor suíomh gréasáin atá go hiomlán 'éighníomhach' chun teacht ar an gconclúid go bhfuil gníomhaíocht dírithe ar Stát an tomhaltóra. Thug Mühleitner achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair). D'fhiafraigh an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais an dtoimhdítear, agus Airteagal 15(1)(c) de Rialachán An Bhruiséil I ¹⁴ á chur i bhfeidhm, gur tugadh an Conradh idir an tomhaltóir agus an trádálaí i gcrích go cianda.

Chinn an Chúirt nach mór Airteagal 15(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear leis go dtabharfaí an Conradh idir an tomhaltóir agus an trádálaí i gcrích go cianda.

Ar an gcéad dul síos, san fhoráil sin ní dhearbhaítear go sainráite nach gcuirfí i bhfeidhm í ach ar choinníoll gur tugadh na conarthaí atá faoi réir a raon feidhme i gcrích go cianda. Ar an dara dul síos, maidir le léiriú teileolaíoch ar an bhforáil sin, dá gcuirfí isteach coinníoll maidir le conarthaí tomhaltóirí a thabhairt i gcrích go cianda, bheadh sé sin contrártha leis an gcuspoir atá á shaothrú leis an bhforáil sin, go háirithe an cuspoir maidir le tomhaltóirí a chosaint ós iad na páirtithe is laige sa chonradh. Ar an tríú dul síos, is é an coinníoll riachtanach atá infheidhme agus Airteagal 15(1)(c) den Rialachán le cur i bhfeidhm ná an coinníoll a bhaineann le gníomhaíocht tráchtála nó ghairmiúil atá dírithe ar an Stát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir. I ndáil leis sin, leis na fachtóirí lena léirítear go mbaineann an Conradh le gníomhaíocht den sórt sin, áirítear teagmháil

¹⁴ Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2001 L 12, Ith. 1).

a bhunú agus earraí nó seirbhísí a chur in áirithe ó chian nó, *a fortiori*, conradh tomhaltóra a thabhairt i gcrích ó chian.

Breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2013, Emrek (C-218/12, [EU:C:2013:666](#))

Bhí carr á lorg ag Lokman Emrek, a raibh sainchónaí air in Saarbrücken (an Ghearmáin), agus bhí sé curtha ar an eolas ag daoine a bhí ar a aithne faoi chuideachta Vlado Sabranovic. Bhí feithicilí athláimhe á ndíol ag gnóthas Vlado Sabranovic in Spicheren (an Fhrainc). Bhí suíomh gréasáin aige freisin ina raibh sonraí teagmhála a ghnóthais, agus uimhreacha teileafóin de chuid na Fraince agus uimhir fóin póca na Gearmáine san áireamh leo, i dteannta na gcód diailithe idirnáisiúnta faoi seach. Ní ón suíomh gréasáin a fuair Lokman Emrek amach faoin ngnóthas áfach. Dá bhrí sin, thug Lokman Emrek, ina cháil mar thomhaltóir, conradh i scríbhinn chun feithicil athláimhe a dhíol i gcrích le Vlado Sabranovic ag a áitreabh sin.

Ina dhiaidh sin, thug Lokman Emrek caingean faoina ráthaíocht i gcoinne Vlado Sabranovic os comhair Amtsgericht Saarbrücken (an Chúirt Dúiche, Saarbrücken, an Ghearmáin). Chinn an chúirt sin nach raibh dlínse aici. Rinne Lokman Emrek achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Landgericht Saarbrücken (an Chúirt Réigiúnach, Saarbrücken, an Ghearmáin). D'fhiafraigh an chúirt a rinne an tarchur, chun Airteagal 15(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 a chur i bhfeidhm, ar ghá go mbeadh nasc cúisíoch idir gníomhaíochtaí an trádálaí arna ndírú ar an mBallstát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir tríd an idirlíon agus conarthaí a thabhairt i gcrích.

Mheabhraigh an Chúirt go raibh sí tar éis, ina breithiúnas in *Pammer agus Alpenhof* (C-585/08 agus C-144/09), liosta neamh-uileghabhálach d'fhianaise a bhféadfadh cúirt náisiúnta í a úsáid chun a chinneadh an gcomhlíontar an coinníoll riachtanach maidir le gníomhaíocht tráchtála a dhírítear ar an mBallstát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir.

Chinn sí nach mór Airteagal 15(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear leis go mbeadh nasc cúisíoch idir an modh arna úsáid chun gníomhaíocht tráchtála nó ghairmiúil a dhírú ar an mBallstát ina bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir, eadhon suíomh gréasáin, agus an conradh a thabhairt i gcrích leis an tomhaltóir sin. Mar sin féin, más ann do nasc cúisíoch den sórt sin tá sé sin mar fhianaise ar an nasc idir an conradh agus gníomhaíocht den sórt.

Breithiúnas an 21 Bealtaine 2015, El Madjoub (C-322/14, [EU:C:2015:334](#))

Bhain an díospóid sna príomhimeachtaí le mótarfeithicil a dhíol trí shuíomh gréasáin. Sna coinníollacha ginearálta díolacháin a bhí ar fáil ar an suíomh gréasáin sin bhí comhaontú lenar tugadh dlínse do chúirt atá lonnaithe i mBallstát. Níor osclaíodh an fhuinneog ina raibh na coinníollacha ginearálta díolacháin sin go huathoibríoch tráth an

chlárúcháin ná nuair a tharla gach idirbheart ceannaigh. Bhí ar an gceannaitheoir tic a chur i mbosca sonracha chun glacadh leis na coinníollacha sin.

D'iarr Landgericht Krefeld (an Chúirt Réigiúnach, Krefeld, an Ghearmáin) ar an gCúirt a chinneadh an gcaitear amhras ar bhailíocht clásail dlínse má bhaintear úsáid as teicníc 'click-wrapping'.

Ar an gcéad dul síos, maidir le toiliú iarbhír na bpáirtithe leasmhara a áirithiú, atá mar cheann de chuspóirí Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001, chinn an Chúirt go raibh an ceannaitheoir lena mbaineann na príomhimeachtaí tar éis glacadh go sainráite leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhí i gceist trí thic a chur sa bhosca comhfhreagrach ar shuíomh gréasáin an díoltóra lena mbaineann. Ar an dara dul síos, chinn sí go leanann sé ó léiriú litriúil ar Airteagal 23(2) den Rialachán sin go gceanglaítear leis go mbeidh an 'fhéidearthacht' ann an comhaontú maidir le dlínse a thaifeadadh go buan, is cuma cé acu an ndearna nó nach ndearna an ceannaitheoir téacs na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ginearálta a thaifeadadh go buan tar éis nó sular chuir sé tic sa bhosca lena léirítear go nglacann sé leis na coinníollacha sin.

I ndáil leis sin, thug an Chúirt dá haire gurb é cuspóir na forála sin caitheamh le cineálacha áirithe de chumarsáid leictreonach amhail go raibh siad i bhfoirm scríofa, chun go mbeadh sé níos simplí conarthaí a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach, ós rud é go ndéantar an fhaisnéis lena mbaineann a chur in iúl freisin má tá sí ar fáil ar scáileán. Chun go bhféadfaí na ráthaíochtaí céanna a sholáthar le cumarsáid leictreonach, go háirithe maidir le fianaise, is leor 'go bhféadfaí' an fhaisnéis a shábháil agus a phriontáil sula dtugtar an Conradh i gcrích. Dá bhrí sin, ós rud é gur féidir téacs na gcoinníollacha ginearálta a thuiscint agus a chosaint sula dtugtar an Conradh i gcrích faoin teicníc 'click-wrap', más rud é nach n-osclaítear an leathanach gréasáin ina bhfuil na coinníollacha sin go huathoibríoch nuair a chláraítear ar an suíomh gréasáin agus nuair a tharlaíonn gach idirbheart ceannaigh, ní fhéadfaí amhras a chaitheamh ar bhailíocht an chomhaontaithe dlínse leis sin. Dá bhrí sin, is ionann an teicníc 'click-wrap' agus cumarsáid trí mheán leictreonach de réir bhrí Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001.

Breithiúnas an 25 Eanáir 2018, Schrems (C-498/16, [EU:C:2018:37](#))

Bhí Maximilian Schrems ina úsáideoir príobháideach ar líonra sóisialta Facebook ó 2008 ar aghaidh. Thionscain sé comhchaingne i gcoinne chuideachta Facebook Ireland Limited. Ina theannta sin, in 2011, d'oscail sé leathanach Facebook arna chlárú agus arna bhunú aige féin, chun úsáideoirí idirlín a chur ar an eolas maidir lena chaingean. Bhunaigh sé eagraíocht neamhbhrabúsach, a bhí beartaithe chun an ceart bunúsach chun cosaint sonraí a neartú agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil i dtaobh thriailchásanna.

I gcomhthéacs imeachtaí idir Maximilian Schrems agus Facebook Ireland Limited, a bhain le hiarrataí ar dhearbhuíthe, ar urghaire, ar ordú um nochtadh, agus ar thuiriscíú

ar chuntais Facebook, cheistigh an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair) an gá léiriú a dhéanamh ar Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 sa chaoi go gcailleann duine a stádas mar thomhaltóir más rud é, tar éis dó cuntas príobháideach Facebook a úsáid ar feadh roinnt blianta, go bhfoilsíonn sé leabhair, go bhfaigheann sé táillí as leachtanna arna dtabhairt aige nó go mbainistíonn sé suíomhanna gréasáin. D'fhiafraigh an chúirt a rinne an tarchur freisin an bhfuil Airteagal 16 den Rialachán sin le léiriú sa chaoi go bhféadfaidh tomhaltóir a chearta féin i gconradh tomhaltóra a dhearbhu ag an am céanna le cearta comhchosúla tomhaltóirí eile a bhfuil sainchónaí orthu sa Bhallstát céanna, i mBallstát eile nó i dtríú Stát.

Shoiléirigh an Chúirt nach mór an coincheap 'tomhaltóir' a léiriú go neamhspleách agus go sriantach. Chun a chinneadh an bhfuil feidhm ag Airteagal 15, ní mór go mbeadh an conradh sin tugtha i gcrích idir na páirtithe chun úsáid a bhaint as na hearraí nó na seirbhíse lena mbaineann nach úsáid ghairmiúil í. Maidir le duine a thugann conradh i gcrích le haghaidh úsáid a bhaineann go páirteach lena ghníomhaíocht ghairmiúil, bheadh an nasc sin le ghníomhaíocht ghairmiúil an duine lena mbaineann chomh beag sin nach mbeadh aige ach ról diomaibhseach i gcomhthéacs an idirbhirt.

Ina dhiaidh sin, thug an Chúirt dá haire nach gcosnaítear an tomhaltóir ach amháin más iarratasóir nó cosantóir é féin in imeachtaí. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh iarratasóir nach bhfuil ina pháirtí sa chonradh tomhaltóra atá i gceist tairbhe a bhaint as dlínse i dtaobh conarthaí tomhaltóra. Ní mór na breithnithe sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le tomhaltóir ar a sannadh cearta tomhaltóirí eile. Tugtar le tuiscint go riachtanach le hAirteagal 16(1) go bhfuil conradh tugtha i gcrích ag an tomhaltóir leis an díoltóir nó leis an soláthróir atá i gceist.

Thairis sin, ní fhéadfadh tionchar a bheith ag sannadh éileamh ann féin ar an gcinneadh maidir le cén chúirt a bhfuil dlínse aici. Dá bhrí sin, ní féidir dlínse na gcúirteanna a shuíomh trí roinnt cearta a chomhchruinniú le hiarratasóir amháin. Níl feidhm ag an Rialachán sin maidir le caingean ó thomhaltóir amhail an chaingean sa chás seo.

3. Cosaint tomhaltóirí

Breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2008, Bundesverband der Verbraucherzentralen (C-298/07, [EU:C:2008:572](#))

Bhí seirbhísí DIV, cuideachta mótarárachais, á dtairgeadh go heisiach aige ar an idirlíon. Ar a chuid leathanaigh gréasáin, luaigh sé a sheoladh poist agus a sheoladh ríomhphoist, ach níor luaigh sé a uimhir theileafóin. Níor nochtadh a uimhir theileafóin go dtí go raibh conradh árachais tugtha i gcrích. Bhí an deis ag daoine a chuir spéis i seirbhísí DIV ceisteanna a chur trí úsáid a bhaint as foirm teagmhála idirlín, agus freagraí uirthi sin á gcur in iúl trí ríomhphost. Mheas an Bundesverband der

Verbraucherzentralen (Cónaidhm Chomhlachais Tomhaltóirí na Gearmáine), áfach, go raibh sé de cheangal ar DIV a uimhir theileafóin a lua ar a shuíomh gréasáin. Dar leis sin, b'ín é an t-aon bhealach amháin é chun cumarsáid dhíreach a áirithiú.

Ina dhiaidh sin, chinn an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin) fiafraigh den Chúirt Bhreithiúnais an gceanglaítear le hAirteagal 5(1)(c) de Threoir 2000/31/CE ¹⁵ go gcuirfí uimhir theileafóin in iúl.

Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór Airteagal 5(1)(c) de Threoir 2000/31/CE a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar an soláthraí seirbhíse faisnéis eile a sholáthar d'fhaighteoirí na seirbhíse lena gcuirfí ar a gcumas dul i dteagmháil go tapa agus cumarsáid dhíreach éifeachtach a dhéanamh le soláthróir na seirbhíse, sula dtabharfaí Conradh i gcrích leo, i dteannta a sheolta ríomhphoist.

Ní gá go mbeadh an fhaisnéis sin i bhfoirm uimhir theileafóin. D'fhéadfaí go mbeadh sí i gceist le foirm teagmhála leictreonach, trína bhféadfadh faighteoirí na seirbhíse dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse tríd an idirlíon agus freagra á thabhairt aige sin uirthi trí ríomhphost, seachas i gcásanna ina n-iarrann faighteoir na seirbhíse, atá gan rochtain ar an líonra leictreonach tar éis dó teagmháil a dhéanamh go leictreonach leis an soláthraí seirbhíse, ar sholáthraí na seirbhíse rochtain a thabhairt dó ar mhodh cumarsáide eile nach bhfuil leictreonach.

Breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2009, Messner (C-489/07, [EU:C:2009:502](#))

Tharraing tomhaltóir Gearmánach darbh ainm Messner siar ó ríomhaire glúine a cheannach tríd an idirlíon. Bhí sé diúltaithe ag díoltóir an ríomhaire fabht a tháinig chun cinn 8 mí tar éis an cheannaigh a dheisiú saor in aisce. Ina dhiaidh sin, chuir Messner in iúl go raibh an Conradh díolacháin á chúlghairm aici agus d'ofráil sí an ríomhaire glúine a chur ar ais chuig an díoltóir dá ndéanfaí an praghas ceannaigh a aisíoc léi. Rinneadh an chúlghairm sin laistigh de na teorainneacha ama arna leagan síos ag an Bürgerliches Gesetzbuch (Cód Sibhialta na Gearmáine) a mhéid nach bhfuair Messner fógra éifeachtach dá bhforáiltear leis an gCód sin chun tús a chur leis an tréimhse chúlghairme. D'éiligh Messner aisíocaíocht EUR 278 ó Amtsgericht Lahr (an Chúirt Dúiche, Lahr, an Ghearmáin). Chuir an díoltóir i gcoinne an éilimh sin, agus é á rá aige go raibh ar an tomhaltóir cúiteamh a íoc dó in aon chás a bheadh chomhfhreagrach do bheagnach ocht mí iomlán d'úsáid arna baint as an ríomhaire glúine.

Ina breithiúnas, thug an Chúirt dá haire nár mhór forálacha an dara habairt d'Airteagal 6(1) agus (2) de Threoir 97/7/CE ¹⁶ a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar

¹⁵ Treoir 2000/31/CE maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (IO 2000 L 178, lch. 1).

¹⁶ Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 1997 maidir le tomhaltóirí a chosaint i leith cianchonarthaí (IO 1997 L 144, lch. 19).

fhoráil den reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go ginearálta go bhféadfaidh díoltóir cúiteamh a éileamh ón tomhaltóir as úsáid earra a fuarthas faoi chianchonradh i gcás inar fheidhmigh an tomhaltóir a cheart chun tarraingt siar laistigh de na teorainneacha ama.

Dá mbeadh ar an tomhaltóir cúiteamh den sórt sin a íoc díreach toisc go raibh an deis aige na hearraí a úsáid nuair a bhí siad ina sheilbh aige, ní fhéadfadh sé a cheart chun tarraingt siar a fheidhmiú gan an cúiteamh sin a íoc. Bheadh iarmhairt den sórt sin ag teacht salach ar fhocláíocht agus ar chuspóir an dara habairt d'Airteagal 6(1) agus (2) de Threoir 97/7/CE agus bhainfí an deis den tomhaltóir, go háirithe, saorúsáid neamhspleách a bhaint as an tréimhse mhachnaimh a thugtar dó leis an Treoir sin.

Ar an gcaoi chéanna, chaithfí amhras ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chirt chun tarraingt siar dá gceanglófaí ar an tomhaltóir cúiteamh a íoc díreach toisc go raibh scrúdú agus tástáil ar na hearraí déanta aige. Sa mhéid go bhfuil an ceart sin beartaithe go díreach chun an deis céanna sin a thabhairt don tomhaltóir, ní fhéadfaí go mbeadh sé de thoradh ar úsáid an chirt sin nach féidir leis an tomhaltóir an ceart sin a fheidhmiú ach ar choinníoll go n-íocann sé cúiteamh.

Ní fhágann na forálacha sin nach féidir é a chur de cheangal ar an tomhaltóir cúiteamh a íoc as úsáid na n-earraí i gcás inar bhain an tomhaltóir úsáid as an earra sin ar bhealach atá ar neamhréir le prionsabail an dlí shibhialta, amhail prionsabail an mheoin mhacánta nó an tsaibhrithe éagóraigh, ar choinníoll nach mbaintear an bonn de chuspóir na Treorach sin agus, go háirithe, d'éifeachtacht agus d'éifeachtúlacht an chirt chun tarraingt siar, rud a bheidh le cinneadh ag an gcúirt náisiúnta.

Breithiúnas an 15 Aibreán 2010, Heinrich Heine (C-511/08, [EU:C:2010:189](#))

Rinne gnóthas postdíola, Heinrich Heine, foráil ina théarmaí agus coinníollacha ginearálta díolacháin go n-íocfadh an tomhaltóir táille ar ráta socraithe EUR 4.95 as seachadadh. Ní dhéanfadh an soláthróir an tsuim sin a aisíoc fiú dá mba rud é gur fheidhmigh an tomhaltóir a cheart chun tarraingt siar. Thionscain Verbraucherzentrale Nordrhein-Westfalen, comhlachas tomhaltóirí Gearmánach, caingean i gcoinne Heinrich Heine chun deireadh a chur leis an gcleachtas sin, agus é a rá aige, i gcás tarraingt siar, nár cheart costais an tseachadta a chur i leith an tomhaltóra. Dar leis an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), faoi dhlí na Gearmáine ní thugtar aon cheart go sainráite don cheannaitheoir aisíocaíocht a fháil ar na costais a bhaineann le seachadadh na n-earraí arna n-ordú. Ós rud é go raibh amhras uirthi faoi chomhréireacht idir na costais a bhaineann le hearraí a sheachadadh a chur i leith an tomhaltóra fiú nuair a d'fheidhmigh an tomhaltóir a cheart chun

tarraingt siar agus Treoir 97/7/CE, ¹⁷ d'iarr an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar an Treoir sin.

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt nach mór an dara habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) agus (2) de Threoir 97/7/CE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear don soláthróir faoi conradh arna thabhairt i gcrích go cianda na costais a bhaineann le seachadadh na n-earraí a chur i leith an tomhaltóra i gcás ina bhfeidhmíonn an tomhaltóir a cheart chun tarraingt siar.

Ní údaraítear leis na forálacha sin don soláthróir ach na costais díreacha a bhaineann leis na hearraí a chur ar ais a chur i leith an tomhaltóra, i gcás go bhfeidhmíonn sé a cheart chun tarraingt siar. Dá mbeadh ar an tomhaltóir costais an tseachadta a íoc freisin, bheadh táille den sórt sin, lena bhféadfaí an tomhaltóir a dhíspreagadh óna cheart chun tarraingt siar a fheidhmiú, contrártha le cuspóir Airteagal 6.

Ina theannta sin, dá ngearrfaí táill den sórt sin orthu chuirfí isteach ar leithdháileadh cothrom na rioscaí idir na páirtithe i gconarthaí a thugtar i gcrích go cianda, trína chur de cheangal ar an tomhaltóir na costais go léir a bhaineann le hiompar na n-earraí a íoc.

Breithiúnas an 6 Iúil 2017, Air Berlin (C-290/16, [EU:C:2017:523](#))

Thug aerlíne Ghearmánach Air Berlin clásal isteach ina théarmaí agus coinníollacha ginearálta díolacháin inar sonraíodh i gcás gur chuir paisinéir a áirithint d'eitilt ar an ráta eacnamaíoch ar fionraí nó nár tháinig sé nó sí ar bord eitilt den sórt sin, go ngearrfaí EUR 25 air nó uirthi i leith na gcostas próiseála ar an tsuim a bhí le haisíoc leis. Mheas an Bundesverband der Verbraucherzentralen (Cónaidhm Chomhlachais Tomhaltóirí na Gearmáine) go raibh an clásal sin ar neamhní faoi dhlí na Gearmáine, toisc gur cuireadh custaiméirí faoi mhíbhuntáiste míchuí leis. Thairis sin, ní fhéadfadh Air Berlin costais ar leithligh a ghearradh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, thug an Bundesverband caingean le haghaidh urghaire os comhair chúirteanna na Gearmáine i gcoinne Air Berlin.

Mar chuid den chaingean chéanna, chuir an Bundesverband i gcoinne chleachtais Air Berlin maidir le praghsanna a thaispeáint ar a shuíomh gréasáin. Agus ionsamhlúchán á dhéanamh ar áirithint ar líne in 2010, fuair an Bundesverband amach gur lú i bhfad na táillí agus na muirir arna lua ná na táillí agus na muirir arna ngearradh go hiarbhír ag na haerfoirt lena mbaineann. Mheas an Bundesverband go bhféadfadh tomhaltóir a bheith curtha ar strae mar gheall ar an gcleachtas sin an agus go raibh sé contrártha do na rialacha maidir le trédhearcacht praghsanna arna leagan síos i Rialachán an Aontais

¹⁷ Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 1997 maidir le tomhaltóirí a chosaint i leith cianconarthaí (IO 1997 L 144, Ith. 19)

maidir le haersheirbhísí a oibriú.¹⁸ D'fhiafraigh an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin) den Chúirt, ar an gcéad dul síos, an gá Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 a léiriú sa chaoi, agus a dtáillí aeir á bhfoilsíú acu, nach mór d'aeriompróirí méid iarbhír na dtáillí a shonrú agus, dá bhrí sin, nach féidir leo na táillí sin a áireamh go páirteach ina dtáillí aeir agus, ar an dara dul síos, an gcuirtear cosc leis an Rialachán sin ar chur i bhfeidhm dlí náisiúnta maidir le coinníollacha agus téarmaí ginearálta díolacháin, atá bunaithe ar dhlí an Aontais, lena bhforáiltear nach féidir táillí próiseála ar leithligh a ghearradh ar chustaiméirí nach dtagann ar bhord eitilt nó a chuir a n-áirithint ar ceal.

D'fhreagair an Chúirt nach mór an tríú habairt d'Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 a léiriú sa chaoi, agus a dtáillí aeir á bhfoilsíú acu, nach mór d'aeriompróirí na méideanna atá dlite do chustaiméirí i leith cánacha, muirir aerfoirt agus táillí eile, dá dtagraítear sa Rialachán sin, a shonrú ar leithligh. Ina theannta sin, ní féidir leo, fiú i bpáirt, na heilimintí sin a áireamh i dtáillí aeir. Is é is aidhm d'Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, *inter alia*, faisnéis agus trédhearcacht a áirithiú maidir le praghsanna aersheirbhísí ó aerfort atá lonnaithe i gcríoch Ballstáit agus a áirithiú ar an gcaoi sin go n-áiritheofaí go gcosnófaí an custaiméir a úsáideann na seirbhísí sin. Thairis sin, d'fhéadfaí go mbainfí aon éifeacht úsáideach den fhoráil sin dá ndéanfaí léiriú difriúil.

Ní mór Airteagal 22(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc i bhfeidhm leis amhail nach féidir dlí náisiúnta lena dtrasúitear Treoir 93/13/CEE a chur i bhfeidhm sa chaoi go ndearbhófaí go bhfuil clásal atá i dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta díolacháin ar neamhní lena gceadaítear táillí próiseála ar leithligh ar ráta socraithe a ghearradh ar chustaiméirí nár tháinig ar bord eitilt nó a chuir a n-áirithint ar ceal. I ndáil leis sin, measann an Chúirt go bhfuil feidhm freisin ag na rialacha ginearálta lena gcosnaítear tomhaltóirí ar théarmaí éagóracha maidir le conarthaí aeriompair.

Dá bhrí sin, sa chúigiú haithris i Rialachán (CEE) Uimh. 2409/92, arna aisghairm le Rialachán Uimh. 1008/2008, luadh 'gur cheart saorshocrú taraifí a fhorlíonadh le forálacha iomchuí chun leasanna tomhaltóirí agus na tionsclaíochta a chosaint'.
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Breithiúnas an 10 Iúil 2019, Amazon EU (C-649/17, [EU:C:2019:576](#))

Déanann Amazon EU Sàrl, atá bunaithe i Lucsamburg, táirgí éagsúla a dhíol ar líne. Sna príomhimeachtaí, thug Aontas Chónaidhme na Gearmáine um Údaráis agus Comhlachais Tomhaltóirí ('an tAontas Chónaidhme') caingean os comhair cúirt réigiúnach

¹⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO 2008 L 293, I ch. 3)

le haghaidh urghaire i leith chleachtais Amazon EU maidir le faisnéis a thaispeáint ar a shuíomh gréasáin www.amazon.de agus deiseanna do thomhaltóirí teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta sin. Ós rud é go ndearna an Chúirt sin an chaingean sin a dhíbhe, rinne an tAontas Cónaidhme achomharc os comhair cúirt réigiúnach uachtarach agus rinneadh an t-achomharc sin a dhíbhe freisin. Sna himthosca sin, rinne an tAontas Cónaidhme achomharc ar phointe dlí a thabhairt os comhair na cúirte a rinne an tarchur, an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin).

Bhain an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 6(1)(c) de Threoir 2011/83/AE.¹⁹

Ar an gcéad dul síos, mheabhraigh an Chúirt go bhfuil buntábhacht ag gabháil leis an bhféidearthacht don tomhaltóir dul i dteagmháil leis an trádálaí go tapa agus cumarsáid a dhéanamh leis go héifeachtach, dá bhforáiltear san fhoráil sin, chun cearta an tomhaltóra a chosaint agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus, go háirithe, an ceart chun tarraingt siar a leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir lena fheidhmiú in Airteagal 9 go 16 den Treoir sin. Mar sin féin, agus an fhoráil sin á léiriú, ní mór cothromaíocht chóir a bhaint amach idir ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus iomaíochas gnóthas, mar a luaitear in aithris 4 de Threoir 2011/83/AE, agus saoirse an ghnóthaí chun gnó a sheoladh á hurramú ag an am céanna, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

Chinn an Chúirt gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé a mheas, ag féachaint do na himthosca go léir ina dtéann an tomhaltóir i dteagmháil leis an trádálaí trí shuíomh gréasáin agus ag féachaint go háirithe do chur i láthair agus d'fheidhmiúlacht an tsuímh sin, an gcuirtear ar chumas an tomhaltóra leis na modhanna cumarsáide a chuireann an trádálaí sin ar fáil don tomhaltóir sin dul i dteagmháil leis an trádálaí go tapa agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) de Threoir 2011/83/AE.

I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl gur cosúil go mbeadh sé díréireach oibleagáid neamhchoinníollach a fhorchur uimhir theileafóin a chur ar fáil don tomhaltóir i ngach cás, nó fiú líne theileafóin nó facs a chur ar fáil, nó seoladh ríomhphoist nua a chruthú chun cur ar chumas tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh leis an trádálaí.

Chinn an Chúirt, dá bhrí sin, gur cheart na focail 'i gcás go bhfuil siad ar fáil' in Airteagal 6(1)(c) de Threoir 2011/83/AE a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leo cásanna ina bhfuil uimhir theileafóin nó facs ag an trádálaí agus nach n-úsáideann sé iad ach chun teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí. Ina éagmais sin, leis an bhforáil sin ní cheanglaítear ar thrádálaithe an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin uimhir theileafóin sin, nó líne theileafóin nó facs a chur ar fáil fiú, ná seoladh ríomhphoist nua a chruthú chun go mbeadh tomhaltóirí in ann teagmháil a dhéanamh leis.

¹⁹ Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

Ar an dara dul síos, agus scrúdú á dhéanamh aici lena bhfáil amach an bhféadfaidh an trádálaí sin, in imthosca amhail imthosca an cháis sna príomhimeachtaí, leas a bhaint as modhanna cumarsáide nach luaitear in Airteagal 6(1)(c) de Threoir 2011/83/AE, amhail córas teachtaireachtaí meandracha nó córas teileafóin chun glaoch a chur ar ais, chinn an Chúirt nach mór Airteagal 6(1)(c) de Threoir 2011/83/AE a léiriú sa chaoi, cé go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar an trádálaí modh cumarsáide a chur ar fáil don tomhaltóir lena bhféadfaí na critéir maidir le cumarsáid dhíreach éifeachtach a chomhlíonadh, nach gcuirtear cosc léi ar na trádálaithe modhanna cumarsáide seachas na modhanna a liostaítear san fhoráil sin a sholáthar chun na critéir sin a chomhlíonadh.

4. Sonraí pearsanta a chosaint

Breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2015, Weltimmo (C-230/14, [EU:C:2015:639](#))

Bhí suíomh gréasáin d'fhógraí réadmhaoine maidir le maoin atá lonnaithe san Ungáir á oibriú ag Weltimmo, cuideachta atá cláraithe sa tSlóvaic. Sa chomhthéacs sin, rinne sé sonraí pearsanta na bhfógróirí a phróiseáil. Foilsíodh na fógraí saor in aisce ar feadh mí amháin ach níor mhór táille a íoc i ndiaidh na tréimhse sin. Is iomaí fógróirí a d'iarr, trí ríomhphost, go mbainfí a bhfógraí den suíomh tar éis na chéad mhíosa agus go scriosfaí a sonraí pearsanta. Níor scrios Weltimmo na sonraí sin, áfach, agus ghearr sé praghas a sheirbhísí ar na daoine lena mbaineann. Ós rud é nár íocadh na suimeanna arna sonrascadh, chuir Weltimmo sonraí pearsanta na bhfógróirí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí aisghabhála. Rinne fógróirí gearán le húdarás na hUngáire um chosaint sonraí. Ghearr an Coimisiún féineáil 10 milliún Forint na hUngáire (HUF) (thart ar EUR 32 000) ar Weltimmo as sárú a dhéanamh ar dhlí na hUngáire lena dtrasúitear Treoir 95/46/CE.²⁰

Ansin, rinne Weltimmo agóid i gcoinne chinneadh an údaráis maoirseachta os comhair chúirteanna na hUngáire. D'iarr an Kúria (an Chúirt Uachtarach, an Ungáir) ar an gCúirt Bhreithiúnais an gceadaítear leis an Treoir sin d'údarás maoirseachta na hUngáire dlí na hUngáire arna ghlacadh ar bhonn na Treorach a chur i bhfeidhm agus an fhíneáil dá bhforáiltear leis an dlí sin a fhorchur.

Mheabhraigh an Chúirt go n-eascaíonn tuiscint sholúbtha ar an gcoincheap 'bunaíocht' as aithris 19 de Threoir 95/46/CE. Dá bhrí sin, chun a chinneadh an bhfuil bunaíocht ag cuideachta, atá freagrach as próiseáil sonraí, i mBallstát seachas an Ballstát nó an tríú tír ina bhfuil sí cláraithe, ní mór measúnú a dhéanamh ar leibhéal chobhsaíochta na suiteála

²⁰ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

agus ar fheidhmiú iarbhír na gníomhaíochtaí sa Bhallstát eile sin. Tá feidhm ag an méid sin go háirithe maidir le gnóthais nach dhéanann seirbhísí a thairiscint ach ar an idirlíon.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní mór Airteagal 4(1)(a) de Threoir 95/46/CE a léiriú sa chaoi go gceadaítear leis reachtaíocht de chuid Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil rialaitheoir na sonraí sin cláraithe, a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint, a chur i bhfeidhm ar choinníoll go ndéanann an Ballstát sin, trí bhíthin socraithe seasmhacha i gcríoch an Bhallstáit sin, gníomhaíocht iarbhír éifeachtach. Os a choinne sin, ní bhaineann an cheist maidir le náisiúntacht na ndaoine lena mbaineann an phróiseáil sonraí sin le hábhar.

I gcás ina dtiocfaidh údarás maoirseachta Ballstáit ar an gconclúid nach é dlí an Bhallstáit sin an dlí is infheidhme ach dlí Ballstáit eile, ní mór Airteagal 28(1), (3) agus (6) den Treoir sin a léiriú sa chaoi nach bhféadfadh an t-údarás maoirseachta sin na cumhachtaí idirghabhála éifeachtacha a fheidhmiú. Dá réir sin, ní fhéadfaidh sé pionóis a fhorchur ar bhonn dhlí a Bhallstáit féin ar rialaitheoir na sonraí sin nach bhfuil bunaithe ar chríoch a Bhallstáit féin. Leanann sé ó na ceanglais a eascraíonn as ceannasacht chríochach an Bhallstáit lena mbaineann, as prionsabal na dlíthiúlachta agus as coincheap an smachta reachta nach bhféadfadh an chumhacht chun pionós a ghearradh a fheidhmiú, i bprionsabal, lasmuigh de na teorainneacha dlíthiúla ina bhfuil údarás riaracháin i dteideal gníomhú, i gcomhréir le dlí a Bhallstáit.

Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015 (an Mór-Dhlísheomra), Schrems (C-362/14, [EU:C:2015:650](#))

Bhí Maximillian Schrems, saoránach de chuid na hOstaire, ag baint úsáid as Facebook ó 2008 i leith. Rinneadh sonraí arna gcur ar fáil do Facebook ag Maximillian Schrems a aistriú go hiomlán nó go páirteach ó fhochuideachta Facebook na hÉireann go freastalaithe a bhí lonnaithe i gcríoch na Stát Aontaithe, áit a próiseáladh iad. Chuir Maximillian Schrems gearán faoi bhráid CCS, agus é den tuairim, i bhfianaise an méid arna nochtadh ag Edward Snowden in 2013 maidir le gníomhaíochtaí sheirbhísí faisnéise na Stát Aontaithe (go háirithe an National Security Agency nó 'NSA'), nár tugadh cosaint leordhóthanach le dlí agus cleachtais na Stát Aontaithe i gcoinne mhaoirseacht na n-údarás poiblí ar shonraí a aistríodh chuig an tír sin. Dhiúltaigh an CCS don ghearán ar an bhforas, *inter alia*, gur mheas an Coimisiún, i gCinneadh 2000/520/CE,²¹ faoin scéim maidir le cuain shábháilte mar a thugtar air, gur áirithigh na Stáit Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta do na sonraí pearsanta a aistríodh.

Agus an cás sin os a comhair, bhí an Ard-Chúirt (Éire) ag iarraidh a fháil amach an raibh sé d'éifeacht ag an gcinneadh sin ón gCoimisiún gur cuireadh cosc ar údarás

²¹ Cinneadh 2000/520/CE ón gCoimisiún i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábharthacht na cosanta a thugtar leis na prionsabail phríobháideachais maidir le cuain shábháilte agus leis na ceistanna coitianta gaolmhara arna bhfoilsíú ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe (IO 2000 L 215, Ich. 7).

mairseachta náisiúnta imscrúdú a dhéanamh ar ghearán ina líomhnaítear nach n-áirithíonn tríú tír leibhéal leordhóthanach cosanta agus an t-aistriú sonraí atá faoi chonspóid a chur ar fionraí más gá.

D'fhreagair an Chúirt gurb ionann an oibríocht ina ndéantar sonraí pearsanta a aistriú ó Bhallstát chuig tríú tír agus próiseáil ar shonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 2(b) de Threoir 95/46/CE,²² a dhéantar ar chríoch Ballstáit. Dá bhrí sin, tá sé de chumhacht ag na húdaráis náisiúnta a fhíorú an gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos le Treoir 95/46 le haistriú sonraí pearsanta óna mBallstát féin chuig tríú tír.

Dá bhrí sin, go dtí go ndéanfadh an Chúirt – arb í an t-aon eintiteas a bhfuil dlínse aige chun a dhearbhu go bhfuil gníomh de chuid an Aontais neamhbhailí - dearbhú go bhfuil cinneadh an Choimisiúin neamhbhailí, ní fhéadfaidh na Ballstáit agus a gcomhlachtaí bearta a ghlacadh a bheadh contrártha leis an gcinneadh sin, amhail gníomhartha atá beartaithe chun a chinneadh le héifeacht cheangailteach nach n-áirithíonn an tríú tír lena mbaineann an cinneadh sin leibhéal leordhóthanach cosanta. I gcás ina gcinneann údarás mairseachta go bhfuil an fhianaise a cuireadh ar aghaidh mar thaca le héileamh a bhaineann le cearta agus saoirsí a chosaint i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta sin gan bhunús agus go ndéanann sé é a dhíbhe, dá bhrí sin, ní mór rochtain a bheith ag an duine a thaisc an iarraidh sin ar leigheasanna breithiúnacha lena gcuirtear ar a chumas agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh den sórt sin lena ndéantar dochar dó os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Ina mhalairt cás, nuair a mheasann an t-údarás sin go bhfuil bunús láidir leis na hagóidí a rinne an duine a thaisc iarraidh den sórt sin, ní mór go mbeadh an t-údarás sin in ann imeachtaí dlí a thionscnamh, i gcomhréir leis an tríú fleasc den chéad fhomhír d'Airteagal 28(3) de Threoir 95/46/CE, arna léamh go háirithe i bhfianaise Airteagal 8(3) den Chairt.

Maidir le hAirteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE, arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas: ní chuirtear cosc le cinneadh arna ghlacadh faoin bhforáil sin, lena gcinneann an Coimisiún go n-áirithíonn tríú tír leibhéal leordhóthanach cosanta, ar údarás mairseachta Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar iarraidh duine a bhaineann le cosaint a chearta agus a shaoirsí i ndáil le próiseáil ar shonraí pearsanta arna n-aistriú ó Bhallstát chuig an tríú tír ina maíonn an duine sin nach n-áirithítear leibhéal leordhóthanach cosanta leis an dlí agus leis na cleachtais atá i bhfeidhm inti.

Ní mór a thuiscint go gceanglaítear leis an téarma 'leibhéal leordhóthanach cosanta' in Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE go n-áiritheoidh an tríú tír sin go hiarbhír, mar gheall ar a reachtaíocht náisiúnta nó a gealltanais idirnáisiúnta, leibhéal cosanta do chearta agus saoirsí bunúsacha atá coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a ráthaítear

²² Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

laistigh den Aontas faoin Treoir sin, arna léamh i bhfianaise na Cairte. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Níl feidhm ag na prionsabail phríobháideachais maidir le cuain shábháilte ach maidir le heagraíochtaí féindeimhnithe de chuid na Stát Aontaithe a fhaigheann sonraí pearsanta ón Aontas Eorpach, agus níl ar údaráis phoiblí na Stát Aontaithe na prionsabail sin a chomhlíonadh. Ina theannta sin, faoi Chinneadh 2000/520/CE ceadáítear ar bhonn na gceanglas a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta agus le leas an phobail nó ar bhonn reachtaíocht inmheánach na Stát Aontaithe cur isteach ar chearta bunúsacha na ndaoine a n-aistrítear a sonraí pearsanta ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe nó a bhféadfaí a sonraí a aistriú ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe, gan aon chinneadh a bheith ann maidir le rialacha a bheith glactha sna Stáit Aontaithe a bheadh beartaithe chun aon chur isteach ar na cearta sin a theorannú agus gan tagairt a dhéanamh do chosaint dhlíthiúil éifeachtach a bheith ann ar chur isteach den sórt sin.

Thairis sin, chuaigh an Coimisiún lasmuigh den inniúlacht a thugtar dó le hAirteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE, arna léamh i bhfianaise na Cairte, trí Airteagal 3 de Chinneadh 2000/520/CE a ghlacadh, atá neamhbhailí dá bhrí sin.

Breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2019, Planet49 (an Mór-Dhlísheomra) (C-673/17, [EU:C:2019:801](#))

Cuideachta is ea Planet49 a eagraíonn crannchur bolscaireachta ar an suíomh gréasáin www.dein-macbook.de. Chun páirt a ghlacadh ann, b'éigean d'úsáideoirí idirlín a n-ainmneacha agus a seoltaí a chur in iúl ar leathanach gréasáin ina raibh ticbhoscaí. Mar réamhshocrú, bhí tic curtha sa bhosca chun cead a thabhairt fianáin a shuiteáil.

Agus caingean os a comhair arna tabhairt ag Cónaidhm Chomhlachais Tomhaltóirí na Gearmáine, bhí amhras ar an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin) faoi bhailíocht thoiliú na n-úsáideoirí a fuarthas tríd an mbosca réamhshocraithe agus faoi raon na hoibleagáide atá ar an soláthraí seirbhíse faisnéis a sholáthar.

Bhain an iarraidh ar réamhrialú go bunúsach le léiriú ar an gcoincheap 'toiliú' dá dtagraítear sa Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i gcomhar le Treoir 95/46/CE, agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Ar an gcéad dul síos, thug an Chúirt dá haire go ndéantar toiliú a shainmhíniú in Airteagal 2(h) de Threoir 95/46/CE, dá dtagraítear in Airteagal 2(f) den Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach, mar 'aon chur in iúl atá sonrath, feasach a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi'. Thug sí dá haire gur léir go mbaineann an ceanglas maidir le 'cur in iúl' ar mhianta an ábhair sonraí le hiompar gníomhach seachas éighníomhach. Ní hionann toiliú a thugtar trí bhosca réamhshocraithe agus iompar gníomhach ó úsáideoir ar shuíomh gréasáin. Ina

theannta sin, tugtar le fios le stair reachtach Airteagal 5(3) den Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach lena bhforáiltear, ó leasáid é le Treoir 2009/136, nach mór go mbeadh 'toiliú sainráite tugtha' ag úsáideoir maidir le stóráil fianán, rud nach a thiomhdiú agus nach mór a bheith mar thoradh ar iompar gníomhach an úsáideora. Ar deireadh, tá toiliú gníomhach ag teastáil anois faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ina n-éilítear, le hAirteagal 4(11) de, go gcuirfí mianta in iúl, *inter alia*, mar 'ghníomh soiléir dearfach' agus ina sonraítear go sainráite in aithris 32 nach ionann agus toiliú iad 'tost, boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré nó neamhghníomhaíocht'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Chinn an Chúirt, dá bhrí sin, nach dtugtar toiliú go bailí i gcás ina gceadaítear stóráil faisnéise nó rochtain ar fhaisnéis atá stóráilte cheana féin i dtrealamh teirminéil úsáideoir an tsuímh gréasáin trí bhosca lena gcuirtear tic roimh ré nach mór don úsáideoir é a dhíroghnú chun diúltú a thoiliú a thabhairt.

Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt go bhfuil sé d'aidhm ag Airteagal 5(3) den Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach an t-úsáideoir a chosaint ar aon chur isteach ar a shaol príobháideach, is cuma an mbaineann an cur isteach sin le sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, níor cheart an coincheap 'toiliú' a léiriú ar bhealach éagsúil ag brath ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an bhfuil sonraí pearsanta san fhaisnéis arna stóráil nó a bhfaightear rochtain uirthi i dtrealamh teirminéil úsáideoir an tsuímh gréasáin.

Ar an tríú dul síos, thug an Chúirt dá haire, faoi Airteagal 5(3) den Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, nach mór go mbeadh toiliú tugtha ag an úsáideoir, tar éis dó faisnéis shoiléir iomlán a fháil, a bhaineann *inter alia* le cuspóir na próiseála. Ní mór go gcuirfí ar chumas an úsáideora leis an bhfaisnéis shoiléir iomlán a fháil amach gan stró cé na hiarmhairtí a ghabhann leis an toiliú a bhféadfadh sé é a thabhairt a agus a áirithiú go dtabharfaí an toiliú sin agus láneolas aige ar na fórais. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go bhfuil tréimhse oibriúcháin na bhfianán agus an fhéidearthacht do thríú páirtithe rochtain a bheith acu ar na fianáin sin mar chuid den fhaisnéis shoiléir iomlán atá le tabhairt d'úsáideoir suímh gréasáin ag an soláthraí seirbhíse.

Breithiúnas an 16 Iúil 2020, Facebook Ireland agus Schrems (C-311/18, [EU:C:2020:559](#))

Foráiltear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí²³ (RGCS) nach féidir, i bprionsabal, sonraí den sórt sin a aistriú chuig tríú tír ach amháin má áirithíonn an tríú tír sin leibhéal leordhóthanach cosanta do na sonraí sin. Faoin Rialachán sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go n-áirithíonn tríú tír, mar gheall ar a reachtaíocht náisiúnta

²³ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO 2016 L 119, lch. 1)

nó a gealltanais idirnáisiúnta, leibhéal leordhóthanach cosanta.²⁴ In éagmais cinneadh leordhóthanachta den sórt sin, ní fhéadfar aistriú den sórt sin a dhéanamh ach amháin má dhéanann onnmhaireoir sonraí pearsanta, atá bunaithe san Aontas, foráil maidir le coimircí iomchuí, a d'fhéadfadh teacht go háirithe as clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún, agus má tá cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna éifeachtacha dlí ag na hábhair sonraí.²⁵

Thairis sin, in RGCS sonraítear go beacht cé na coinníollacha faoina bhféadfaí aistriú den sórt sin a dhéanamh in éagmais cinneadh leordhóthanachta nó coimircí iomchuí.²⁶

Bhí Maximillian Schrems, náisiúnach de chuid na hOstaire ina chónaí san Ostair, ina úsáideoir Facebook ó 2008 i leith. Amhail le húsáideoirí eile atá ina gcónaí san Aontas Eorpach, aistríonn Facebook Ireland sonraí pearsanta Maximillian Schrems, go hiomlán nó go páirteach, chuig freastalaithe a bhaineann le Facebook Inc. atá lonnaithe ar chríoch na Stát Aontaithe, ina ndéantar iad a phróiseáil. Chuir Maximillian Schrems gearán faoi bhráid CCS agus é ag iarraidh, go bunúsach, go gcuirfí toirmeasc ar na haistrithe sin. D'áitigh sé, le dlí agus le cleachtais na Stát Aontaithe, nach dtugtar cosaint leordhóthanach ar rochtain na n-údarás poiblí ar shonraí a aistrítear chuig an tír sin. Rinneadh an gearán sin a dhíbhe ar an bhforas, *inter alia*, gur chinn an Coimisiún i gCinneadh 2000/520²⁷ ('Cinneadh maidir le cuain shábháilte'), gur áirithigh na Stáit Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta. Le breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, agus ceist os a comhair arna tarchur chun réamhrialú ag an Ard-Chúirt (Éire), go raibh an cinneadh sin neamhbhailí ('an breithiúnas in *Schrems I*').²⁸

Tar éis an bhreithiúnais in *Schrems I* agus tar éis gur chuir an Ard-Chúirt ar neamhní an cinneadh lena ndearnadh gearán Maximillian Schrems a dhíbhe ina dhiaidh sin, d'iarr CCS ar Maximillian Schrems a ghearán a athfhoirmliú i bhfianaise an chinnidh ón gCúirt Bhreithiúnais go raibh Cinneadh 2000/520 neamhbhailí. Ina ghearán athfhoirmlithe, d'áitigh Maximillian Schrems nach dtugann na Stáit Aontaithe cosaint leordhóthanach do na sonraí a aistrítear chuig an tír sin. D'iarr sé aistrithe a shonraí pearsanta ón Aontas go dtí na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí nó a thoirmeasc sa todhchaí, a bhí á ndéanamh ag Facebook Ireland ag an uair sin ar bhonn na gclásal cosanta caighdeánach arna leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/87.²⁹ Mheas CCS go mbeadh

²⁴ Airteagal 45 de RGCS.

²⁵ Airteagal 46(1) agus (2)(c) de RGCS.

²⁶ Airteagal 49 de RGCS.

²⁷ Cinneadh ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábharthacht na cosanta a thugtar leis na príonsabail phríobháideachais maidir le cuain shábháilte agus leis na ceistanna coitianta gaolmhara arna bhfoilsíú ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe (IO 2000 L 215, lch. 7).

²⁸ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Schrems* (C-362/14, [EUC:2015:650](#)).

²⁹ Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2010 maidir le clásail chonartha chaighdeánacha le haghaidh aistriú sonraí pearsanta chuig próiseálaithe atá bunaithe i dtríú tíortha de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2010 L 39, lch. 5), arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2297 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2016 (IO 2016 L 344, lch. 100).

toradh ghearán ag brath, *inter alia*, ar bhailíocht Chinneadh 2010/87, agus rinne sé imeachtaí a thionscnamh os comhair na hArd-Chúirte chun iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Tar éis thionscnamh an nós imeachta sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2016/1250 maidir le leordhóthanacht na cosanta a sholáthraítear le Sciath Phríobháideachais AE-SAM³⁰ ('Cinneadh na Sciéthe Príobháideachais').

Lena hiarraidh ar réamhrialú, d'fhiafraigh an chúirt a rinne an tarchur den Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil RGCS infheidhme maidir le haistrithe sonraí pearsanta arna ndéanamh ar bhonn na gclásail chaighdeánacha cosanta i gCinneadh 2010/87, cén leibhéal cosanta a theastaíonn faoin Rialachán sin i gcomhthéacs aistriú den sórt sin agus cé na oibleagáidí a bheidh ar na údaráis maoirseachta sa chomhthéacs sin. Ina theannta sin, ardaíonn an Ard-Chúirt saincheist bhailíocht Chinneadh 2010/87 agus Chinneadh 2016/1250 araon.

Lena breithiúnas, chinn an Chúirt nár tháinig aon rud chun cinn tar éis scrúdú a dhéanamh ar Chinneadh 2010/87 i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha lena ndéanfaí difear dá bailíocht. Os a choinne sin, dhearbhaigh sí go bhfuil Cinneadh 2016/1250 neamhbhailí.

Mheas an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, agus go háirithe RGCS, maidir le haistriú sonraí pearsanta chun críocha tráchtála arna dhéanamh ag oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe i mBallstát amháin chuig oibreoir eacnamaíoch eile atá bunaithe i dtríú tír, fiú más rud é, le linn an aistrithe sin nó tar éis an aistrithe sin, go bhféadfaidh údaráis an tríú tír lena mbaineann na sonraí sin a phróiseáil chun críocha na slándála poiblí, na cosanta agus slándáil an Stáit. Shonraigh an Chúirt nach féidir leis an gcineál sin próiseála arna déanamh ag údaráis tríú tír aistriú den sórt sin a eisiáimh ó raon feidhme RGCS.

Maidir leis an leibhéal cosanta is gá i ndáil le haistriú den sórt sin, dhearbhaigh an Chúirt nach mór léiriú a dhéanamh ar na ceanglais arna leagan síos chun na críche sin le forálacha RGCS, a bhaineann le coimircí iomchuí, cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna éifeachtacha dlí, sa chaoi go gciallaíonn siad, maidir le daoine a n-aistrítear a sonraí pearsanta chuig tríú tír ar bhonn clásail chaighdeánacha, nach mór leibhéal cosanta a thabhairt atá coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a ráthaítear laistigh den Aontas faoin Rialachán sin arna léamh i bhfianaise na Cairte. Sna himthosca sin, shonraigh an Chúirt, sa mheasúnú ar an leibhéal cosanta sin, nach mór na coinníollacha conarthacha arna gcomhaontú idir an t-onnmhaireoir sonraí atá bunaithe san Aontas agus faighteoir an aistrithe atá bunaithe sa tríú tír lena mbaineann mór a chur san áireamh i dteannta, a mhéid a bhaineann leis an rochtain a d'fhéadfadh a bheith ag údaráis phoiblí an tríú tír sin ar na sonraí a aistrítear ar an gcaoi sin, na ngnéithe ábhartha de chóras dlí an tríú tír sin.

³⁰ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1250 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2016 i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leordhóthanacht na cosanta a sholáthraítear le Sciath Phríobháideachais AE-SAM (IO 2016 L 207, lch. 1).

Maidir leis na hoibleagáidí atá ar na húdaráis mhaoirseachta i gcomhthéacs aistriú den sórt sin, chinn an Chúirt, mura bhfuil cinneadh leordhóthanachta glactha go bailí ag an gCoimisiún, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na húdaráis sin, *inter alia*, aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír a chur ar fionraí nó a thoirmeasc i gcás ina measann siad, i bhfianaise imthosca sonracha an aistrithe sin, nach gcomhlíontar na clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí sa tír sin nó nach féidir iad a chomhlíonadh agus nach féidir cosaint na sonraí a cheanglaítear le dlí an Aontais a áirithiú ar bhealaí eile, mura bhfuil an t-onnmhaireoir atá bunaithe san Aontas tar éis deireadh a chur le haistriú den sórt sin nó é a chur ar fionraí.

Rinne an Chúirt scrúdú ansin ar bhailíocht Chinneadh 2010/87. Dar leis an gCúirt, ní chaitear amhras ar bhailíocht an chinnidh sin díreach toisc nach bhfuil na clásail chaighdeánacha maidir le cosaint sonraí atá ann ina gceangal ar údaráis an tríú tír a bhféadfaí na sonraí a aistriú chuici mar gheall ar a gcineál conarthach. Os a choinne sin, braitheann an bhailíocht sin ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sásraí éifeachtacha sa chinneadh sin chun a áirithiú, sa chleachtas, go gcomhlíonfar an leibhéal cosanta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais agus go gcuirfear aistrithe sonraí pearsanta arna ndéanamh ar bhonn chlásail den sórt sin ar fionraí nó go dtoirmisctear iad i gcás sárú ar na clásail sin nó i gcás nach féidir iad a urramú. Chinn an Chúirt go mbunaítear sásraí den sórt sin le Cinneadh 2010/87. I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl, *inter alia*, go mbunaítear leis an gcinneadh sin oibleagáid ar an onnmhaireoir sonraí agus ar fhaighteoir an aistrithe a fhíorú, sula ndéanfar aon aistriú, go gcomhlíontar an leibhéal cosanta sin sa tríú tír lena mbaineann agus go gcuirtear d'oibleagáid ar an bhfaighteoir an t-onnmhaireoir a chur ar an eolas maidir leis an bhfíoras nach féidir na clásail chaighdeánacha cosanta a chomhlíonadh, agus an t-onnmhaireoir sin faoi cheangal ina dhiaidh sin an t-aistriú sonraí a chur ar fionraí agus/nó an Conradh arna thabhairt i gcrích leis an gcéad tír a fhoirceannadh.

Ar deireadh, scrúdaigh an Chúirt bailíocht Chinneadh 2016/1250 i bhfianaise na gceanglas a eascraíonn as RGCS, arna léamh i bhfianaise fhorálacha na Cairte lena n-áirithítear urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghligh, do chosaint ar shonraí pearsanta agus don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. I ndáil leis sin, thug an Chúirt dá haire go mbunaítear leis an gcinneadh sin, mar a bunaíodh le Cinneadh 2000/520, go bhfuil tosaíocht ag na ceanglais a bhaineann le slándáil náisiúnta, leas an phobail, agus reachtaíocht na Stát Aontaithe, agus ar an gcaoi sin go gceadaítear sárúithe ar chearta bunúsacha na ndaoine a n-aistrítear a gcuid sonraí chuig an tríú tír sin. Dar leis an gCúirt, maidir leis na srianta ar chosaint sonraí pearsanta a eascraíonn as rialacha inmheánacha na Stát Aontaithe maidir le rochtain agus úsáid údaráis phoiblí na Stát Aontaithe ar shonraí den sórt sin arna n-aistriú ón Aontas Eorpach chuig an tríú tír sin, arna scrúdú ag an gCoimisiún i gCinneadh 2016/1250, níl na srianta teorannaithe sa chaoi go gcomhlíontar ceanglais atá coibhéiseach go bunúsach leis na ceanglais faoi dhlí an Aontais le prionsabal na comhréireachta, sa mhéid nach bhfuil cláir mhaoirseachta arna mbunú ar an reachtaíocht sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach. Ar bhonn na dtorthaí a leagtar

amach sa chinneadh sin, thug an Chúirt dá haire, i gcás cláir mhaoirseachta áirithe, nach léirítear leis na rialacha sin ar bhealach ar bith go bhfuil teorainneacha ar an gcumhacht a thugtar leo chun na cláir sin a chur chun feidhme, ná go bhfuil ráthaíochtaí ann do dhaoine nach ón Stát Aontaithe iad. Chuir an Chúirt in iúl freisin, cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht sin do cheanglais nach mór d'údaráis na Stát Aontaithe iad a chomhlíonadh agus na cláir mhaoirseachta lena mbaineann á gcur chun feidhme acu, nach dtugtar cearta do na daoine ábhartha leo a bheadh in-fhorfheidhmithe i gcoinne údaráis na Stát Aontaithe os comhair na gcúirteanna.

Maidir leis an gceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach, chinn an Chúirt, contrártha leis an méid a chinn an Coimisiún i gCinneadh 2016/1250, leis an sásra idirghabhála dá dtagraítear sa Chinneadh nach gcuirtear leigheas ar fáil do na daoine sin os comhair comhlacht a sholáthraíonn ráthaíochtaí a bheadh coibhéiseach go substaintiúil leo siúd a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, amhail neamhspleáchas an Ombudsman dá bhforáiltear leis an sásra sin a áirithiú agus caighdeán a bheith ann lena dtabharfaí de chumhacht don idirghabhálaí sin cinntí a bheadh ceangailteach ar sheirbhísí faisnéise na Stát Aontaithe a ghlacadh. Ar na cúiseanna sin ar fad, dhearbhaigh an Chúirt go bhfuil Cinneadh 2016/1250 neamhbhailí.

Breithiúnas an 2 Márta 2021 (an Mór-Dhlísheomra), Prokuratuur (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach) (C-746/18, [EU:C:2021:152](#))

Tionscnaíodh imeachtaí coiriúla san Eastóin i gcoinne H. K., as gadaíocht, úsáid a bhaint as cárta bainc tríú páirtí agus foréigean in aghaidh daoine a bhí rannpháirteach in imeachtaí dlíthiúla. Ghearr cúirt chéadchéime pianbhreith choimeádta 2 bhliain ar H.K. as na cionta sin. Seasadh leis an gcinneadh sin ina dhiaidh sin ar achomharc.

Dréachtaíodh na miontuairiscí arna n-úsáid chun H.K. a chiontú as na cionta sin, *inter alia*, ar bhonn sonraí pearsanta arna nginiúint i gcomhthéacs seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar. Bhí sé curtha in iúl ag an Riigikohus (an Chúirt Uachtarach, an Eastóin), ar thionscain H. K. achomharc ar phointe dlí os a comhair, go raibh amhras air maidir le comhoiriúnacht idir dlí an Aontais ³¹ agus na coinníollacha faoina raibh rochtain ag na seirbhísí imscrúdaithe ar na sonraí sin.

Bhain an t-amhras sin, ar an gcéad dul síos, leis an gceist an bhfuil fad na tréimhse a raibh rochtain ag na seirbhísí imscrúdúcháin ar shonraí mar chritéar chun measúnú a dhéanamh ar thromchúis an tsáruithe a bhí déanta ar chearta bunúsacha na n-ábhar sonraí leis an rochtain sin. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil an tréimhse sin an-gherr nó i gcás ina bhfuil méid na sonraí a bhailítear an-teoranta, d'fhiafraigh an chúirt a rinne an

³¹ Go sonrach, le hAirteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint phríobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO 2002 L 201, lch. 37), arna leasú le Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 (IO 2009 L 337, lch. 11) (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 11 agus Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt).

tarchur an bhféadfadh údar a thabhairt le sárú den sórt sin leis an cuspóir maidir leis an gcoireacht i gcoitinne a chomhrac, ní hamháin an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Ar an dara dul síos, chuir an chúirt a rinne an tarchur amhras in iúl maidir leis an bhféidearthacht Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na hEastóine a mheas, i bhfianaise na gcúraimí éagsúla a chuirtear uirthi leis an reachtaíocht náisiúnta, mar údarás riaracháin 'neamhspleách' de réir bhrí an bhreithiúnais in *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile*,³² a d'fhéadfadh rochtain an údaráis imscrúdaithe ar na sonraí lena mbaineann a údarú.

Lena breithiúnas, arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, chinn an Chúirt go gcuirtear cosc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear rochtain ag údaráis phoiblí ar shonraí tráchta nó suímh, óna bhféadfaí faisnéis a bhaint maidir le cumarsáidí arna ndéanamh ag úsáideoir trí mheán modh cumarsáid leictreonach nó maidir le suíomh an trealaimh teirminéil a úsáideann sé agus tátail bheachta a bhaint maidir lena shaol príobháideach, chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, gan an rochtain sin a bheith teoranta do nósanna imeachta chun coireacht thromchúiseach a chomhrac nó chun bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc. Dar leis an gCúirt, i ndáil leis sin níl aon tionchar ag fad na tréimhse dá n-iarrtar rochtain ar na sonraí sin ná ag cainníocht nó cineál na sonraí atá ar fáil do thréimhse den sórt sin. Ina theannta sin, measann an Chúirt go gcuirtear cosc leis an Treoir sin, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar inniúlacht d'oifig an ionchúisitheora phoiblí rochtain a dheonú d'údarás poiblí ar shonraí tráchta agus suímh chun imscrúdú coiriúil a dhéanamh.

Maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh rochtain a dheonú d'údaráis phoiblí ar shonraí tráchta agus suímh arna gcoinneáil ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, chun críocha cosc, imscrúdú, brath agus ionchúiseamh ar chionta coiriúla, de bhun beart arna ghlacadh faoin Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach,³³ mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais an méid a chinn sí ina breithiúnas in *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*.³⁴ Dá bhrí sin, faoin Treoir sin ní údaraítear do na Ballstáit, chun na gcríoch sin *inter alia*, bearta reachtacha a ghlacadh chun srianta a chur le raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear leis an Treoir sin, go háirithe an oibleagáid rúndacht cumarsáidí agus sonraí tráchta a ráthú,³⁵ ach i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, lena n-áirítear prionsabal na comhréireachta, agus leis na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt..³⁶ Sa

³² Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile* (C-203/15 agus C-698/15, [EU:C:2016:970](#), mír 120).

³³ Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58.

³⁴ Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, [EU:C:2020:791](#), míreanna 166 go 169).

³⁵ Airteagal 5(1) de Threoir 2002/58.

³⁶ Go háirithe Airteagail 7, 8 agus 11 agus Airteagal 52(1) den Chairt.

chomhthéacs sin, cuirtear cosc leis an Treoir ar bhearta reachtacha lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, mar bheart coisctheach, sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach.

Maidir leis an gcuispóir cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, a shaothraítear leis an reachtaíocht atá i gceist, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mheas an Chúirt nach bhféadfadh údar a thabhairt do rochtain na n-údarás poiblí ar thacar sonraí tráchta nó suímh ach leis na cuspoirí maidir le coireacht thromchúiseach a chomhrac nó bagairtí tromchúiseacha don tslándáil phoiblí a chosc, óna bhféadfaí tátail bheachta maidir le saol príobháideach na ndaoine lena mbaineann a bhaint, agus nach bhféadfadh sé a bheith d'éifeacht ag tosca eile a bhaineann le comhréireacht d'iarraidh ar rochtain, amhail fad na tréimhse a n-iarrtar rochtain ar na sonraí sin ina leith, go bhféadfadh údar a thabhairt leis an rochtain sin leis an gcuispóir maidir le cionta coiriúla i gcoitinne a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Maidir leis an iniúiltacht arna tabhairt d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí chun rochtain na n-údarás poiblí ar shonraí tráchta agus suímh a údarú d'fhonn imscrúdú coiriúil a dhéanamh, mheabhraigh an Chúirt gur faoin dlí náisiúnta atá sé na coinníollacha a chinneadh faoina gcaithfidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí rochtain a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla ar na sonraí atá ar fáil dóibh. Chun ceanglas na comhréireachta a chomhlíonadh, áfach, ní mór rialacha soiléire beachta a leagan síos sa reachtaíocht sin lena rialaítear raon feidhme agus cur i bhfeidhm an bhirt atá i gceist agus lena bhforchuirtear ceanglais íosta ionas go mbeidh coimircí leordhóthanacha ag na daoine lena mbaineann na sonraí pearsanta chun na sonraí sin a chosaint go héifeachtach ar an mbaol go mbainfí mí-úsáid astu. Ní mór go mbeadh an reachtaíocht sin ceangailteach ó thaobh an dlí náisiúnta de agus ní mór a shonrú inti cé na himthosca agus na coinníollacha substainteacha agus nós imeachta faoina bhféadfaí beart a ghlacadh lena bhforáiltear do phróiseáil sonraí den sórt sin, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go bhfuil an cur isteach teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

Dar leis an gCúirt, chun a áirithiú sa chleachtas go gcomhlíontar na coinníollacha sin ina n-iomláine, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh rochtain ag na húdaráis náisiúnta inniúla ar na sonraí arna gcoinníoll faoi réir athbhreithniú roimh ré a dhéanadh cúirt nó comhlacht riaracháin neamhspleách agus go ndéanfaí cinneadh na cúirte nó an chomhlachta sin tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil ó na húdaráis sin arna tíolacadh, *inter alia*, i gcomhthéacs nósanna imeachta chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a ionchúiseamh. I gcásanna práinne a bhfuil údar cuí léi, ní mór an rialú a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr ama.

I ndáil leis sin, dhearbhaigh an Chúirt go bhfuil sé ar cheann de na ceanglais den athbhreithniú roimh ré go mbeadh na cumhachtaí agus na ráthaíochtaí go léir is gá ag an gcúirt nó ag an eintiteas atá freagrach as an athbhreithniú sin a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfí réiteach amach idir na leasanna agus na cearta éagsúla atá i gceist. Maidir le himscrúdú coiriúil, go sonrach, ceanglaítear le hathbhreithniú den sórt sin go mbeadh an chúirt nó an t-eintiteas sin in ann cothromaíocht chóir a bhaint amach idir,

ar thaobh amháin, leasanna a bhaineann le riachtanais an imscrúdaithe i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne na coireachta agus, ar an taobh eile, na cearta bunúsacha maidir le príobháideachais agus le cosaint sonraí pearsanta na ndaoine ar leo na sonraí a bhfuil rochtain orthu. I gcás go ndéanann comhlacht riaracháin neamhspleách an t-athbhreithniú sin, seachas cúirt, ní mór stádas a bheith ag an údarás sin lena gcuirfí ar a chumas gníomhú go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige agus chuige sin, ní mór dó a bheith saor ó aon tionchar seachtrach.

Dar leis an gCúirt, leanann sé ón méid sin go bhfágann ceanglas an neamhspleáchais nach mór go mbeadh an t-údarás atá freagrach as an athbhreithniú roimh ré a dhéanamh ina thríú páirtí i ndáil leis an údarás a iarrann rochtain ar na sonraí, ionas go mbeidh an t-údarás sin in ann an t-athbhreithniú sin a dhéanamh go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta, gan aon tionchar seachtrach. Go háirithe, sa réimse coiriúil, forchuirtear le ceanglas an neamhspleáchais, de pháirt, nach bhfuil baint ag an údarás atá freagrach as an ngrinnscrúdú roimh ré le riar an imscrúdaithe choiriúil i gceist, agus den pháirt eile go mbeadh sé neodrach i leith na bpáirtithe sna himeachtaí coiriúla. Ní hamhlaidh atá i gcás oifig ionchúisimh phoiblí a stiúran an nós imeachta imscrúdaithe agus a fheidhmíonn, i gcás inarb iomchuí, imeachtaí poiblí, mar is amhlaidh i gcás Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na hEastóine. Dá bhrí sin, níl oifig an ionchúisitheora phoiblí in ann an athbhreithniú roimh ré dá dtagraítear thuas a dhéanamh.

Breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020 (an Mór-Dhlísheomra), Privacy International (C-623/17, [EU:C:2020:790](#)) agus La Quadrature du Net agus páirtithe eile (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, [EU:C:2020:791](#))

Le blianta beaga anuas, tá roinnt breithiúnas maidir le coinneáil agus le rochtain ar shonraí pearsanta i réimse na cumarsáide leictreonaí tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais. ³⁷Mar gheall ar an gcásdlí a tháinig uaidh sin, go háirithe an breithiúnas in *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile*, inar chinn an Chúirt *inter alia* nach bhféadfadh na Ballstáit oibleagáid a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus suímh a choinneáil ar bhealach ginearálta neamh-idirdhealaitheach, cuireadh inní ar Stáit áirithe, agus eagla orthu go mbainfí ionstraim

³⁷ Dá réir sin, i mbreithiúnas an 8 Aibreán 2014, *Digital Rights Ireland agus páirtithe eile* (C-293/12 agus C-594/12, [EU:C:2014:238](#)), dhearbhaigh an Chúirt go raibh Treoir 2006/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006, maidir le caomhnú ar shonraí arna nginiúint nó arna bpróiseáil i gcomhthéacs soláthar seirbhísí cumarsáide atá ar fáil don phobal nó líonraí cumarsáide poiblí, lena leasaítear Treoir 2002/58/CE (IO 2006 L 105, lch. 54), ar an bhforas nach raibh an sárú ar na cearta chun príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta arna n-aithint sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) a bhí déanta leis an oibleagáid ginearálta chun sonraí tráchta agus suímh a choinneáil dá bhforáiltear leis an Treoir teoranta don mhéid a raibh fíorghá leis. I mbreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile* (C-203/15 agus C-698/15, [EU:C:2016:970](#)), rinne an Chúirt léiriú ar Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002 L 201, lch. 37), arna leasú le Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 (IO 2009 L 337, lch. 11). Leis an Airteagal sin cuirtear ar chumas na mBallstát – ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta a chosaint, *inter alia* – ‘bearta reachtacha’ a ghlacadh chun srianta a chur le raon feidhme cearta agus oibleagáidí áirithe dá bhforáiltear leis an Treoir. Ar deireadh, i mbreithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, [EU:C:2018:788](#)), rinne an Chúirt léiriú ar Airteagal 15(1) i gcás a bhain le rochtain na n-údarás poiblí ar shonraí sibhialta úsáideoirí na modhanna cumarsáide leictreonacha sin.

díobh a mheasann siad a bheith riachtanach chun an tslándáil náisiúnta a chosaint agus an choireacht a chomhrac.

Is sa chomhthéacs sin a tugadh imeachtaí os comhair an Investigatory Powers Tribunal (an Chúirt um Cumhachtaí Imscrúdaithe, an Ríocht Aontaithe) (*Privacy International*, C-623/17), an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc) (*La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, Cásanna Uamtha C-511/18 agus C-512/18) agus an Cour constitutionnelle (an Chúirt Bhunreachtúil, an Bheilg) (*Ordre des barreaux francophones et germanophone agus páirtithe eile*, C-520/18) maidir le dlíthiúlacht na reachtaíochta arna nglacadh ag Ballstáit áirithe sna réimsí sin, lenar leagadh síos, go háirithe, oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus suímh úsáideoirí a tharchur chuig údarás poiblí nó a choinneáil go ginearálta nó go neamh-idirdhealaitheach.

Le dhá bhreithiúnas arna dtabhairt ag an Mór-Dhlísheomra an 6 Deireadh Fómhair 2020, chinn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go bhfuil feidhm ag an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach maidir le rialacha náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí pearsanta a phróiseáil, amhail iad a tharchur chuig údarás poiblí nó iad a choinneáil, chun críocha an tslándáil náisiúnta a chosaint agus an choireacht a chomhrac. Ina theannta sin, agus a cásdlí a d'eascair as *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile* á dheimhniú aici, a bhaineann le cineál díreireach sonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, thug an Chúirt soiléirithe, *inter alia*, maidir le raon feidhme na gcumhachtaí a thugtar do na Ballstáit faoin Treoir sin maidir leis na sonraí sin a choinneáil chun na gcríoch sin.

Ar an gcéad dul síos, rinne an Chúirt iarracht deireadh a chur leis an amhras a tháinig chun cinn sna cásanna sin maidir le hinfhaidhmeacht na Treorach maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach. Bhí tuairimí éagsúla curtha in iúl ag roinnt Ballstát a chuir barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte ina leith sin. D'áitigh siad, *inter alia*, nach raibh feidhm ag an Treoir sin maidir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist, a mhéid gurb é cuspóir na reachtaíochta sin an tslándáil náisiúnta a chosaint, rud a thagann faoi inniúlacht eisiach na mBallstát, mar a léirítear go háirithe sa tríú habairt d'Airteagal 4(2) CAE. Measann an Chúirt, áfach, go gcumhdaítear le raon feidhme na Treorach sin reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus suímh a choinneáil nó na sonraí sin a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta slándála agus faisnéise chun na críche sin.

Ina dhiaidh sin, mheabhraigh an Chúirt nach bhféadfadh an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach³⁸ a bheith mar údar go ndéanfaí riail den mhaolú ar an oibleagáid phrionsabail chun rúndacht na cumarsáide agus na sonraí lena mbaineann a ráthú agus, go háirithe, an prionsabal go ndéanfar stóráil na sonraí sin a thoirmeasc. Tugtar le tuiscint leis sin nach n-údaráítear leis an Treoir sin do na Ballstáit, *inter alia*,

³⁸ Airteagal 15(1) agus (3) de Threoir 2002/58.

chun críocha na slándála náisiúnta, bearta reachtacha a ghlacadh chun raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear leis an Treoir sin a theorannú, go háirithe an oibleagáid rúndacht cumarsáide agus sonraí tráchta a ráthú,³⁹ agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, lena n-áirítear prionsabal na comhréireachta, agus na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt á n-urramú.⁴⁰

Sa chomhthéacs sin, mheas an Chúirt, ar thaobh amháin, i gcás *Privacy International*, go gcuirtear cosc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, d'fhonn an tslándáil náisiúnta a choimirciú, sonraí tráchta agus suímh a tharchur go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chuig gníomhaireachtaí slándála agus faisnéise. Ar an taobh eile, i gCásanna Uamtha *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, agus *Ordre des barreaux francophones et germanophone agus páirtithe eile*, mheas an Chúirt go gcuirtear cosc leis an Treoir sin ar bhearta reachtacha lena bhforchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, mar bheart coiscitheach, sonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach. Is ionann na hoibleagáidí sin maidir le tarchur agus coinneáil sonraí den sórt sin go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach agus sárúithe an-tromchúiseacha ar na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt, gan baint a bheith idir iompar na ndaoine a bhfuil a gcuid sonraí i gceist leis agus an cuspóir atá á shaothrú leis an reachtaíocht atá i gceist. Ar an gcaoi chéanna, rinne an Chúirt léiriú ar Airteagal 23(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,⁴¹ arna léamh i bhfianaise na Cairte, sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe rochtana ar sheirbhísí cumarsáide poiblí ar líne agus ar sholáthraithe seirbhísí óstála sonraí pearsanta a bhaineann leis na seirbhísí sin a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, *inter alia*.

Os a choinne sin, mheas an Chúirt, i gcásanna ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta os comhair an Bhallstáit lena mbaineann atá dáiríre agus láithreach nó intuartha, nach gcuirtear cosc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar cheangal a chur ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach. Sa chomhthéacs sin, shonraigh an Chúirt nach mór an cinneadh lena bhforáiltear d'ordú den sórt sin, ar feadh tréimhse ama atá teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá léi, a bheith faoi réir athbhreithniú éifeachtach, arna dhéanamh ag cúirt nó ag comhlacht riaracháin neamhspleách a thugann cinntí ceangailteacha,

³⁹ Airteagal 5(1) de Threoir 2002/58.

⁴⁰ Go háirithe Airteagail 7, 8 agus 11 agus Airteagal 52(1) den Chairt.

⁴¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016, maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, Ich. 1).

d'fhonn a fhíorú gurb ann do cheann de na cásanna sin agus go gcomhlíontar na coinníollacha agus na ráthaíochtaí arna leagan síos. Faoi na coinníollacha sin, ní chuirtear cosc leis an Treoir sin ar anailís uathoibríoch ar shonraí, go háirithe ar shonraí a bhaineann le trácht agus suíomh, ó úsáideoirí uile na modhanna cumarsáide leictreonaí.

Chuir an Chúirt in iúl freisin nach gcuirtear cosc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar bhearta reachtacha faoinar féidir úsáid a bhaint as coinneáil sonraí tráchta agus suímh ar bhonn spriocdhírthe, atá teoranta ó thaobh ama de don mhéid a bhfuil fíorghá leis, ar bhonn gnéithe oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, de réir chatagóirí na n-ábhar sonraí nó trí bhíthin critéar geografach. Ar an gcaoi chéanna, ní chuirtear cosc leis an Treoir sin ar bhearta den sórt sin lena bhforáiltear do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach ar sheoltaí IP arna sannadh ar fhoinse na cumarsáide, ar choinníoll go bhfuil an tréimhse choinneála teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis, ná do na bearta sin lena bhforáiltear do choinneáil den sórt sin ar shonraí a bhaineann le stádas sibhialta úsáideoirí na modhanna cumarsáide leictreonaí, gan é a bheith de cheangal ar na Ballstáit sa chás deireanach sin stóráil a theorannú ó thaobh ama de. Thairis sin, ní chuirtear cosc leis an Treoir sin ar bheart reachtach lena gceadaítear úsáid a bhaint as caomhnú brostaithe sonraí atá ar fáil do sholáthraithe seirbhíse i gcás go dtagann cásanna chun cinn inar gá na sonraí sin a choinneáil tar éis na dteorainneacha ama dlíthiúla maidir le sonraí a choinneáil chun cionta coiriúla tromchúiseacha nó sáruithe ar an tslándáil náisiúnta a réiteach, i gcás inar suíodh cheana féin gur tharla na cionta nó na gníomhartha sin nó ina bhféadfadh amhras réasúnach a bheith ann gurb ann dóibh.

Ina theannta sin, dhearbhaigh an Chúirt nach gcuirtear cosc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí úsáid a bhaint as bailiú sonraí tráchta agus suímh i bhfíor-am, go háirithe i gcás ina bhfuil bailiú sonraí den sórt sin teoranta do dhaoine a bhfuil cúis mhaith amhrais ann ina leith go bhfuil baint acu, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus go bhfuil sé faoi réir athbhreithniú roimh ré arna dhéanamh ag cúirt nó ag comhlacht riaracháin neamhspleách a bhfuil éifeacht cheangailteach ag a chinneadh, chun a áirithiú nach gceadaítear bailiúchán fíor-ama den sórt sin ach amháin a mhéid a bhfuil fíorghá leis. I gcásanna práinne, ní mór an athbhreithniú a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr ama.

Ar deireadh, thug an Chúirt aghaidh ar shaincheist éifeachtaí ama a choinneáil do reachtaíocht náisiúnta a mheastar a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais. I ndáil leis sin, mheas sí nach féidir le cúirt náisiúnta foráil dá dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm lena dtugtar de chumhacht di teorainn ama a chur le héifeachtaí an dearbhaithe neamhdhleathachta ar gá di a dhéanamh, i ndáil le reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, a mheastar a bheith

ar neamhréir leis an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte.

É sin ráite, d'fhonn freagra úsáideach a thabhairt don chúirt náisiúnta, mheabhraigh an Chúirt gur faoin dlí náisiúnta atá sé rialacha a chinneadh maidir le hinghlacthacht agus measúnú fianaise a fuarthas trí shonraí a choinneáil de shárú ar dhlí an Aontais, i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla a thionscnaítear i gcoinne daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad gníomhartha coireachta tromchúisí, faoi dhlí an Aontais mar atá faoi láthair. Shonraigh an Chúirt, áfach, faoin Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach, arna léiriú i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta, nach mór don chúirt choiriúil náisiúnta neamhaird a thabhairt ar fhianaise a fhaightear trí shonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach de shárú ar dhlí an Aontais, i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla den sórt sin, más rud é, maidir leis an duine a bhfuil amhras fúthu, nach bhfuil siad in ann seasamh a ghlacadh go héifeachtach maidir leis an bhfianaise sin.

Breithiúnas an 5 Aibreán 2022 (an Mór-Dhlísheomra), Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile (C-140/20, [EU:C:2022:258](#))

Sa chás sin, rinne an Chúirt Uachtarach (Éire) an tarchur chun réamhrialú mar chuid d'imeachtaí sibhialta a thionscain duine ar ghearradh pianbhreith phríosúnachta saoil air mar gheall ar dhúnmharú a rinneadh in Éirinn. Chuir an duine sin in aghaidh chomhréireacht forálacha áirithe den dlí náisiúnta maidir le coinneáil sonraí a ghintear i ndáil le cumarsáid leictreonach le dlí an Aontais..⁴² Faoin dlí sin,⁴³ choinníodh soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhain le glaonna teileafóin an té a cúisíodh agus cuireadh na sonraí sin ar fáil do na húdaráis phóilíneachta. Is le comhréireacht chóras lena ndéantar sonraí a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, i dtaca le coireacht thromchúiseach a chomhrac, leis an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach,⁴⁴ arna léamh i bhfianaise na Cairte,⁴⁵ *inter alia*, a bhain amhras na cúirte a rinne an tarchur.

Leis an mbreithiúnas arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, dheimhnigh an Chúirt an cásdlí a eascraíonn as an mbreithiúnas *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, agus thug sí soiléirithe maidir lena raon feidhme agus í ag cur in iúl nach bhfuil coinneáil sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le cumarsáid leictreonach go ginearálta agus go

⁴² An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011. Glacadh an tAcht seo chun Treoir 2006/24/CE an 15 Márta 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinneáil sonraí a ghintear nó a phróiseáiltear i ndáil le seirbhísí cumarsáide leictreonaigh a chuirtear ar fáil go poiblí nó líonraí cumarsáide poiblí a sholáthar agus lena leasaítear Treoir 2002/58/CE (IO 2006 L 105, Ich. 54) a thrasú i ndlí na hÉireann.

⁴³ Ceadaítear leis an dlí sin, ar chúiseanna seachas iad is gné dhílis de chosaint na slándála náisiúnta, coinneáil choisctheach, ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach ar shonraí tráchta agus ar shonraí suímh gach síntiúsóir ar feadh tréimhse dhá bhliain.

⁴⁴ Go sonrach, Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58.

⁴⁵ Go háirithe Airteagail 7, 8, 11 agus 52(1) den Chairt.

neamh-idirdhealaitheach údaraithe chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc. Dheimhnigh sí freisin an cásdlí a eascraíonn as an mbreithiúnas *Prokuratuur (Coinníollacha rochtana ar shonraí maidir le cumarsáid leictreonach)*,⁴⁶ go háirithe maidir leis an oibleagáid rochtain a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla ar na sonraí a coinnítear faoi réir grinnscrúdú roimh ré arna dhéanamh ag cúirt nó ag comhlacht riaracháin atá neamhspleách atá ar an bhfórsa póilíneachta.

Chinn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go gcuirtear toirmeasc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar bhearta reachtacha náisiúnta lena bhforáiltear, mar bheart coisctheach, do shonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha don tslándáil phoiblí a chosc. Ar thaobh amháin, ag féachaint do na héifeachtaí díspregthacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach⁴⁷ a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le coinneáil na sonraí sin, agus cé chomh tromchúisí is atá na srianta a ghabhann le coinneáil den sórt sin ar an taobh eile, ní mór go mbeadh eisceacht seachas riail i gceist leis an gcoinneáil sa chóras arna bhunú leis an Treoir sin, sa chaoi nach bhféadfaí na sonraí sin a bheith á gcoinneáil go córasach agus go leanúnach.

Ní fhéadfaí caitheamh mar bhagairt ar an tslándáil náisiúnta le coireacht, fiú dá mba ann do choireacht thar a bheith tromchúiseach, ós rud é gur dócha go gcruthófaí catagóir idirmheánach idir an tslándáil náisiúnta agus slándáil an phobail chun chaitheamh leo mar a chéile, chun críocha ceanglais na slándála náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir leis an tslándáil phoiblí.

Os a choinne sin, ní chuirtear toirmeasc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar bhearta reachtacha lena bhforáiltear, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus chun bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do choinneáil sonraí tráchta agus suímh ar bhonn spriocdhírthe a bhfuil teorainn leis, ar bhonn tosca oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, de réir catagóirí na ndaoine lena baineann na sonraí nó trí bhíthin critéir gheografaigh, ar feadh tréimhse ama atá teoranta don mhéid a bhfuil dianghá leis ach atá in-athnuaite. Maidir le beart coinneála den sórt sin lena ndírítear ar cheantair nó ar bhonneagar ina mbíonn ardlíon daoine go minic nó a mbaineann siad úsáid mhinic astu nó áiteanna straitéiseacha, amhail aerfoirt, stáisiúin, calafoirt nó limistéir dola, ar chumas na n-údarás inniúil faisnéis a fháil faoin láithreach, sna háiteanna nó na limistéir gheografacha sin, na ndaoine go léir a úsáideann modhanna cumarsáide leictreonaí iontu agus chun tátail a bhaint as an méid sin maidir le láithreach agus

⁴⁶ Breithiúnas an 2 Márta 2021, *Prokuratuur (Coinníollacha rochtana ar shonraí maidir le cumarsáid leictreonach)* (C-746/18, [EJ:C:2021:152](#)).

⁴⁷ A chumhdaítear in Airteagail 7 go 11 den Chairt.

gníomhaíocht na ndaoine sin sna háiteanna nó sna limistéir gheografacha sin chun coireacht thromchúiseach a chomhrac. In aon chaoi, ní fhéadfadh bonn cirt a bheith ag na Ballstáit chun foráil a dhéanamh maidir le sonraí tráchta agus suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach toisc go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ann maidir leis na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfaí coinneáil spriocdhírithé a dhéanamh, agus riail á déanamh den eisceacht.

Ní chuirtear toirmeasc ach an oiread leis an Treoir sin, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar bhearta reachtacha lena bhforáiltear, chun na críche céanna, do choinneáil ghinearálta neamh-idirdhealaitheach ar sheoltaí IP arna sannadh ar fhoinsé nasc idirlín ar feadh tréimhse atá teoranta don mhéid is gá agus teoranta ó thaobh ama de, agus ar shonraí a bhaineann le stádas sibhialta úsáideoirí na modhanna cumarsáide leictreonaí chomh maith. Maidir leis an bpointe dheireanach sin, shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais nach gcuirtear toirmeasc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach ná le haon ghníomh eile de dhlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta, arb é is cuspóir di coireacht thromchúiseach a chomhrac, faoina bhfuil modhanna cumarsáide leictreonaí, amhail cárta SIM réamhíoctha, faoi réir fíorú ar dhoiciméid oifigiúla lena ndéantar stádas an cheannaitheora a fhíorú agus an fhaisnéis a thagann as a chlárú ag an díoltóir, lena gceanglaítear ar an díoltóir, de réir mar a bheadh, rochtain ar an bhfaisnéis sin a thabhairt do na húdaráis inniúla náisiúnta.

Is amhlaidh an cás maidir le bearta reachtacha lena bhforáiltear, chun críocha coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do dhul i muinín ordú ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí tabhairt faoi, go ceann tréimhse socraithe, caomhnú brostaithe ar na sonraí tráchta agus ar na sonraí suímh atá ag na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sin, trí bhíthin cinneadh ón údarás inniúil atá faoi réir grinnscrúdú breithiúnach éifeachtach. Go deimhin, ní thugtar údar le stóráil sonraí den sórt sin ach leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus, *a fortiori*, le gníomhaíochtaí chun an tslándáil náisiúnta a chosaint, ar an gcoinníoll go ndéantar leis an mbeart sin agus leis an rochtain ar na sonraí stóráilte teorainneacha an dianghá a urramú. Thug an Chúirt Bhreithiúnais chun cuimhne go bhféadfar beart chaomhnaithe brostaithe den sórt sin a fhorleathnú a mhéid is go bhfuil sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le daoine seachas iad siúd faoina bhfuil drochamhras go bhfuil cion coiriúil tromchúiseach nó ionsaí ar an tslándáil náisiúnta beartaithe acu i gceist leo, ar an gcoinníoll go bhféadfadh sonraí den sórt sin, ar bhonn gnéithe oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, cuidiú chun cion den sórt sin nó ionsaí ar an tslándáil náisiúnta a nochtadh, amhail sonraí íospartach an chiona agus sonraí comhlúadar sóisialta nó proifisiúnta an íospartaigh sin.

Thug an Chúirt Bhreithiúnais le fios ina dhiaidh sin, áfach, nach mór do na bearta reachtacha go léir thuasluaite a áirithiú go gcoinneofar na sonraí atá i gceist i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha agus nós imeachta lena mbaineann agus go mbeidh cosaintí leordhóthanacha ag na hábhair sonraí i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu. Féadfar na bearta éagsúla maidir le sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil a

chur i bhfeidhm go comhpháirteach, ar rogha an reachtais náisiúnta agus teorainneacha an dianghá á n-urramú chomh maith acu.

Ina theannta sin, shonraigh an Chúirt go mbeadh, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac, údarú ar rochtain ar na sonraí sin a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta contrártha d'ordlathas na gcuspóirí leasa an phobail lena bhféadfaí údar a thabhairt le beart arna ghlacadh de bhun na Treorach um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach.⁴⁸ Is ionann é sin agus rochtain ar shonraí a cheadú faoi chuspóir is lú tábhachtaí ná an cuspóir a thug údar maith le coinneáil na sonraí sin, eadhon an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus dá bhrí sin bheadh baol ann go mbainfí aon éifeacht den toirmeasc ar stóráil ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach chun coireacht thromchúiseach a chomhrac dá gceadófaí rochtain den sórt sin.

Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirtear toirmeasc leis an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear gur faoi chomhalta de chuid na bpóilíní atá sé na hiarrataí ar rochtain ar shonraí a choinnítear a phróiseáil ar bhealach láraithe, a eisíonn na póilíní i gcomhthéacs cionta coiriúla tromchúiseacha a imscrúdú nó a ionchúiseamh, fiú sa chás ina bhfuil cúnamh ag an gcomhalta sin ó aonad atá bunaithe laistigh den fhórsa póilíneachta atá neamhspleách i mbun a dhualgas go pointe áirithe agus a bhféadfaí grinnscrúdú breithiúnach a dhéanamh ar a chinneadh ina dhiaidh sin. Ar thaobh amháin, ní chomhlíonann comhalta de chuid na bhfórsa póilíneachta den sórt sin na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a bhíonn ar chomhlacht riaracháin a dhéanann grinnscrúdú roimh ré ar iarrataí ar rochtain arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla, toisc nach bhfuil stádas tríú páirtí acu i ndáil leis na húdaráis sin. Ar an taobh eile, cé go bhféadfadh cinneadh an chomhalta sin a bheith faoi réir grinnscrúdú breithiúnach *a posteriori*, ní féidir an grinnscrúdú sin a chur in ionad grinnscrúdaithe atá neamhspleách a dhéanfar, seachas i gcásanna práinne ina bhfuil údar cuí-réasúnaithe leo, roimh ré.

Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais a cásdlí ar dá réir a chuirtear toirmeasc ar chúirt náisiúnta teorainn a chur leis na héifeachtaí ama ar dhearbhu le tabhairt aici faoin dlí náisiúnta go bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach neamhbhailí, mar gheall ar neamhréireacht na reachtaíochta sin leis an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach. Mar sin féin, chuir an Chúirt Breithiúnais in iúl gur faoin dlí náisiúnta atá socruithe a dhéanamh maidir le hinghlacthacht na fianaise a fhaightear tríd an gcoinneáil sin, i gcomhréir le prionsabal an

⁴⁸ Tá an t-ordlathas sin cumhdaithe i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais, go háirithe i mbreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, [EU:C:2020:791](#)), míreanna 135 agus 136. De réir an ordlathais seo, is lú tábhacht atá ag baint leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí ná leis an tslándáil náisiúnta a chosaint.

neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta na mBallstát de, faoi réir phrionsabal an chomhionannais agus phrionsabal na héifeachtachta, *inter alia*, a chomhlíonadh.

Breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2022 (an Mór-Dhlísheomra), SpaceNet et Telekom Deutschland (C-793/19 agus C-794/19, [EU:C:2022:702](#))

Sna cásanna uamtha seo, rinne Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ghearmáin) dhá iarraidh ar réamhrialú, ina ndearnadh achomharc ar phointe dlí ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine i gcoinne dhá bhreithiúnas a sheas leis na caingne a thionscain dhá chuideachta, Spacenet AG (Cás C-793/19) agus Telekom Deutschland GmbH (Cás C-794/19), a sholáthraíonn seirbhísí rochtana idirlín. Leis na caingne sin, rinne na cuideachtaí sin agóid i gcoinne na hoibleagáide a fhorchuirtear le reachtaíocht na Gearmáine ⁴⁹chun sonraí tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid a gcustaiméirí a choinneáil.

Bhain amhras na cúirte a rinne an tarchur le comhréireacht na reachtaíochta náisiúnta leis an Treoir um príobháideachtas agus cumarsáid leictreonach, ⁵⁰ arna léamh i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') ⁵¹ agus Airteagal 4(2) CAE, lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonáí atá ar fáil go poiblí cionta coiriúla tromchúiseacha a phionósú, nó chun baol nithiúil don tslándáil náisiúnta a chosc, coinneáil na sonraí tráchta agus sonraí suímh ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach de thromlach na sonraí tráchta agus sonraí suímh úsáideoirí deiridh na seirbhísí sin, agus foráil á déanamh do thréimhse choinneála roinnt seachtain agus do rialacha chun cosaint éifeachtach na sonraí coinnithe a áirithiú in aghaidh bhaol mí-úsáide agus i gcoinne rochtain neamhdhleathach ar shonraí den sórt sin.

Leis an mbreithiúnas arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, dheimhnigh an Chúirt an cásdlí a eascraíonn as *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, agus, le déanaí, as *Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile*, ⁵² agus rinne sí a raon feidhme a shoiléiriú. Chuir sí in iúl, go háirithe, nach bhfuil cead sonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc.

Thosaigh an Chúirt trí infheidhmeacht na Treorach um príobháideachtas agus cumarsáid leictreonach a dheimhniú maidir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist agus ansin rinne sí meabhrúchán teagascach ar na prionsabail a eascraíonn as a cásdlí, sula

⁴⁹ Forálacha comhdhlúithe Airteagal 113a(1) agus Airteagal 113(b) den Telekommunikationsgesetz (an Dlí maidir le teileachumarsáid) an 22 Meitheamh 2004 (BGBl. 2004 I, Ich. 1190), sa leagan is infheidhme sna príomhimeachtaí

⁵⁰ Go sonrach, Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58.

⁵¹ Airteagail 6 go 8, 11 agus 52(1) den Chairt.

⁵² Breithiúnas 5 Aibreán 2022, *Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile* (C-140/20, [EU:C:2022:258](#)).

ndearna sí scrúdú mionsonraithe ar shaintréithe na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist, arna léiriú ag an gcúirt a rinne an tarchur.

Ar an gcéad dul síos, maidir le méid na sonraí a choinnítear, thug an Chúirt dá haire go gcumhdaítear, leis an oibleagáid choinneála atá leagtha síos leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, sraith an-leathan sonraí tráchta agus suímh, agus go mbaineann sé le beagnach gach duine atá sa daonra gan iad a bheith, fiú go hindíreach, i staid a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le himeachtaí coiriúla. Tugann sí faoi deara freisin go bhforchuirtear leis an reachtaíocht sin go gcoinneofaí gan chúis, go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ó thaobh pearsana, ama agus geografaíochta de, formhór na sonraí tráchta agus suímh, ar sonraí iad a bhfreagraíonn a raon feidhme, go bunúsach, do raon feidhme na sonraí a choinnítear sna cásanna as ar eascair an breithiúnas in *La Quadrature du net agus páirtithe eile*. Dá bhrí sin, i bhfianaise an chásdlí sin, measann an Chúirt nach féidir oibleagáid chun sonraí a choinneáil amhail an oibleagáid atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheas mar choinneáil sonraí ar bhonn spriocdhírthe.

Ina theannta sin, mheabhraigh an Chúirt gur léir ón Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach ⁵³ go bhfuil an tréimhse choinneála dá bhforáiltear le beart náisiúnta lena bhforchuirtear oibleagáid choinneála ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach, ina gné ábhartha, i measc tosca eile, d'fhonn a chinneadh an gcoisctear beart den sórt sin le dlí an Aontais, ós rud é go gceanglaítear leis an abairt sin go ndéanfaí an tréimhse sin a 'theorannú'. Mar sin féin, eascraíonn tromchúis an chur isteach as an riosca, go háirithe i bhfianaise a lín agus a n-ilghnéitheachta, go mbeifí in ann, leis na sonraí a coinníodh, ag féachaint dóibh ina n-iomláine, teacht ar thátail mhionsonraithe maidir le saol príobháideach an duine nó na ndaoine ar coinníodh a gcuid sonraí agus, go háirithe, bealach a sholáthar chun próifíl an duine nó na ndaoine lena mbaineann a chur le chéile, ar faisnéis í sin atá chomh híogair céanna le hábhair na gcumarsáidí i bhfianaise an chirt maidir le meas ar an saol príobháideach. Dá réir sin, tá coinneáil na sonraí tráchta nó suímh de chineál tromchúiseach in aon chás, beag beann ar fhad na tréimhse coinneála, ar chainníocht nó ar chineál na sonraí a choinnítear, i gcás inar dócha go bhféadfaí teacht ar thátail den sórt sin. ⁵⁴

Ar deireadh, maidir leis na cosaintí arb é is aidhm dóibh na sonraí a choinnítear a chosaint ar bhaol mí-úsáide agus ar aon rochtain neamhdhleathach, tugann an Chúirt dá haire, mar is léir ón gcásdlí roimhe seo, go bhfuil coinneáil na sonraí agus an rochtain orthu éagsúil óna chéile mar chineáil chur isteach ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, lena n-éilítear údar ar leith. Tugtar le tuiscint uaidh sin nach bhféadfaí, le reachtaíocht náisiúnta inti féin, ina ndearbhaítear lánurraim na gcoinníollacha de thoradh an chásdlí maidir le rochtain ar na sonraí a choinnítear, teorainn nó leigheas a

⁵³ Go sonrach, an dara habairt d'Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58.

⁵⁴ Féach, maidir le rochtain ar shonraí den sórt sin, breithiúnas an 2 Márta 2021, *Prokurator (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach)* (C-746/18, [EU:C:2021:152](#), mír 39).

chur le cur isteach tromchúiseach ar chearta na ndaoine lena mbaineann a leanfadh as coinneáil ghinearálta na sonraí dá bhforáiltear iontu.

Ina theannta sin, d'fhonn freagairt d'argóintí a cuireadh chun cinn os a comhair, thug an Chúirt dá haire, ar an gcéad dul síos, murab ionann agus an choireacht, fiú má tá sí thar a bheith tromchúiseach, go gcaithfeadh bagairt ar an tslándáil náisiúnta a bheith iarbhir faoi láthair nó, ar a laghad, a bheith amhail go bhféadfaí a thuar, agus dá bhrí sin de chineál a thabharfadh le tuiscint go bhfuil imthosca nithiúla ann atá leordhóthanach chun údar a thabhairt le beart lena gcoinnítear sonraí tráchta agus sonraí suímh go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar feadh tréimhse theoranta. Dá dheasca sin, is éagsúil í bagairt den sórt sin ón mbaol ginearálta agus buan go dtarlóidh teannas nó go gcuirfí isteach, fiú go tromchúiseach, ar an tslándáil phoiblí nó go ndéanfaí cionta coiriúla tromchúiseacha de bharr a cineáil, a tromchúise agus shainiúlacht a himthosca. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí caitheamh le coireacht, fiú coireacht atá thar a bheith tromchúiseach, mar bhagairt ar an tslándáil náisiúnta.

Thug sí faoi deara, sa dara háit, d'fhonn coireacht thromchúiseach a chomhrac, go mbeadh údarú ar rochtain ar na sonraí sin a choinnítear go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta, contrártha d'ordlathas na gcuspóirí leasa an phobail a d'fhéadfadh údar a thabhairt le beart arna ghlacadh de bhun na Treorach um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach.⁵⁵ Is ionann é sin agus rochtain ar shonraí a cheadú de réir cuspóra is lú tábhachtaí ná an cuspóir a thug údar maith le coinneáil na sonraí sin, eadhon an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus dá bhrí sin bheadh baol ann go mbainfí aon éifeacht den toirmeasc ar stóráil ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach chun coireacht thromchúiseach a chomhrac dá gceadófaí rochtain den sórt sin.

Is é conclúid na Cúirte, agus a cásdlí níos luaithe á dheimhniú aici, go gcuirtear cosc leis an treoir “maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach”, léite i bhfianaise na Cairte, ar bhearta reachtacha náisiúnta lena bhforáiltear, mar bheart coisctheach, do shonraí tráchta agus sonraí suímh a bhaineann le cumarsáid leictreonach a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha don tslándáil phoiblí a chosc.

Ar an taobh eile, ní chuirtear cosc leis ar bhearta reachtacha lena gceadaítear, chun an tslándáil náisiúnta a choimirciú, dul i muintín ordú ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí chun sonraí tráchta agus sonraí suímh a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, i gcásanna ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an tslándáil náisiúnta roimh an mBallstát lena mbaineann atá iarbhir faoi láthair nó ar féidir í a thuar. I ndáil leis sin, dearbhaíonn an Chúirt go bhféadfaidh an cinneadh lena bhforchuirtear ordú den sórt sin a bheith faoi réir grinnscrúdú éifeachtach ag cúirt nó ag

⁵⁵ Tá an t-ordlathas sin cumhdaithe i gcásdlí na Cúirte, agus go háirithe in *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, i míreanna 135 agus 136. De réir an ordlathais seo, is lú tábhacht atá ag baint leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí ná leis an tslándáil náisiúnta a chosaint.

eintiteas neamhspleách riaracháin a bhfuil a chinneadh ceangailteach; go bhfuil sé mar chuspóir ag an ngrinnscrúdú sin a fhóru an ann do cheann de na cásanna sin agus an gcomhlíontar na coinníollacha agus na cosaintí nach mór a fhoráil; agus nach n-eisítear an t-ordú sin ach ar feadh tréimhse ama atá teoranta do théarma a bhfuil dianghá leis, ach atá in-athnuaite má leanann an bhagairt sin ar aghaidh.

Ní chuirtear cosc leis an treoir sin ach an oiread, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar bhearta reachtacha lena bhforáiltear, chun críocha an tslándáil náisiúnta a chosaint, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus chun bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do choinneáil sonraí tráchta agus sonraí suímh ar bhonn gnéithe oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, de réir chatagóirí na n-ábhar sonraí nó trí bhíthin critéir gheografacha, ar feadh tréimhse ama atá teoranta do théarma a bhfuil dianghá leis ach atá inathnuaite.

Is amhlaidh an cás maidir le bearta reachtacha lena bhforáiltear, chun críocha an tslándáil náisiúnta a chosaint, chun coireacht thromchúiseach a chomhrac agus chun bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do choinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach seoltaí IP atá curtha i leith foinse naisc ar feadh tréimhse ama atá teoranta do théarma a bhfuil dianghá leis, agus sonraí a bhaineann le stádas sibhialta úsáideoirí na modhanna cumarsáide leictreonaí, go bhféadfadh coinneáil cur leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí, sa mhéid gur féidir, a bhú leis na sonraí sin, na daoine a d'úsáid na modhanna sin a shainaithe i gcomhthéacs gnímh a bhaineann le coireacht thromchúiseach a ullmhú nó a dhéanamh.

Is amhlaidh an cás maidir le bearta reachtacha lena bhforáiltear, chun críocha coireacht thromchúiseach a chomhrac agus bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil phoiblí a chosc, do dhul i muinín ordú ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí tabhairt faoi, go ceann tréimhse socraithe, caomhnú brostaithe ar na sonraí tráchta agus ar na sonraí suímh atá ag na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí seo, trí bhíthin cinneadh ón údarás inniúil atá faoi réir grinnscrúdú breithiúnach éifeachtach.

Deir an Chúirt, áfach, gur gá go n-áiritheofar leis na bearta thuasluaite go léir, trí bhíthin rialacha soiléire mionsonraithe, go gcoinneofar na sonraí atá i gceist i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha agus nós imeachta lena mbaineann agus go mbeidh cosaintí leordhóthanacha ag na hábhair sonraí i gcoinne an bhaoil go mbainfí mí-úsáid astu. Féadfar na bearta éagsúla a chur i bhfeidhm go comhpháirteach, ar rogha an reachtais náisiúnta agus teorainneacha an dianghá á n-urramú acu chomh maith.

Breithiúnas an 15 Meitheamh 2021 (an Mór-Dhlísheomra), Facebook Ireland agus páirtithe eile (C-645/19, [EU:C:2021:483](#))

An 11 Meán Fómhair 2015, thug Commission belge de la protection de la vie privée (Uachtarán Choimisiún Príobháideachais na Beilge 'CPVP') caingean os comhair an Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel (Cúirt Chéadchéime Ollainnise na Bruiséile, an Bheilg), le haghaidh urghaire i gcoinne Facebook Ireland, Facebook Inc.

agus Facebook Belgium, agus é ag iarraidh deireadh a chur le sáruihte líomhnaithe arna ndéanamh ag Facebook ar an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí. Is éard a bhí i gceist leis na sáruihte sin, *inter alia*, faisnéis a bhailiú agus a úsáid maidir le hiompar brabhsála úsáideoirí idirlín na Beilge, is cuma an raibh cuntas Facebook acu nó nach raibh, trí bhíthin teicneolaíochtaí éagsúla, amhail fianáin, modúil shóisialta ⁵⁶ nó picteilíní.

An 16 Feabhra 2018, chinn an chúirt sin go raibh dlínse aici rialú a thabhairt ar an gcaingean sin agus, ar an tsubstaint, chinn sí nár chuir líonra sóisialta Facebook úsáideoirí idirlín na Beilge ar an eolas go leordhóthanach faoi bhailiú agus úsáid na faisnéise lena mbaineann. Ina theannta sin, measadh go raibh an toiliú arna thabhairt ag úsáideoirí idirlín chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a phróiseáil neamhbhailí.

An 2 Márta 2018, rinne Facebook Ireland, Facebook Inc. agus Facebook Belgium achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Hof van beroep te Brussel (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg), eadhon an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo. Os comhair na cúirte sin, ghníomhaigh Autorité belge de protection des données (Údarás na Beilge um Chosaint Sonraí 'APD') mar chomharba dlíthiúil ar Chathaoirleach CPVP. Dhearbhaigh an chúirt a rinne an tarchur gurb í an t-aon chúirt a raibh dlínse aici chun rialú a thabhairt ar an achomharc a rinne Facebook Belgium.

Bhí amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis an tionchar a bhí ag cur i bhfeidhm an tsásra maidir le hionaid ilfhreastail dá bhforáiltear in RGCS í ⁵⁷ ar inniúlachtaí APD agus cheistigh sí, go háirithe, maidir leis na fórais tar éis theacht i bhfeidhm RGCS, eadhon tar éis an 25 Bealtaine 2018, an bhféadfaí imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Facebook Belgium, ós é Facebook Ireland a sainathníodh mar rialaitheoir na sonraí lena mbaineann. Ón dáta sin agus go háirithe faoin bprionsabal maidir le hionaid ilfhreastail a leagtar síos in RGCS, níl dlínse ach ag Coimisinéir um Chosaint Sonraí na hÉireann caingean le haghaidh urghaire a thionscnamh, faoi réir athbhreithniú ag cúirteanna na hÉireann.

Ina breithiúnas, arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, shonraigh an Chúirt cé na cumhachtaí atá ag na húdaráis maoirseachta náisiúnta faoi RGCS. Dá bhrí sin, mheas sí, *inter alia*, go n-údaráítear leis an Rialachán sin, faoi choinníollacha áirithe, d'údarás maoirseachta Ballstáit a chumhacht a fheidhmiú chun aon sárú líomhnaithe ar RGCS a thabhairt os comhair cúirt de chuid an Stáit sin agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla maidir le próiseáil trasteorann ar shonraí, ⁵⁸ cé nach bhfuil sé mar phríomhúdarás don phróiseáil sin.

⁵⁶ Amhail cnaipí 'is maith liom' nó 'roinnt'.

⁵⁷ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1) (RGCS). Faoi Airteagal 56(1) de RGCS: 'Gan dochar d'Airteagal 51, beidh údarás maoirseachta na príomhbhunaíochta nó na bunaíochta aonair de chuid an rialaitheora nó de chuid an phróiseálaí inniúil chun gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta ar an bpróiseáil trasteorann arna déanamh ag an rialaitheoir sin nó ag an bpróiseálaí sin'.

⁵⁸ De réir bhrí Airteagal 4(23) de RGCS.

Sa chéad áit, shonraigh an Chúirt cé na coinníollacha faoinar gá d'údarás maoirseachta náisiúnta, nach bhfuil stádas mar phríomhúdarás aige i ndáil le próiseáil trasteorann, a chumhacht a fheidhmiú chun aon sárú líomhnaithe ar RGCS a thabhairt os comhair cúirte de chuid Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh chun cur i bhfeidhm an Rialacháin sin a áirithiú. Dá bhrí sin, ar thaobh amháin, ní mór go dtabharfaí inniúlacht le RGCS don údarás maoirseachta sin cinneadh a ghlacadh lena gcinntear go sáraítear na rialacha a leagtar síos sa Rialachán sin leis an bpróiseáil sin agus, ar an taobh eile, ní mór an chumhacht sin a fheidhmiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta comhair agus comhsheasmhachta a leagtar síos leis an Rialachán sin.⁵⁹

Go deimhin, i gcás próiseáil trasteorann, foráiltear le RGCS don sásra maidir le hionaid ilfhreastail',⁶⁰ atá bunaithe ar roinnt na n-inniúlachtaí idir 'príomhúdarás maoirseachta' agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta eile lena mbaineann. Éilítear leis an sásra sin dlúthchomhar dílis éifeachtach idir na húdaráis sin, chun cosaint chomhsheasmhach aonchineálach a áirithiú do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus, ar an gcaoi sin, a n-éifeachtacht a chaomhnú. Ina leith sin, le RGCS bunaítear inniúlacht an phríomhúdaráis maoirseachta cinneadh a ghlacadh lena gcinntear go sáraítear na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán sin le próiseáil trasteorann,⁶¹ cé gur eisceacht í inniúlacht na n-údarás maoirseachta náisiúnta eile cinneadh den sórt sin a ghlacadh, fiú ar bhonn sealadach.⁶² Mar sin féin, agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, ní féidir leis an bpríomhúdarás maoirseachta imeacht ó idirphlé fíor-riachtanach agus ó chomhar dílis éifeachtach leis na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann. Mar thoradh air sin, i gcomhthéacs an chomhair sin, ní féidir leis an bpríomhúdarás maoirseachta neamhaird a thabhairt ar bharúlacha na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann agus tá sé d'éifeacht ag aon agóid ábhartha réasúnaithe ó cheann de na húdaráis sin bac a chur, ar bhonn sealadach ar a laghad, ar dhréachtchinneadh a bheith glactha ag an bpríomhúdaráis maoirseachta.

Maidir leis an bhfíoras nach féidir le húdarás maoirseachta de chuid Ballstáit nach bhfuil mar phríomhúdarás maoirseachta i ndáil le próiseáil sonraí trasteorann an chumhacht a fheidhmiú chun aon sárú líomhnaithe ar RGCS a thabhairt os comhair cúirt de chuid an Stáit sin agus chun bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla ach amháin i gcomhréir leis na rialacha maidir le cumhachtaí cinnteoireachta a roinnt idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta eile,⁶³ Shonraigh an Chúirt freisin go bhfuil sé sin ag teacht le hAirteagail 7, 8 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena ráthaítear don ábhar sonraí, faoi seach, an ceart go ndéanfar a

⁵⁹ Dá bhforáiltear in Airteagail 56 agus 60 de RGCS.

⁶⁰ Airteagal 56(1) de RGCS.

⁶¹ Airteagal 60(7) de RGCS.

⁶² Le hAirteagal 56(2) agus le hAirteagal 66 de RGCS leagtar síos eisceachtaí ar an bprionsabal gurb iad na príomhúdaráis maoirseachta atá inniúil chun cinntí a thabhairt.

⁶³ Dá bhforáiltear in Airteagail 55 agus 56, ama léamh i bhfianaise Airteagal 60 de RGCS.

shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.

Ar an dara dul síos, mheas an Chúirt, i gcás próiseáil sonraí trasteorann, chun go bhféadfadh údarás maoirseachta Ballstáit seachas an príomhúdarás maoirseachta a chumhacht a fheidhmiú chun caingean dlí a thionscnamh ⁶⁴ nach gá go mbeadh príomhbhunaíocht nó bunaíocht eile ar chríoch an Bhallstáit sin ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí do phróiseáil trasteorann ar na sonraí pearsanta a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht sin. Mar sin féin, ní mór go dtiocfadh feidhmiú na cumhachta sin faoi raon feidhme críochach RGCS, ⁶⁵ rud a thugann le tuiscint nach mór bunaíocht a bheith ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí le haghaidh próiseáil trasteorann ar chríoch an Aontais Eorpaigh.

Ar an tríú dul síos, dhearbhaigh an Chúirt, i gcás próiseáil sonraí trasteorann, maidir leis an gcumhacht atá ag údarás maoirseachta Ballstáit, seachas an príomhúdarás maoirseachta, aon sárú líomhnaithe ar RGCS a thabhairt os comhair cúirt de chuid an Bhallstáit sin agus, i gcás inarb iomchuí, bheith páirteach in imeachtaí dlí nó iad a thionscnamh, go bhféadfar í a fheidhmiú i ndáil le príomhbhunaíocht an rialaitheora atá i mBallstát an údaráis sin agus i ndáil le bunaíocht eile de chuid an rialaitheora sin, ar choinníoll go mbaineann an chaingean le próiseáil sonraí a dhéantar i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí na bunaíochta sin agus go bhfuil an t-údarás sin inniúil chun an chumhacht sin a fheidhmiú.

Ina theannta sin, áfach, shonraigh an Chúirt go dtoimhdítear go bhfuil RGCS infheidhme nuair a dhéantar an chumhacht sin a fheidhmiú. Sa chás seo, ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir gníomhaíochtaí bhunaíocht ghrúpa Facebook atá lonnaithe sa Bheilg agus próiseáil ar na sonraí pearsanta atá i gceist sna príomhimeachtaí, arb é Facebook Ireland an rialaitheoir ina leith laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, déantar an phróiseáil sin 'i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí bunaíochta an rialaitheora' agus, dá bhrí sin, tagann sé faoi raon feidhme RGCS.

Ar an gceathrú dul síos, dhearbhaigh an Chúirt, i gcás inar thionscain údarás maoirseachta Ballstáit nach 'príomhúdarás maoirseachta' é, roimh dháta theacht i bhfeidhm RGCS, caingean dlí maidir le próiseáil trasteorann ar shonraí pearsanta, go bhféadfar leanúint ar aghaidh leis an gcaingean sin faoi dhlí an Aontais ar bhonn fhorálacha na Treorach maidir le Cosaint Sonraí ⁶⁶ atá fós infheidhme maidir le sárúithe ar na rialacha a leagtar síos ann arna ndéanamh go dtí an dáta a rinneadh an Treoir sin a aisghairm. Ina theannta sin, féadfaidh an t-údarás sin an chaingean sin a thionscnamh

⁶⁴ Faoi Airteagal 58(5) de RGCS.

⁶⁵ Le hAirteagal 3(1) de RGCS foráiltear go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaíochta de chuid rialaitheora nó próiseálaithe atá lonnaithe san Aontas, is cuma cé acu an ndéantar an phróiseáil san Aontas nó nach ndéantar'.

⁶⁶ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

i leith cionta a rinneadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm RGCS, ar choinníoll go bhfuil sé á dhéanamh i gceann de na cásanna ina dtugtar inniúlacht mar eisceacht leis an Rialachán don údarás sin cinneadh a ghlacadh lena gcinntear go sáraítear rialacha a leagtar síos leis an Rialachán sin leis an bpróiseáil sonraí lena mbaineann, agus go ndéantar é i gcomhréir leis na nósanna imeachta comhair dá bhforáiltear leis an Rialachán sin.

Ar an gcúigiú dul síos agus ar deireadh, d'aithin an Chúirt go bhfuil éifeacht dhíreach ag an bhforáil sin de RGCS faoinar gá do na Ballstát foráil a dhéanamh le dlí go bhfuil sé de chumhacht ag a údarás maoirseachta aird na n-údarás breithiúnach a tharraingt ar aon sárú ar an Rialachán sin agus, i gcás inarb iomchuí, páirt a ghlacadh in imeachtaí dlíthiúla nó iad a thionscnamh. Dá bhrí sin, féadfaidh údarás den sórt sin an fhoráil sin a agairt chun leanúint ar aghaidh le caingean i gcoinne daoine aonair nó í a thionscnamh, fiú mura bhfuil sé curtha chun feidhme go sonrathach i reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann.

Breithiúnas an 30 Aibreán 2024 (an Chúirt iomlán), La Quadrature du Net agus páirtithe eile (Sonraí pearsanta agus an comhrac i gcoinne an ghóchumtha) (C-470/21, [EU:C:2024:370](#))

Le blianta beaga anuas, iarradh ar an gCúirt, roinnt uaireanta, rialú a thabhairt maidir le sonraí pearsanta a choinneáil agus rochtain a fháil orthu i réimse na cumarsáide leictreonaí agus, dá bhrí sin, tá corpas leathan cásdlí aici ar an ábhar seo.⁶⁷ Trí chinneadh a dhéanamh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc), forbraíonn an Chúirt, ina suí di mar an Chúirt iomlán, an cásdlí sin trí shoiléirithe a thabhairt maidir leis na coinníollacha, ar dtús, nach féidir a mheas gur cur isteach tromchúiseach iad coinneáil ghinearálta seoltaí IP ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar na cearta ar shaol príobháideach, ar chosaint sonraí pearsanta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a ráthaítear leis an gCairt,⁶⁸ agus, ansin, an fhéidearthacht d'údarás poiblí rochtain a fháil ar shonraí pearsanta áirithe a choinnítear i gcomhréir leis na coinníollacha sin, i gcomhthéacs sárúithe ar chearta maoinne intleachtúla a dhéantar ar líne a chomhrac.

Sa chás seo, chuir ceithre chomhlachas iarratas faoi bhráid an Premier ministre (Príomh-Aire, an Fhrainc) ag iarraidh go ndéanfaí an fhoraithe maidir le próiseáil uathoibríthe

⁶⁷ Féach, go háirithe, breithiúnais an 21 Nollaig 2016, *Tele2 Sverige agus Watson agus páirtithe eile* (C-203/15 agus C-698/15, [EU:C:2016:970](#)), an 2 Deireadh Fómhair 2018, *Ministerio Fiscal* (C-207/16, [EU:C:2018:788](#)), an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, [EU:C:2020:791](#)), an 2 Márta 2021, *Prokuratuur* (Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí a bhaineann le cumarsáid leictreonach) (C-746/18, [EU:C:2021:152](#)) an 17 Meitheamh 2021, *M.I.C.M.* (C-597/19, [EU:C:2021:492](#)), agus an 5 Aibreán 2022, *Coimisinéir an Gharda Síochána agus páirtithe eile* (C-140/20, [EU:C:2022:258](#)).

⁶⁸ Airteagail 7, 8 agus 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt).

sonraí pearsanta a aisghairm. ⁶⁹ Toisc nár gníomhaíodh de bhun na hiarrata sin, thug na comhlachais sin caingean os comhair an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc) ag iarraidh go gcuirfí an cinneadh diúltaithe intuigthe sin ar neamhní. Dar leo, sáraíonn an fhoraithne seo agus na forálacha ar a bhfuil sí bunaithe ⁷⁰ dlí an Aontais.

Faoi dhlí na Fraince, údaraítear Haute Autorité pour la diffusion des œuvres et la protection des droits sur internet (an tArd-Údarás um Scaipeadh na Saothar agus um Chearta a Chosaint ar an Idirlíon) ('Hadopi'), chun iad siúd atá freagrach as sárúithe ar chóipcheart nó ar chearta gaolmhara arna ndéanamh ar líne a shainaithint, rochtain a fháil ar shonraí áirithe a cheanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí a choinneáil. Baineann na sonraí sin le haitheantas sibhialta duine lena mbaineann atá bainteach lena sheoladh IP nó lena seoladh IP a bhailigh eagraíochtaí sealbhóirí cirt roimhe sin. Nuair a shainaithnítear sealbhóir an tseolta IP a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí ar sárúithe den sórt sin iad, leanann Hadopi an nós imeachta 'freagairt chéimnithe.' Go sonrach, tugtar de chumhacht dó dhá mholadh a sheoladh chuig an duine sin, atá cosúil le rabhaidh, agus, má leanann na gníomhaíochtaí ar aghaidh, litir lena gcuirtear in iúl dó nó di go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir ionchúiseamh coiriúil. Ar deireadh, tá sé i dteideal an t-ábhar a tharchur chuig an tseirbhís ionchúisimh phoiblí d'fhonn an duine sin a ionchúiseamh. ⁷¹

Sa chomhthéacs sin, tharchuir an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit) ceisteanna chuig an gCúirt maidir le léiriú ar an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte. ⁷²

Ar an gcéad dul síos, maidir le sonraí a bhaineann le céannacht sibhialta agus seoltaí IP gaolmhara a choinneáil, sonraíonn an Chúirt nach gá gurb ionann coinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach seoltaí IP, i ngach cás, agus cur isteach tromchúiseach ar na cearta chun measa ar an saol príobháideach, ar chosaint sonraí pearsanta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a ráthaítear leis an gCairt.

D'fhéadfadh bonn cirt a bheith leis an oibleagáid chun coinneáil den sórt sin a áiritiú tríd an gcuspoir cionta coiriúla a chomhrac i gcoitinne, i gcás ina gcuirtear as an áireamh

⁶⁹ Foraithe Uimh. 2010-236 an 5 Márta 2010 maidir le próiseáil uathobrithe sonraí pearsanta arna n-údarú le hAirteagal L. 331-29 den Chód Maoine Intleachtúla ar a dtugtar 'Système de gestion des mesures pour la protection des œuvres sur internet' (Córas Bainistíochta le haghaidh bearta chun saothair ar an idirlíon a chosaint) (JORF Uimh. 56 an 7 Márta 2010, téacs Uimh. 19), ar na leasú le Foraithe Uimh. 2017-924 an 6 Bealtaine 2017 maidir le bainistiú cóipchirt agus cearta gaolmhara ag eagraíocht um bainistiú cearta agus lena leasaítear an Cód um Maoine Intleachtúil (JORF n° 109 an 10 Bealtaine 2017, Uimh. 176).

⁷⁰ Go háirithe, idir an tríú agus an cúigiú mír d'Airteagal L. 331-21 den Chód Maoine Intleachtúla.

⁷¹ Ón 1 Eanáir 2022, rinneadh Hadopi a chumasc leis an Conseil supérieur de l'audiovisuel (CSA), údarás poiblí neamhspleách eile, chun an Autorité de régulation de la communication audiovisuelle et numérique (ARCOM) a chruthú. Mar sin féin, níl aon athrú ar an nós imeachta céimnithe freagartha go bunúsach.

⁷² Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002 L 201, lch. 37), arna leasú ag Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 (IO 2009 L 337, lch. 11) (Treoir maidir le saol príobháideacht agus cumarsáid leictreonach), arna léamh i bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 11 agus 52(1) den Chairt.

i ndáiríre go bhféadfadh cur isteach tromchúiseach ar shaol príobháideach an duine lena mbaineann a bheith mar thoradh ar an gcoinneáil sin toisc go bhféadfaí teacht ar thátail beachta maidir leis an duine sin, go háirithe, trí na seoltaí IP sin a nascadh le tacar sonraí tráchta nó suímh.

Dá réir sin, ní mór do Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige oibleagáid den sórt sin a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí a áirithiú go gcuirtear as an áireamh, leis na socruithe maidir leis na sonraí sin a choinneáil, an fhéidearthacht go bhféadfaí teacht ar thátail beachta maidir le saol príobháideach na ndaoine lena mbaineann.

Shonraigh an Chúirt, chuige sin, nach mór baint a bheith ag na socruithe coinneála leis an gcaoi a ndéantar an choinneáil a struchtúru; go bunúsach, ní mór an choinneáil sin a eagrú ar bhealach a áiritheoidh go ndéanfar na catagóirí éagsúla sonraí a choinnítear a dheighilt go héifeachtach. Dá réir sin, ní mór a áirithiú leis na rialacha náisiúnta a bhaineann leis na socruithe sin go ndéanfar gach catagóir sonraí, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le céannacht shibhialta agus seoltaí IP, a choinneáil go hiomlán ar leithligh ó chatagóirí eile sonraí coinnithe agus go mbeidh an deighilt sin dosháraithe, trí bhíthin córas ríomhaireachta atá slán agus iontaoifa. Ina theannta sin, a mhéid a fhoráiltear leis na rialacha sin go bhféadfaí na seoltaí IP a choinnítear a nascadh le haitheantas sibhialta an duine lena mbaineann chun sárúithe a chomhrac, ní mór dóibh nascadh den sórt sin a cheadú trí phróiseas teicniúil éifeachtach a úsáid, agus trí sin amháin, rud nach mbaineann an bonn d'éifeachtacht dheighilt dosháraithe na gcatagóirí sonraí sin. Ní mór éifeachtacht na deighilte sin a bheith faoi réir athbhreithniú rialta ag údarás poiblí tríú páirtí. A mhéid a fhoráiltear leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme na diancheanglais den sórt sin, ní féidir an cur isteach a eascraíonn as coinneáil seoltaí IP den sórt sin a aicmiú mar chur isteach 'tromchúiseach.'

Dá bhrí sin, chinn an Chúirt, i bhfianaise creat reachtach lena n-áirithítear nach bhféadfar tátail bheachta maidir le saol príobháideach na ndaoine a gcoinnítear a gcuid sonraí a bhaint amach, nach gcuirtear cosc leis an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar Bhallstát oibleagáid a fhorchur seoltaí IP a choinneáil, ar bhealach ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach, laistigh de theorainneacha an méid a bhfuil fóirghá leis, chun críocha cionta coiriúla a chomhrac i gcoitinne.

Ar an dara dul síos, maidir le rochtain ar shonraí a bhaineann le céannacht shibhialta a bhaineann le seoltaí IP, mheas an Chúirt nach gcuirtear cosc, i bprionsabal, leis an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach, arna léamh i bhfianaise na Cairte, ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear d'údarás poiblí rochtain a fháil ar na sonraí sin a choinníonn soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar leithligh agus ar bhealach fíor-uisceach, chun cur ar chumas an údaráis sin sealbhóirí na seoltaí sin a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad freagrach as sárúithe ar chóipcheart agus ar chearta gaolmhara ar an idirlíon a shainaithint agus chun bearta a dhéanamh ina gcoinne agus chun na críche sin amháin. Sa chás sin, ní mór don reachtaíocht náisiúnta toirmeasc a

chur ar na hoifigigh a bhfuil an rochtain sin acu, ar an gcéad dul síos, faisnéis a nochtadh i bhfoirm ar bith maidir le hábhar na gcomhad a cheadaigh na sealbhóirí sin seachas chun an t-ábhar a tharchur chuig an tseirbhís ionchúisimh phoiblí, agus chun na críche sin amháin, ar an dara dul síos, sruth cliceála na sealbhóirí sin a rianú ar bhealach ar bith agus, ar an tríú dul síos, na seoltaí IP sin a úsáid chun críocha seachas na bearta sin a ghlacadh.

Sa chomhthéacs sin, thug an Chúirt dá haire, go háirithe, cé gur príomhbhreithnithe iad an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus rúndacht sonraí pearsanta, ní cearta iomlána iad na cearta bunúsacha sin. Le linn na cearta agus na leasanna atá i gceist á gcothromú, ní mór do na cearta bunúsacha sin cearta bunúsacha eile nó riachtanais leasa phoiblí eile a bhaint amach ó am go chéile, amhail an t-ord poiblí a choinneáil agus coireacht a chosc nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás ina bhfuil an tábacht a thugtar do na príomhbhreithnithe sin de chineál a chuirfeadh bac ar éifeachtacht imscrúdaithe choiriúil, go háirithe trína dhéanamh dodhéanta nó ródheacair déantóir ciona choiriúil a shainaithint go héifeachtach agus pionós a fhorchur air nó uirthi.

Sa chomhthéacs céanna, tagraíonn an Chúirt freisin dá cásdlí ar dá réir, maidir leis na cionta coiriúla lena sáraítear cóipcheart nó cearta gaolmhara arna ndéanamh ar líne a chomhrac, go bhféadfadh sé gurb é rochtain ar sheoltaí IP an t-aon mhodh imscrúdaithe lenar féidir an duine lena mbaineann a shainaithint agus gur gnách leis sin a léiriú go bhfuil géarghá leis na seoltaí sin a choinneáil agus rochtain a fháil orthu chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus, dá bhrí sin, go gcomhlíonann sé ceanglas na comhréireachta. Thairis sin, mura gceadófaí rochtain den sórt sin, bheadh fíorbhaol ann go mbeadh saoirse ó phionós sistéamach ann maidir le cionta coiriúla a dhéantar ar líne nó a n-éascaítear a ndéanamh nó a n-ullmhú le saintréithe sonracha an idirlín. Is toisc ábhartha é riosca den sórt sin a bheith ann chun a mheas, agus na cearta agus na leasanna éagsúla atá i gceist á gcothromú, an beart comhréireach é cur isteach ar na cearta chun measa ar an saol príobháideach, ar chosaint sonraí pearsanta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i bhfianaise an chuspóra cionta coiriúla a chomhrac.

Ar an tríú dul síos, agus rialú á dhéanamh aici an gcaithfidh rochtain an údaráis phoiblí ar shonraí a bhaineann leis an gcéannacht shibhialta a bhaineann le seoladh IP a bheith faoi réir athbhreithniú roimh ré ag cúirt nó ag údarás riaracháin neamhspleách, measann an Chúirt go bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le hathbhreithniú roimh ré den sórt sin i gcás, faoi chuimsiú na reachtaíochta náisiúnta, ina bhfuil an baol ann go gcuirfí isteach go tromchúiseach ar chearta bunúsacha an duine lena mbaineann leis an rochtain sin sa chaoi go bhféadfadh an t-údarás poiblí sin teacht ar thátail beachta faoi shaol príobháideach an duine sin agus, de réir mar a bheidh, próifíl mhionsonraithe an duine sin a bhunú. Os a choinne sin, níl sé i gceist go mbeadh feidhm ag an gceanglas sin maidir le hathbhreithniú roimh ré i gcás nach féidir an cur isteach ar chearta bunúsacha a aicmiú mar chur isteach tromchúiseach.

I ndáil leis sin, cuireann an Chúirt in iúl, i gcás ina gcuirtear creat coinneála i bhfeidhm lena n-áiríthítear deighilt dosháraithe idir na catagóirí éagsúla sonraí a choinnítear, nach bhfuil rochtain ag an údarás poiblí ar na sonraí a bhaineann le haitheantas sibhialta a bhaineann leis na seoltaí IP, i bprionsabal, faoi réir an cheanglais maidir le hathbhreithniú roimh ré. Mar riail ghinearálta, ní hionann rochtain den sórt sin chun sealbhóir seoladh IP a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, agus cur isteach tromchúiseach ar na cearta thuasluaite.

Níor chuir an Chúirt Bhreithiúnais as an áireamh, áfach, go bhféadfadh, i gcásanna neamhghnácha, baol a bheith ann, i gcomhthéacs nós imeachta amhail an nós imeachta freagartha céimnithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, go bhféadfadh an t-údarás poiblí a bheith in ann teacht ar thátail beachta maidir le saol príobháideach an duine lena mbaineann, go háirithe i gcás ina mbíonn an duine sin ag gabháil do ghníomhaíochtaí lena sáraítear cóipcheart nó cearta gaolmhara ar líonraí idir piaraí arís agus arís eile, nó ar mhórsála, i ndáil le saothair chosanta de chineálacha áirithe is féidir a ghrúpáil le chéile ar bhonn na bhfocal ina dteideal, lena nochtar faisnéis a d'fhéadfadh a bheith íogair faoi ghnéithe de shaol príobháideach an duine sin.

Sa chás seo, d'fhéadfadh sealbhóir seolta IP a bheith neamhchosanta go háirithe ar riosca den sórt sin nuair nach mór don údarás poiblí cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar an t-ábhar a tharchur chuig an tseirbhís ionchúisimh phoiblí d'fhonn an duine sin a ionchúiseamh. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar dhéine an tsáraithe ar an gceart chun measa ar an saol príobháideach de réir mar a théann an nós imeachta freagartha céimnithe, ar próiseas seicheamhach é, ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla. Le rochtain an údaráis inniúil ar na sonraí go léir a bhaineann leis an duine lena mbaineann a bailíodh le linn chéimeanna éagsúla an nós imeachta sin, d'fhéadfaí teacht ar thátail beachta faoi shaol príobháideach an duine sin. Dá réir sin, ní mór foráil a dhéanamh sa reachtaíocht náisiúnta maidir le hathbhreithniú roimh ré nach mór a dhéanamh sular féidir leis an údarás poiblí na sonraí céannachta sibhialta agus tacar sonraí den sórt sin a nascadh, agus sula seolfar litir fógra ina ndearbhaítear go raibh an duine sin ag gabháil d'iompar atá faoi réir ionchúiseamh coiriúil. Thairis sin, ní mór don athbhreithniú sin éifeachtacht an nós imeachta um fhreagairt céimnithe a chaomhnú trína chumasú, go háirithe, cásanna a shainaithint ina ndearnadh an t-iompar neamhdhleathach atá i gceist arís. Chuige sin, ní mór an nós imeachta sin a eagrú agus a struchtúrú ar bhealach nach féidir leis na daoine atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na fíorais laistigh den údarás poiblí inniúil sonraí céannachta sibhialta duine atá bainteach le seoltaí IP a bailíodh roimhe sin ar an idirlíon a nascadh go huathoibríoch le faisnéis atá ag an údarás poiblí inniúil cheana féin agus lena bhféadfaí teacht ar thátail beachta faoi shaol príobháideach an duine sin.

Ina theannta sin, maidir le cuspóir an athbhreithnithe roimh ré, tugann an Chúirt dá haire, i gcás ina bhfuil amhras ann go ndearna an duine lena mbaineann cion a thagann faoi raon feidhme cionta coiriúla i gcoitinne, nach mór don chúirt nó don chomhlacht riaracháin neamhspleách atá freagrach as an athbhreithniú sin rochtain a dhiúltú i gcás

ina gceadófaí leis an rochtain sin don údarás poiblí a d'iarr é teacht ar thátail beachta faoi shaol príobháideach an duine sin. Mar sin féin, ba cheart rochtain fiú lenar féidir teacht ar thátail beachta den sórt sin a údarú i gcásanna ina bhfuil amhras ann go ndearna an duine cion a mheasann an Ballstát lena mbaineann go mbaineann sé an bonn de leas bunúsach na sochaí agus, dá bhrí sin, gur coir thromchúiseach é.

Deir an Chúirt freisin nach féidir athbhreithniú roimh ré a uathoibriú go hiomlán i gcás ar bith ós rud é, i gcás imscrúdú coiriúil, go gceanglaítear le hathbhreithniú den sórt sin cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, na leasanna dlisteanacha a bhaineann le coireacht a chomhrac agus, ar an taobh eile, an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint. Éilíonn an comhardú sin idirghabháil ó dhuine nádúrtha, go háirithe i gcás ina mbaineann rioscaí príobháideachais le cineál uathoibríoch agus scála mór na próiseála sonraí atá i gceist.

Dá bhrí sin, chinn an Chúirt go bhfuil an fhéidearthacht, do na daoine atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na fórais laistigh den údarás poiblí sin, sonraí den sórt sin a bhaineann le céannacht shibhialta duine atá bainteach le seoladh IP a nascadh le comhaid ina bhfuil faisnéis lena nochtar teideal na saothar cosanta ar thug a gcur ar fáil ar an idirlíon údar maith le bailiú seoltaí IP ag eagraíochtaí sealbhóirí cirt faoi réir, i gcásanna ina ndéanann an duine céanna gníomhaíocht athuair lena sáraítear cóipcheart nó cearta gaolmhara, athbhreithniú ag cúirt nó ag údarás riaracháin neamhspleách. Ní féidir an t-athbhreithniú sin a uathoibriú go hiomlán agus ní mór é a dhéanamh sula ndéanfar aon nascadh den sórt sin, ós rud é gur féidir, in imthosca den sórt sin, teacht ar thátail beachta maidir le saol príobháideach an duine ar úsáideadh a sheoladh IP le haghaidh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cóipcheart nó cearta gaolmhara a shárú.

Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, thug an Chúirt dá haire nach mór an córas próiseála sonraí a úsáideann an t-údarás poiblí a bheith faoi réir athbhreithniú rialta ag comhlacht neamhspleách a ghníomhaíonn mar thríú páirtí i ndáil leis an údarás poiblí sin. Is é cuspóir an rialaithe sin sláine an chórais a fhíorú, lena n-áirítear na coimircí éifeachtacha i gcoinne na rioscaí a bhaineann le rochtain mhí-úsáideach nó neamhdhleathach ar na sonraí sin nó le húsáid na sonraí sin, agus a éifeachtacht agus a iontaofacht maidir le hiompar ciontaithe féideartha a bhrath.

Sa chomhthéacs sin, thug an Chúirt faoi deara, sa chás seo, gur dócha go mbeidh líon áirithe de na sonraí pearsanta i gceist le próiseáil uathoibríthe sonraí pearsanta arna déanamh ag an údarás poiblí ar bhonn na faisnéise a bhaineann le cásanna góchumtha arna mbrath ag na sealbhóirí cóipchirt agus, thar aon ní eile, an riosca go bhféadfadh tríú páirtithe mí-úsáid a bhaint as méid an-suntasach sonraí pearsanta chun críocha neamhdhleathacha nó mí-úsáideacha, rud a mhíníonn an gá atá le hathbhreithniú den sórt sin.

Ina theannta sin, luaitear ann nach mór don phróiseáil sin na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos le Treoir 2016/680.⁷³ a chomhlíonadh. Sa chás seo, fiú mura bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta dá chuid féin ag an údarás poiblí i gcomhthéacs an nós imeachta ‘freagairt chéimnithe,’ ní mór é a aicmiú mar ‘údarás poiblí’ a bhfuil baint aige le cionta coiriúla a chosc agus a bhrath agus, dá bhrí sin, tagann sé faoi raon feidhme na Treorach sin. Dá bhrí sin, ní mór do na daoine atá rannpháirteach i nós imeachta den sórt sin leas a bhaint as sraith coimircí substainteacha agus nós imeachta dá dtagraítear i dTreoir 2016/680; is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach an bhforáiltear do na coimircí sin sa reachtaíocht náisiúnta.

5. Cóipcheart

Breithiúnas an 3 Iúil 2012 (an Mór-Dhlísheomra), UsedSoft (C-128/11, [EU:C:2012:407](#))

Rinne cuideachta Oracle bogearraí a fhorbairt agus a dháileadh, go háirithe trína n-íoslódáil tríd an idirlíon, ar a dtugtar bogearraí ‘cliain-freastalaí’. Bhí cliain in ann cóip de na bogearraí a íoslódáil go díreach ar a ríomhaire. Mar chuid den cheart úsáide áiríodh an ceart chun cóip den chlár sin a stóráil go buan ar fhreastalaí agus chun ligean do 25 úsáideoir rochtain a fháil air. Foráladh sna comhaontuithe ceadúnais go bhfaigheadh an custaiméir ceart úsáide neamh-inaistrithe ar feadh tréimhse gan teorainn chun críocha gairmiúla inmheánacha amháin. Rinne UsedSoft, cuideachta Ghearmánach, ceadúnais a mhargú arna gceannach ó chustaiméirí Oracle. Bhí custaiméirí UsedSoft, nach raibh na bogearraí ina seilbh acu go fóill, in ann é a íoslódáil go díreach, tar éis dóibh ceadúnas ‘athláimhe’ a fháil, ó shuíomh gréasáin Oracle. D’fhéadfadh custaiméirí a raibh na bogearraí sin acu cheana féin ceadúnas nó cuid den cheadúnas a cheannach le haghaidh úsáideoirí breise. Sa chás sin, rinne custaiméirí na bogearraí a íoslódáil ar chuimhne lárnach stáisiúin oibre na n-úsáideoirí eile sin.

Thug Oracle caingean i gcoinne UsedSoft os comhair chúirteanna na Gearmáine agus é ag iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar an gcleachtas sin. D’iarr an Bundesgerichtshof (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme, an Ghearmáin) ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh sa chomhthéacs sin ar Threoir 2009/24/CE⁷⁴ maidir le cosaint dlí le haghaidh ríomhchlár.

⁷³ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (OJ L 119, 2016, lch. 89).

⁷⁴ Treoir 2009/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le cosaint dlí ríomhchlár (JO 2009 L 111, lch. 16).

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní mór Airteagal 4(2) de Threoir 2009/24/CE a léiriú sa chaoi go bhfuil an ceart chun cóip de ríomhchlár a dháileadh ídithe i gcás gur thug sealbhóir an chóipchirt, a thug cead, fiú má tá sé déanta saor in aisce aige, an chóip sin a íoslódáil ón idirlíon ar iompróir sonraí, ceart chun an chóip sin a úsáid gan teorainn ama ar íocaíocht táille atá beartaithe chun cur ar a chumas luach saothair a fháil a fhreagraíonn do luach eacnamaíoch na cóipe den saothar ar leis é.

Is dhá chuid d'aonad doroinnte iad cóip de ríomhchlár a íoslódáil agus an comhaontú ceadúnais úsáide a ghabhann léi a thabhairt i gcrích. Mar chuid de na hidirbhearta sin aistrítear an ceart chun úinéireacht a fháil ar chóip den ríomhchlár lena mbaineann. I ndáil leis sin, is cuma ar cuireadh cóip den ríomhchlár ar fáil don chustaiméir trí íoslódáil nó trí mheán inláimhsithe amhail CD-ROM nó DVD.

Thairis sin, ní mór Airteagail 4(2) agus 5(1) de Threoir 2009/24/CE a léiriú sa chaoi, i gcás athdhíol ceadúnais úsáide lena n-athdhíoltar cóip de ríomhchlár arna íoslódáil ó shuíomh gréasáin shealbhóir an chóipchirt, ar ceadúnas é a deonaíodh ar dtús don chéad cheannaitheoir, go mbeidh an dara ceannaitheoir den cheadúnas sin agus aon cheannaitheoir ina dhiaidh sin in ann brath ar ídiú an chirt dáileacháin dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) den Treoir sin agus tairbhe a bhaint as an gceart atáirgthe.

Breithiúnas an 10 Samhain 2016, Vereniging Openbare Bibliotheken (C-174/15, [EU:C:2016:856](#))

San Ísiltír, níor cumhdaíodh ríomhleabhair á gcur ar iasacht ag leabharlanna poiblí leis an scéim iasachta poiblí ab infheidhme maidir le leabhair thraidisiúnta. Chuir leabharlanna poiblí ríomhleabhair ar fáil go poiblí ar an idirlíon, ar bhonn chomhaontuithe ceadúnais le sealbhóirí cirt. Mheas an Vereniging Openbare Bibliotheken (VOB), comhlachas de gach leabharlann phoiblí san Ísiltír, gur cheart feidhm a bheith ag an scéim do leabhair thraidisiúnta maidir le hiasachtaí digiteacha freisin. Sa chomhthéacs sin, thionscain sé imeachtaí dlí i gcoinne Stichting Leenrecht, fondúireacht atá freagrach as luacha saothair atá dlite d'údair a bhailiú, chun breithiúnas dearbhaithe a fháil chuige sin. Bhain caingean VOB leis na hiasachtaí a eagraíodh de réir an mhúnla 'one copy, one user' ('cóip an úsáideora'), eadhon cóip de leabhar i bhfoirm dhigiteach a thabhairt ar iasacht tríd an gcóip sin a chur ar fhreastalaí leabharlainne poiblí agus cead a thabhairt d'úsáideoir an chóip sin a atáirgeadh trína híoslódáil ar a ríomhaire féin, ar an tuiscint nach féidir ach cóip amháin a íoslódáil le linn na tréimhse iasachta agus, tar éis don tréimhse sin dul in éag, nach féidir leis an úsáideoir sin an chóip sin a úsáid a thuilleadh. Agus díospóid os a comhair, d'fhiafraigh Rechtbank Den Haag (Cúirt Dúiche na Háige, an Ísiltír) den Chúirt Bhreithiúnais an gá Airteagal 1(1), 2(1)(b) agus 6(1) de Threoir 2006/115/CE, ⁷⁵ maidir leis an gceart cíosa agus leis an gceart iasachta agus maidir le cearta áirithe a bhaineann le cóipcheart i

⁷⁵ Treoir 2006/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an gceart cíosa agus leis an gceart iasachta agus maidir le cearta áirithe a bhaineann le cóipcheart i réimse na maoinne intleachtúla (IO L 376, lch. 28).

réimse na maoin intleachtúla, a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'iasacht' iasacht den sórt sin de chóip leabhair i bhfoirm dhigiteach agus an gcuirtear cosc leis an Treoir sin ar chleachtas den sórt sin.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní mór Airteagal 1(1), Airteagal 2(1)(b) agus Airteagal 6(1) de Threoir 2006/115/CE a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'iasacht', de réir bhrí na bhforálacha sin, samhail 'one copy, one user'.

Go deimhin, ba cheart a thuiscint go mbaineann an coincheap 'cíos' in Airteagal 2(1)(a) de Threoir 2006/115/CE go heisiach le hábhair inláimhsithe, agus go mbaineann an coincheap 'cóipeanna' in Airteagal 1(1) den Treoir sin, sa mhéid a bhaineann le nithe a ligean ar cíos, go heisiach le cóipeanna atá greamaithe ar mheán fisiciúil. Thairis sin, tacaítear le conclúid den sórt sin leis an gcuspóir a shaothraítear leis an Treoir sin. In aithris 4 den Treoir sin luaitear, *inter alia*, nach mór cóipcheart a chur in oiriúint do réaltachtaí eacnamaíocha nua, amhail modhanna nua saothraithe. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Thairis sin, ní mór dlí an Aontais a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar Bhallstát cur i bhfeidhm Airteagal 6(1) de Threoir 2006/115/CE a chur faoi réir an choinníll, maidir le cóip den leabhar i bhfoirm dhigiteach a chuir an leabharlann phoiblí ar fáil, go mbeadh an chóip sin curtha i gcúrsaíocht tríd an gcéad díol nó tríd an gcéad aistriú úinéireachta eile den chóip sin san Aontas ag sealbhóir cheart an dáilte don phobal nó le toiliú uaidh, de réir bhrí Airteagal 4(2) de Threoir 2001/29/CE.⁷⁶ Ní fhéadfaí cosc a chur ar na Ballstáit coinníollacha breise a leagan síos, i gcás inarb iomchuí, lena bhféadfaí cosaint cóipchirt a fheabhsú thar an méid dá bhforáiltear go sainráite san fhoráil sin.

Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 2006/115/CE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc i bhfeidhm leis amhail nach féidir an eisceacht ar iasacht poiblí dá bhforáiltear ann a chur i bhfeidhm maidir le cóip dhigiteach leabhair a bheith á cur ar fáil ag leabharlann phoiblí i gcás ina bhfuarthas an chóip sin ó fhoinsé neamhdhleathach.

Breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2016, GS Media (C-160/15, [EU:C:2016:644](#))

Bhí GS Media mar oibreoir shuíomh gréasáin GeenStijl, a bhí ar cheann de na deich suíomh nuachta ba choitianta san Ísiltír. In 2011, d'fhoilsigh GS Media alt agus hipearnasc lenar cuireadh léitheoirí chuig suíomh gréasáin san Astráil inar cuireadh grianghraif de Britt Geertruida Dekker ar fáil. Foilsíodh na grianghraif sin ar shuíomh gréasáin Astrálach gan toiliú ó Sanoma, foilsitheoir iris míosúil Playboy a raibh cóipcheart na ngrianghraf sin aige. Cé go ndearna Sanoma iarrataí ina leith sin, dhiúltaigh GS Media an hipearnasc a bhí i gceist a scriosadh. Nuair a scrios an suíomh gréasáin Astrálach na grianghraif arna iarraidh sin do Sanoma, d'fhoilsigh GeenStijl alt

⁷⁶ Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001, maidir le comhchuíbhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

nua ina raibh hipearnasc eile chuig suíomh eile ina raibh na grianghraif ábhartha le feiceáil. D'iarr Sanoma go ndéanfaí na grianghraif sin a scriosadh freisin. Ina dhiaidh sin, ar Fhóram GeenStijl, chuir úsáideoirí idirlín naisc nua ar fáil chuig suíomhanna gréasáin eile ina bhféadfaí breathnú ar na grianghraif. Dar le Sanoma, bhí a chóipcheart sáraithe ag GS Media. Agus achomharc ar phointe dlí os a comhair, chuir Hoge Raad der Nederlanden (Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre) ceistanna chuig an gCúirt Bhreithiúnais ina leith sin. Go deimhin, faoi Threoir 2001/29/CE,⁷⁷ ní mór do shealbhóir an chóipchirt údarú a thabhairt i leith gach gnímh lena ndéantar saothar a chur in iúl don phobal.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní mór Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE a léiriú sa chaoi, d'fhonn a shuí an ionann naisc hipirtéacs a chur ar shuíomh gréasáin chuig saothair faoi chosaint atá le fáil gan stró ar shuíomh gréasáin eile gan údarú ó shealbhóir an chóipchirt ina leith sin, agus 'cur i láthair don phobal' de réir bhrí na forála sin, ní mór a chinneadh an soláthraíonn duine nach raibh ar an eolas nó nach bhféadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi chineál neamhdhleathach fhoilsiú na saothar sin ar an suíomh gréasáin eile sin nó, os a choinne sin, an gcuirtear na naisc sin ar fáil chun na críche sin, ina measfar an t-eolas sin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

I gcás ina bhfuil sé bunaithe go raibh a fhios ag duine, nó gur cheart go mbeadh a fhios aige, go dtugtar rochtain ar shaothar arna fhoilsiú go neamhdhleathach ar an idirlíon leis an hipearnasc arna phostáil aige, mar shampla toisc gur thug sealbhóirí cóipchirt fógra ina leith sin, ba cheart a mheas gurb ionann soláthar an naisc sin agus 'cur i láthair don phobal' de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE. I gcás go gcuirtear naisc hipirtéacs mar sin ar fáil ar mhaithe le brabús, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go ndéanfaidh an té a chuir nasc den sórt sin ar fáil na seiceálacha is gá chun a áirithiú nach bhfoilsítear an saothar lena mbaineann go neamhdhleathach ar an suíomh ar a gcuirtear na naisc hipirtéacs sin. In imthosca den sórt sin, agus a mhéid nach ndéantar an toimhde infhrisnéise sin a fhrisnéis, is ionann an gníomh arb é atá ann hipearnasc a chur le saothar a fhoilsítear go neamhdhleathach ar an idirlíon agus 'cur i láthair don phobal' de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE.

Breithiúnas an 14 Meitheamh 2017, Stichting Brein (C-610/15, [EU:C:2017:456](#))

Soláthraithe rochtana idirlín ab ea iad Ziggo agus XS 4ALL. Bhain cuid shuntasach dá síntiúsóirí úsáid as ardán comhroinnte ar líne 'The Pirate Bay'. Leis an ardán sin cuireadh ar chumas úsáideoirí saothair a bhí ar a ríomhairí féin a roinnt agus a íoslódáil trí chomhaid chaise ('torrents'). Saothair faoi chosaint cóipchirt a bhí sa chuid is mó de na comhaid lena mbaineann, gan cead a bheith tugtha ag na sealbhóirí cirt do riarthóirí ná d'úsáideoirí an ardáin sin gníomhartha comhroinnte a dhéanamh. Thug Stichting Brein, fondúireacht san Ísiltíre a chosnaíonn leasanna sealbhóirí cóipchirt, caingean os comhair

⁷⁷ Treoir 2001/29/CE ón Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuíbhíú sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

chúirteanna na hÍsiltíre chun go n-ordófaí do Ziggo agus XS 4ALL ainmneacha fearainn agus seoltaí IP 'The Pirate Bay' a bhlocáil.

D'fhéach Hoge Raad der Nederlanden (Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre) go bunúsach lena fháil amach an ndéanann ardán comhroinnte amhail 'The Pirate Bay' 'cur i láthair don phobal' de réir bhrí Threoir 2001/29/CE ⁷⁸ agus an bhféadfadh sé, dá bhrí sin, cóipcheart a shárú. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Chinn an Chúirt nach mór an coincheap 'cur i láthair don phobal', de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE a léiríú sa chaoi go gcumhdaítear leis ardán comhroinnte a chur ar fáil agus a láimhseáil ar an idirlíon, lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí an ardáin sin, trí mheiteashonraí a bhaineann le saothair chosanta a innéacsú agus inneall cuardaigh a sholáthar, na saothair sin a aimsiú agus a chomhroinnt faoi líonra idir piaraí (peer-to-peer). [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó aithris 23 de Threoir 2001/29/CE, le ceart shealbhóir an chóipcheart chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, dá dtagraítear in Airteagal 3(1), go gcumhdaítear aon tarchur nó atarchur saothair chuig an bpobal nach bhfuil i láthair ag áit tionscnaimh na cumarsáide, trí mheán sreinge nó gan sreang, lena n-áirítear craoladh.

Chinn an Chúirt cheana féin, i ndáil leis sin, trí naisc inchliceáilte a sholáthar ar shuíomh gréasáin chuig saothair faoi chosaint a fhoilsítear gan aon srian ar rochtain ar shuíomh gréasáin eile, go dtugtar rochtain dhíreach ar na saothair sin d'úsáideoirí an chéad láithreáin gréasáin. Is amhlaidh atá freisin i gcás ina ndíoltar seinnteoir ilmheán ar a agus modúil bhreise suite uirthi roimh ré, atá ar fáil ar an idirlíon, ina bhfuil naisc hipirtéacs chuig suíomhanna gréasáin atá ar fáil go poiblí saor in aisce ar cuireadh saothair atá faoi chosaint cóipchirt ar fáil orthu gan údarú ó shealbhóirí an chirt sin. Dá bhrí sin, is féidir a thuiscint ón gcásdlí sin, i bprionsabal, go bhféadfadh aon ghníomh lena dtugann úsáideoir rochtain ar shaothair faoi chosaint dá chuid chliant, agus láneolas aige ar na fíorais, a bheith ina 'ghníomh cur i láthair' de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Chun teacht faoin gcoincheap 'cur i láthair don phobal' de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE, ní mór saothair faoi chosaint a chur in iúl go héifeachtach don phobal. Tá tairseach *de minimis* áirithe i gceist leis an gcoincheap 'pobal'. Dá bhrí sin, is fiú a fháil amach ní hamháin cé mhéad duine a bhfuil rochtain acu ar an saothar céanna ag an am céanna, ach freisin cé mhéad duine a bhfuil rochtain acu i ndiaidh a chéile ar an saothar sin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

⁷⁸ Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001, maidir le comhchuíbhíú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhar sa tsocháí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10)

Breithiúnas an 29 Iúil 2019 (an Mór-Dhlísheomra), Funke Medien NRW (C-469/17, [EU:C:2019:623](#))

Bhí tairseach idirlín nuachtán Ghearmánach Westdeutsche Allgemeine Zeitung á hoibriú ag cuideachta Funke Medien. Agus é den tuairim gur sháraigh Funke Medien a chóipcheart i dtuarascálacha áirithe a bhaineann le staid mhíleata arna n-aicmiú 'le haghaidh rochtain shrianta' arna dtarraingt suas ag Rialtas na Gearmáine, thug sí caingean le haghaidh urghaire i gcoinne Funke Medien. Sheas cúirt réigiúnach leis an gcaingean sin agus sheas cúirt réigiúnach níos airde léi ar achomharc. Lena achomharc ar phointe dlí, arna thabhairt os comhair na cúirte a rinne an tarchur, an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), chloígh Funke Medien lena éileamh gur cheart an chaingean le haghaidh urghaire a dhíbh.

Mar réamhphointe, mheabhraigh an Chúirt nach féidir tuarascálacha maidir le staid mhíleata a chosaint le cóipcheart ach amháin ar choinníoll, a bheidh le fíorú ag an gcúirt náisiúnta i ngach cás aonair, gurb ionann na tuarascálacha sin agus cruthú intleachtúil a n-údair lena léirítear pearsantacht an údair arna cur in iúl le saor-roghanna cruthaitheacha an údair agus na tuarascálacha sin á dtarraingt suas aici.

Dar leis an gCúirt, is ionann forálacha Threoir 2001/29/CE lena bhforáiltear do chearta eisiacha údair chun a gcuid saothar a atáirgeadh agus a chur i láthair don phobal agus bearta chun inneachar substainteach na gceart dá dtagraítear inti a chomhchuíú go hiomlán. Os a choinne sin, mheas an Chúirt nach ionann forálacha Threoir 2001/29/CE lena gceadaítear maolú ar na cearta sin a bhaineann le tuairisciú ar imeachtaí reatha agus sleachta agus bearta chun raon feidhme na n-eisceachtaí nó na dteorainneacha a bhaineann leo a chomhchuíú go hiomlán. Mar sin féin, ní mór lánrogha na mBallstát maidir le cur chun feidhme na bhforálacha sin a fheidhmiú laistigh de na teorainneacha arna bhforchur le dlí an Aontais, d'fhonn cothromaíocht chóir a choinneáil ar bun idir, ar thaobh amháin, leas shealbhóirí na gceart maidir lena gceart maoine intleachtúla a chosaint, a ráthaítear leis an gCairt, agus, ar an taobh eile, cearta agus leasanna úsáideoirí saothar nó ábhar atá faoi chosaint, go háirithe a saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a ráthaítear leis an gCairt freisin, agus leas an phobail.

Ina dhiaidh sin, shoiléirigh an Chúirt nach féidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil údar a thabhairt, lasmuigh de na heisceachtaí agus na teorainneacha dá bhforáiltear i dTreoir 2001/29/CE, le maolú ar chearta eisiacha údar chun a gcuid saothar a atáirgeadh agus a chur i láthair don phobal, seachas an maolú dá bhforáiltear sa Treoir sin. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Chúirt gur liosta uileghabhálach é liosta na n-eisceachtaí agus na dteorainneacha dá bhforáiltear i dTreoir 2001/29/CE.

Ar deireadh, dar leis an gCúirt, agus cothromaíocht á baint amach ag an gcúirt náisiúnta mar is gá di, i bhfianaise imthosca uile an cháis lena mbaineann, idir, ar thaobh amháin, cearta eisiacha na n-údar chun a gcuid saothar a atáirgeadh agus a chur i láthair don phobal agus, ar an taobh eile, cearta úsáideoirí ábhar cosanta dá dtagraítear le forálacha

maolaithe Threoir 2001/29/CE maidir le tuairisciú ar imeachtaí reatha agus sleachta, ní mór é sin a dhéanamh ar bhonn léiriú ar na forálacha sin atá, agus a bhfoclaíocht á hurramú agus a n-éifeachtacht á caomhnú, go hiomlán comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt.

Breithiúnas an 29 Iúil 2019 (an Mór-Dhlísheomra), Spiegel Online (C-516/17, [EU:C:2019:625](#))

Bhí tairseach nuacht idirlín Spiegel Online á hoibriú ag cuideachta Spiegel Online. Thug Volker Beck, a bhí ina chomhalta den Bundestag (Parlaimint Chónaidhme, an Ghearmáin), caingean os comhair cúirt réigiúnach chun cur i gcoinne téacsanna iomlána a lámhscríofa agus a ailt a bheith curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin Spiegel Online. Mheas Volker Beck gur sárú ar a chóipcheart é an foilsiú sin. Sheas an chúirt sin leis an ordú a bhí á lorg ag Volker Beck. Nuair a rinneadh a achomharc a dhíbhe, rinne Spiegel Online achomharc ar phointe dlí os comhair na cúirte a rinne an tarchur, an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin).

Mheas an Chúirt leis na forálacha i dTreoir 2001/29/CE lena gceadaítear maolú ar chearta eisiacha an údair maidir le tuairisciú ar eachtraí tráthúla agus sleachta discréide, cé go dtugtar lánrogha do na Ballstáit maidir lena dtrasuí sa dlí náisiúnta, nach bearta comhchuibhithe iomlána iad. Mar sin féin, ní mór lánrogha na mBallstát maidir le cur chun feidhme na bhforálacha sin a fheidhmiú laistigh de na teorainneacha arna bhforchur le dlí an Aontais, d'fhonn cothromaíocht chóir a choinneáil ar bun idir, ar thaobh amháin, leas shealbhóirí na gceart maidir lena gceart maoine intleachtúla a chosaint, a ráthaítear leis an gCairt, agus, ar an taobh eile, cearta agus leasanna úsáideoirí saothar nó ábhar atá faoi chosaint, go háirithe a saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a ráthaítear leis an gCairt freisin, agus leas an phobail.

Maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, shoiléirigh an Chúirt nach bhféadfadh sí sin, lasmuigh de na heisceachtaí agus na teorainneacha dá bhforáiltear i dTreoir 2001/29/CE, a bheith mar údar le maolú ar chearta eisiacha údar chun a gcuid saothar a atáirgeadh agus a chur in iúl don phobal, seachas an ceann dá bhforáiltear sa Treoir sin. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Chúirt go bhfuil liosta na n-eisceachtaí agus na dteorainneacha dá bhforáiltear sa Treoir sin uileghabhálach.

Ina theannta sin, dar leis an gCúirt, agus cothromaíocht á baint amach ag an gcúirt náisiúnta mar is gá di, i bhfianaise imthosca uile an cháis lena mbaineann, idir, ar thaobh amháin, cearta eisiacha na n-údar chun a gcuid saothar a atáirgeadh agus a chur i láthair don phobal agus, ar an taobh eile, cearta úsáideoirí ábhar cosanta dá dtagraítear le forálacha maolaithe Threoir 2001/29/CE maidir le tuairisciú ar imeachtaí reatha agus sleachta, ní mór é sin a dhéanamh ar bhonn léiriú ar na forálacha sin atá, agus a bhfoclaíocht á hurramú agus a n-éifeachtacht á caomhnú, go hiomlán comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt.

Ar an gcéad dul sios, chinn an Chúirt go gcuirtear bac, le foráil mhaolaithe Threoir 2001/29/CE maidir le tuairisciú ar theagmhais reatha, ar riail náisiúnta lena gcuirtear

srian ar chur i bhfeidhm na heisceachta nó an teorannaithe dá bhforáiltear san fhoráil sin i gcásanna nach féidir iarratas a dhéanamh go réasúnach ar údarú roimh ré chun saothar cosanta a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar imeachtaí tráthúla. Ní mór, mar riail ghinearálta, agus go háirithe i gcomhthéacs na sochaí faisnéise, nuair atá teagmhas reatha ann, go bhféadfar an fhaisnéis a bhaineann leis a chur in iúl go tapa, ionas go mbeidh sé ag teacht leis an gceanglas toiliú an údair a fháil roimh ré, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé ródheacair nó fiú go mbeadh cosc ar sholáthar faisnéise ábhartha don phobal in am trátha.

Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt, sa chéad áit, leis an gcoincheap 'sleachta', dá dtagraítear san fhoráil mhaolaithe de Threoir 2001/29/CE maidir le luanna, go gcumhdaítear tagairt trí nasc hipirtéacs do chomhad atá ar fáil lena íoslódáil go neamhspleách. Sa chomhthéacs sin, mheabhraigh sí a cásdlí ar dá réir a chuirtear le feidhmiú cuí an idirlín le naisc hipirtéacs, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a ráthaítear leis an gCairt, agus le malartú tuairimí agus faisnéise sa líonra sin a bhfuil sé mar thréith dó go bhfuil líon mór faisnéise ar fáil ann. Sa dara háit, chinn an Chúirt go bhfuil saothar curtha i láthair don phobal go dleathach i gcás inar cuireadh an saothar sin, ina fhoirm nithiúil shonrach, ar fáil don phobal roimhe sin le húdarú ón sealbhóir cirt nó de bhua ceadúnais neamhchonarthach nó de bhua údarú reachtach. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh ar cuireadh saothar i láthair go dleathach don phobal, i bhfianaise an cháis shonraigh atá os a comhair agus imthosca uile an cháis á gcur san áireamh.

Breithiúnas an 9 Márta 2021 (an Mór-Dhlísheomra), VG Bild-Kunst (C-392/19, [EU:C:2021:181](#))

Fondúireacht Ghearmánach is ea Stiftung Preußischer Kulturbesitz ('SPK'), a oibríonn Deutsche Digitale Bibliothek, leabharlann dhigiteach atá tiomnaithe don chultúr agus don eolas a dhéanann institiúidí chultúr agus eolaíocht na Gearmáine a nascadh lena chéile. Tá naisc ar shuíomh gréasáin na leabharlainne sin chuig ábhar digitithe arna stóráil ar thairseacha idirlín na n-institiúidí rannpháirteacha. Ós 'ardán dhigiteach', é, ní stóráilann Deutsche Digitale Bibliothek féin ach mionsamhlacha (thumbnails), eadhon leaganacha d'íomhánna a bhfuil a méid laghdaithe i gcomparáid lena mbunmhéid.

Áitíonn VG Bild-Kunst, cumann comhbhainistíochta cóipchirt i réimse na n-ealaíon amhairc sa Ghearmáin, nár cheart comhaontú ceadúnúcháin a thabhairt i gcrích le SPK chun a chatalóg saothar i bhfoirm mionsamhlacha a úsáid ach ar an gcoinníoll go mbeadh foráil mar chuid de lena ngeallann SPK, agus na saothair dá dtagraítear sa chomhaontú á n-úsáid aige, bearta teicniúla éifeachtacha a dhéanamh chun cosc a chur ar fhrámú (framing) ⁷⁹ arna dhéanamh ag tríú páirtithe ar mhionsamhlacha de na Agus é

⁷⁹ Is éard atá i dteicníc na frámála ná leathanach de shuíomh gréasáin a roinnt ina fhrámaí éagsúla agus gné ó shuíomh gréasáin a thaispeáint i gceann acu, trí nasc inchliceáilte nó nasc idirlín ionchorpraithe (inline linking), chun an timpeallacht bhunaidh lena mbaineann an ghné sin a cheilt ar úsáideoirí an láithreáin gréasáin sin.

den tuairim nach raibh coinníoll conarthach den sórt sin réasúnta ó thaobh cóipchirt de, thug SPK caingean os comhair chúirteanna na Gearmáine agus é ag lorg dearbhú go raibh sé de cheangal ar VG Bild-Kunst an ceadúnas atá i gceist a dheonú gan aon choinníoll a bheith ann maidir le bearta a ghlacadh chun frámú a chosc.⁸⁰

Sa chomhthéacs sin, d'iarr an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin) ar an gCúirt a chinneadh ar cheart an frámú sin a mheas mar chur i láthair don phobal de réir bhrí Threoir 2001/29,⁸¹ rud a cheadódh, dá mba rud é gur cheart é a mheas mar sin, do VG Bild-Kunst ceangal a chur ar SPK na bearta sin a chur chun feidhme.

Chinn an Chúirt, agus í ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, maidir le hionchorprú saothar atá faoi chosaint cóipchirt ar leathanach gréasáin tríú páirtí agus iad a chur i láthair don phobal saor in aisce le húdarú ó shealbhóir an chóipchirt ar shuíomh gréasáin eile, gurb ionann an méid sin agus cur i láthair don phobal i gcás ina dtéann an ionchorprú sin timpeall ar bhearta cosanta i gcoinne na frámála arna nglacadh nó arna bhforchur ag sealbhóir an chóipchirt.

Ar dtús, chuir an Chúirt in iúl nach bhfuil aon ról ag an athrú ar mhéid na saothar i gcomhthéacs na frámála agus measúnú á dhéanamh an ann do ghníomh lena gcuirtear i láthair don phobal, fad is atá gnéithe bunaidh na saothar sin inbhraite.

Ina dhiaidh sin, thug an Chúirt dá haire, ar thaobh amháin, gurb ionann teicníc na frámála agus gníomh lena gcuirtear in iúl don phobal, a mhéid a bhfuil sé d'éifeacht aige an eilimint a thaispeántar a chur ar fáil d'úsáideoirí ionchasacha uile suímh gréasáin. Ar an taobh eile chuir sí in iúl, más ionann an modh teicniúil arna úsáid agus an modh teicniúil atá in úsáid cheana féin chun an saothar atá faoi chosaint a chur in iúl don phobal ar an suíomh gréasáin tionscnaimh, eadhon suíomh gréasáin an idirlín, nach gcomhlíontar an coinníoll maidir le pobal nua leis an gcumarsáid sin agus, dá bhrí sin, gcuirtear i láthair 'don phobal' de réir bhrí Threoir 2001/29. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Mar sin féin, shonraigh an Chúirt nach bhfuil feidhm ag an mbreithniú sin ach i gcás nach bhfuil rochtain ar na saothair lena mbaineann ar an suíomh gréasáin bunaidh faoi réir aon bheart sriantach. Sa chás sin, bhí cead tugtha ón tús ag sealbhóir an chirt a chuid saothar a chur in iúl do gach úsáideoir idirlín.

Os a choinne sin, chuir an Chúirt in iúl, i gcás ina bhfuil bearta sriantacha a bhaineann le foilsiú a shaothair glactha nó forchurtha ag sealbhóir an chirt ón tús, nár thoiligh sé le tríú páirtithe a bheith in ann a shaothair a chur in iúl don phobal gan bhac. Os a choinne

⁸⁰ Faoi dhlí na Gearmáine, tá sé d'oibleagáid ar na cumainn chomhbhainistíochta ceadúnas a dheonú d'aon duine a iarrann amhlaidh, ar bhonn réasúnta, chun na cearta a cuireadh de chúram orthu a bhainistiú a úsáid. Mar sin féin, de réir chásdlí na Gearmáine, féadfaidh cumainn chomhbhainistíochta, ar bhonn eisceachtúil, diúltú ceadúnas a dheonú, ar choinníoll nach ionann diúltú den sórt sin agus mí-úsáid monaplachta agus faoi réir na gcumhachtaí chun cur i gcoinne an iarratais ar cheadúnas ar leasanna dlísteanacha níos airde.

⁸¹ Faoi Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuiibhiú sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10), déanfaidh na Ballstáit foráil do cheart eisiach na n-údar aon chur i láthair dá saothair don phobal a cheadú nó a chosc.

sin, bhí sé beartaithe aige an pobal a bhfuil rochtain acu ar a shaothair a shrianadh d'úsáideoirí suímh gréasáin ar leith amháin.

Dá bhrí sin, chinn an Chúirt, i gcás ina bhfuil bearta sriantacha glactha nó forchurtha ag sealbhóir an chóipchirt i gcoinne aistrithe, gurb ionann saothar a ionchorprú ar leathanach gréasáin tríú páirtí, trí theicníc na frámála, agus 'an saothar sin a chur i láthair do phobal nua'. Dá bhrí sin, ní mór údarú a fháil ó shealbhóir an chirt lena mbaineann le cur i láthair don phobal.

Faoina mhalairt de chur chuige bheadh riail á leagan síos maidir le hídiú an chirt chun cur i láthair. Leis an riail sin, bhainfí an fhéidearthacht de shealbhóir an chóipchirt luach saothair iomchuí a éileamh as úsáid a chuid saothair. Dá bhrí sin, le cur chuige den sórt sin tabharfaí neamhaird ar an gothromaíocht chuí nach mór a choinneáil, sa timpeallacht dhigiteach, idir, ar thaobh amháin, leas shealbhóirí an chóipchirt agus na gceart gaolmhar maidir lena maoin intleachtúil a chosaint, agus, ar an taobh eile, leasanna agus cearta bunúsacha úsáideoirí an ábhair faoi chosaint.

Ar deireadh, shonraigh an Chúirt nach bhféadfaidh sealbhóir an chóipchirt a thoiliú a theorannú don aistriú seachas trí bhearta teicniúla éifeachtacha. In éagmais bearta den sórt sin, d'fhéadfaí go mbeadh sé deacair a fháil amach an raibh sé beartaithe ag an sealbhóir sin cur i gcoinne fhrámáil a shaothair.

Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021 (an Mór-Dhlísheomra), YouTube agus Cyando (C-682/18 agus C-683/18, [EU:C:2021:503](#))

Sa díosáid ba chúis leis an gcéad chás (C-682/18), thug Frank Peterson, táirgeoir ceoil, caingean i gcoinne YouTube agus a ionadaí dlíthiúil Google os comhair chúirteanna na Gearmáine maidir le taifid a chur ar fáil ar YouTube in 2008 ar a bhfuil cearta éagsúla aige. Rinne úsáideoirí an ardáin sin iad a uaslódáil gan údarú uaidh. Amhráin ón albam *Winter Symphony* le Sarah Brightman a bhí iontu, chomh maith le taifeadtaí fuaimne príobháideacha a rinneadh le linn cheolchoirmeacha óna *'Symphony Tour'*.

Sa díosáid ba chúis leis an dara chás (C-683/18), thug teach foilsitheoireachta Elsevier caingean i gcoinne Cyando os comhair chúirteanna na Gearmáine maidir le saothair éagsúla ar a bhfuil na cearta eisiacha ag Elsevier a chur ar a ardán óstála agus comhroinnte comhad 'Uploaded' in 2013. Rinne úsáideoirí an ardáin sin iad a uaslódáil gan údarú. Is iad sin na saothair *Gray's Anatomy for Students*, *Atlas of Human Anatomy* agus *Campbell-Walsh Urology* a bhí le feiceáil ar Uploaded trí bhailiúcháin nasc rehabgate.com, avaxhome.ws agus bookarchive.ws.

Chuir an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), ar tugadh an dá dhíosáid sin os a comhair, ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú ionas go dtabharfadh an Chúirt Bhreithiúnais, *inter alia*, soiléirithe i leith dliteanas oibreoirí ardán ar líne i leith saothair atá faoi chosaint cóipchirt a chuireann a n-úsáideoirí ar líne ar na hardáin sin go neamhdhleathach.

Rinne an Chúirt an dliteanas sin a scrúdú faoin gcóras ab infheidhme tráth na bhfóras, faoi Threoir 2001/29 maidir le cóipcheart,⁸² faoi Threoir 2000/31 maidir le ríomhthráchtáil,⁸³ agus Treoir 2004/48 maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú.⁸⁴ Ní bhaineann na ceistanna a tarhuireadh leis an gcóras a bunaíodh le Treoir 2019/790 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach, a tháinig i bhfeidhm ina dhiaidh.⁸⁵

Ina breithiúnas chinn an Chúirt, agus í ag suí mar Mhór-Dhlísheomra, *inter alia*, mar atá dlí an Aontais faoi láthair, nach ndéanann oibreoirí ardán ar líne féin ábhar atá faoi chosaint cóipchirt a chuireann a n-úsáideoirí go neamhdhleathach ar líne a chur i láthair don phobal, seachas má rannchuidíonn na hoibreoirí sin, sa bhreis ar ardáin a chur ar fáil go simplí, le rochtain phoiblí a thabhairt ar ábhar den sórt sin de shárú ar chóipcheart. Thairis sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh na hoibreoirí sin leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas, de réir bhrí Threoir 2000/31 maidir le trádáil leictreonach, ar choinníoll nach bhfuil ról gníomhach acu sa chaoi go mbeadh eolas acu ar an inneachar arna uaslódáil ar a n-ardán.

Ar an gcéad dul síos, scrúdaigh an Chúirt an ndéanann oibreoir ardáin um chomhroinnt físeán nó ardáin um óstáil agus comhroinnt comhad, ar a bhféadfadh úsáideoirí inneachar cosanta a chur ar fáil go neamhdhleathach don phobal, faoi choinníollacha amhail na cinn a bhí i gceist sna cásanna sin, an t-ábhar sin a chur i láthair don phobal de réir bhrí Threoir 2001/29 maidir le cóipcheart.⁸⁶ Sa chéad áit, mheabhraigh an Chúirt cé na cuspóirí agus cén sainmhíniú atá ar an gcoincheap ‘cur i láthair don phobal’ agus cé na critéir bhreise nach mór a chur san áireamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair a bhaineann leis an gcoincheap sin.

Leag an Chúirt béim, i measc na gcritéar sin, ar an ról fíor-riachtanach atá ag oibreoir an ardáin agus ar an idirghabháil a bheith déanta d’aon ghnó. Déanann sé ‘gníomh lena gcuirtear i láthair’ nuair a dhéanann sé idirghabháil, agus eolas aige ar iarmhairtí a iompair, chun rochtain a thabhairt dá chustaiméirí ar shaothar faoi chosaint, go háirithe

⁸² Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuíbhíú sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

⁸³ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO 2000 L 178, lch. 1).

⁸⁴ Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO 2004 L 157, lch. 45 agus ceartúchán IO 2004 L 195, lch. 16).

⁸⁵ Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoir 96/9/CE agus Treoir 2001/29/CE (IO 2019 L 130, lch. 92). Leis an Treoir sin, bunaítear córas dliteanais sonrach nua doibreoirí ardán ar líne i leith saothair a chuireann úsáideoirí na n-ardán sin ar líne go neamhdhleathach. Leis an Treoir sin, nach mór do gach Ballstát í a thrasú ina dhlí náisiúnta faoin 7 Meitheamh 2021 ar a dhéanaí, ceanglaítear ar na hoibreoirí sin, *inter alia*, údarú a fháil ó shealbhóirí cirt, mar shampla, trí chomhaontú ceadúnúcháin a thabhairt i gcrích, le haghaidh saothair arna gcur ar líne ag úsáideoirí a n-ardán.

⁸⁶ Airteagal 3(1) de Threoir 2001/29 maidir le cóipcheart. Faoin bhforáil sin, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an gceart eisiach d’údair aon chur i láthair dá saothair don phobal, trí mheán sreinge nó gan sreang, lena n-áirítear a saothair a chur ar fáil don phobal ar bhealach ina bhféadfaidh daoine den phobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin, a údarú nó a thoirmeasc.

i gcás nach mbeadh na custaiméirí sin in ann, i bprionsabal, tairbhe a bhaint as an saothar craolta in éagmais na hidirghabhála sin.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt nach ndéanann oibreoir ardáin comhroinnte físeán nó ardáin um óstáil agus comhroinnt comhad, ar a bhféadfadh úsáideoirí inneachar cosanta a chur ar fáil go neamhdhleathach don phobal, ‘cur i láthair don phobal’ den inneachar sin, de réir bhrí na Treorach maidir le Cóipcheart, mura rannchuidíonn sé, sa bhreis ar an ardán a chur ar fáil amháin, le rochtain phoiblí ar inneachar den sórt sin a thabhairt de shárú ar chóipcheart.

Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás ina bhfuil eolas sonrath ag an oibreoir sin ar inneachar atá faoi chosaint a bheith curtha ar fáil go neamhdhleathach ar a ardán agus ina mainníonn sé é a bhaint nó a dhíchumasú go pras, nó i gcás ina mainníonn an t-oibreoir sin, cé go bhfuil a fhios aige nó gur cheart go mbeadh a fhios go ginearálta, go gcuireann úsáideoirí an ardáin sin inneachar atá faoi chosaint ar fáil go neamhdhleathach air, go mainníonn sé na bearta teicniúla iomchuí a ghlacadh a d’fhéadfadh a bheith ag súil go sonrath leo ó oibreoir a bhfuil dícheall cuí aige ina chás chun aghaidh a thabhairt go hinchreidte agus go héifeachtach ar shárúithe ar chóipcheart ar an ardán sin, nó i gcás go bhfuil sé páirteach ina leithéid d’ábhar arna chur láthair go neamhdhleathach a roghnú, go soláthraíonn sé uirlisí ar a ardán atá beartaithe go sonrath chun ábhar mar sin a roinnt go neamhdhleathach nó go gcuireann sé roinnt mar sin chun cinn agus é ar an eolas, rud a d’fhéadfadh a bheith cruthaithe más rud é gur ghlac an t-oibreoir samhail gnó lena spreagtar d’úsáideoirí an ardáin ábhar cosanta a chur i láthair go neamhdhleathach don phobal ar an ardán.

Ar an dara dul síos, scrúdaigh an Chúirt an bhféadfadh oibreoir ardán ar líne tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear le Treoir 2000/31 maidir le trádáil leictreonach,⁸⁷ i leith ábhar cosanta a chuireann úsáideoirí in iúl go neamhdhleathach don phobal trína ardán. Sa chomhthéacs sin, scrúdaigh an Chúirt an bhfuil an ról a fheidhmíonn an t-oibreoir sin neodrach, is é sin le rá, an ea nach bhfuil i gceist lena chuid iompair ach iompar teicniúil, uathoibríoch, éighníomhach, a bhaineann le heaspa eolais nó rialaithe ar an ábhar a stóráil sé, nó, os a choinne sin, an bhfuil ról gníomhach ag an oibreoir sin lena bhféadfaí eolas nó rialú a thabhairt dó ar an ábhar sin. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh an t-oibreoir sin leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas, ar choinníoll nach bhfuil ról gníomhach aige a thabharfadh eolas nó rialú dó ar an ábhar arna uaslódáil ar a ardán. Ina leith sin, shonraigh an Chúirt, d’fhonn tairbhe na díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear leis an Treoir sin a eisiáimh, nach mór d’oibreoir den sórt sin a bheith ar an eolas faoi ghníomhartha neamhdhleathacha

⁸⁷ Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 maidir le trádáil leictreonach. Faoin bhforáil sin, áiríteoidh na Ballstáit, i gcás go bhfuil seirbhís na sochaí faisnéise á soláthar arb é atá i gceist léi faisnéis a stóráil ar na soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nach bhfuil an soláthraí freagrach as an bhfaisnéis arna stóráil arna iarraidh sin ag faighteoir na seirbhíse, ar choinníoll nach raibh soláthraí na seirbhíse ar an eolas go héifeachtach faoin ngníomhaíocht nó faoin bhfaisnéis neamhdhleathach agus, sa mhéid a bhaineann le hiarraidh ar dhamáistí, nach raibh an soláthraí ar an eolas faoi na fíorais nó na himthosca ónar léir an ngníomhaíocht nó an fhaisnéis neamhdhleathach, nó gur ghníomhaigh an soláthraí, a luaithe a fuair sé nó sí eolas den sórt sin, go pras chun an faisnéis a bhaint nó rochtain orthu a dhíchumasú.

nithiúla a úsáideoirí a bhaineann leis an inneachar atá faoi chosaint arna uaslódáil ar a ardán.

Ar an tríú dul síos, shonraigh an Chúirt cé na coinníollacha faoina bhféadfaidh sealbhóirí cirt, faoi Threoir 2001/29 maidir le cóipcheart.⁸⁸ urghairí a fháil i gcoinne oibreoirí ardán ar líne. Dá bhrí sin, mheas sí nach gcuirtear cosc leis an Treoir sin ar chás inar rud é, faoin dlí náisiúnta, nach féidir le sealbhóir cóipchirt nó ceart gaolmhar urghaire a fháil i gcoinne an oibreora, ar bhain tríú páirtí úsáid as a sheirbhís chun a cheart a shárú gan an t-oibreoir sin a bheith ar an eolas faoi, de réir bhrí Threoir 2000/31 maidir le trádáil leictreonach,⁸⁹ ach amháin más rud é: sular tionscnaíodh na himeachtaí breithiúnacha, gur tugadh fógra faoin sárú sin roimh ré don oibreoir sin agus ní dharna an t-oibreoir sin idirghabháil go pras chun an t-ábhar atá i gceist a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú agus chun a áirithiú nach dtarlóidh sáruithe den sórt sin arís.

Mar sin féin, is faoi na cúirteanna náisiúnta féin atá sé a áirithiú, agus coinníoll den sórt sin á chur i bhfeidhm, nach gcuirfean an coinníoll sin i bhfeidhm sa chaoi go gcuirtear moill le deireadh an tsáraithe ar bhealach a bheadh ina chúis le damáiste díreireach don sealbhóir sin.

II. Creat dlí lena rialaítear trádáil leictreonach

1. Fógraíocht

Breithiúnas an 23 Márta 2010 (an Mór-Dhlísheomra), *Google France (Cásanna Uamtha C-236/08 go C-238/08, [EU:C:2010:159](#))*

Bhí inneall cuardaigh idirlín á oibriú ag Google agus thairg sé, *inter alia*, seirbhís tagartha ar íocaíocht darbh ainm 'AdWords'. Chuir an tseirbhís sin ar chumas aon oibreoir eacnamaíoch, trí eochairfhocail amháin nó níos mó a roghnú, nasc fógraíochta a thaispeáint chuig a láithreán gréasáin, i dteannta teachtaireacht fógraíochta. Bhí sé faighte amach ag Vuitton, dílseánach an trádmahairc Comhphobail 'Vuitton', agus dílseánach eile trádmahaircanna Francacha, go mba rud é, nuair a chuir úsáideoirí idirlín na téarmaí atá sna trádmahaircanna sin in Google, agus inneall cuardaigh Google á úsáid, gur nochtadh naisc d'úsáideoirí idirlín chuig láithreáin ina raibh aithrisí ar tháirgí Vuitton á n-ofráil agus chuig láithreáin iomaíochas de chuid dílseánaigh trádmahairc eile.

⁸⁸ Airteagal 8(3) de Threoir 2001/29 maidir le cóipcheart. De réir na forálas sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh sealbhóirí cirt a iarraidh go n-eiseofar ordú arna iarraidh sin i gcoinne idirghabhálaithe a n-úsáideann tríú páirtí a gcuid seirbhísí chun cóipcheart nó ceart gaolmhar a shárú.

⁸⁹ Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2000/31 maidir le trádáil leictreonach.

D'fhiafraigh an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Fhrainc) den Chúirt Bhreithiúnais an raibh sé dlíthiúil chomharthaí a fhreagraíonn do thrádmharcanna a úsáid mar eochairfhocail i gcomhthéacs seirbhís tagartha idirlín, gan a dtailiú a bheith tugtha ag dílseánaigh na dtrádmharcanna sin.

Chinn an Chúirt nach bhfuil soláthraí seirbhíse tagartha idirlín den sórt sin ag baint úsáid as an gcomhartha sin de réir bhrí Airteagal 5(1) agus (2) de Threoir 89/104/CEE ⁹⁰ nó Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94, ⁹¹ má cheadaítear faoin Rialachán sin d'fhógróirí comharthaí atá comhionann le trádmharcanna a roghnú mar eochairfhocail, má stóráilann sé na comharthaí sin agus taispeánann sé fógraí a chustaiméirí ar bhonn na gcomharthaí sin. Má bhaineann tríú páirtí úsáid as comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmharc an dílseánaigh ciallaíonn sé sin go mbaineann tríú páirtí úsáid as an gcomhartha i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin agus gur bhain sé úsáid as de réir bhrí na Treorach sin, i gcás ina bhfuil an taispeáint ceaptha úsáideoirí idirlín a chur amú faoi thionscnamh a earraí nó a sheirbhísí.

Tá dílseánach trádmhairc i dteideal cosc a chur ar fhógróir fógraíocht a dhéanamh i gcás go bhfágann sé gur deacair don úsáideora idirlín a fháil amach an dtagann na hearraí nó na seirbhísí a chumhdaítear leis an bhfógra ó dhílseánach an trádmhairc nó ó thríú páirtí. Is é feidhm bhunriachtanach an trádmhairc, *inter alia*, úsáideoirí idirlín a chur ar a gcumas idirdhealú a dhéanamh idir earraí nó seirbhísí dhílseánach an trádmhairc sin agus na cinn a bhfuil tionscnamh eile acu.

Ní hionann na hiarmhairtí a bhaineann le húsáid arna baint ag tríú páirtithe as comhartha an trádmhairc agus sárú ann féin ar fheidhm fógraíochta an trádmhairc. Ní mór léiriú a dhéanamh ar Airteagal 14 de Threoir 2000/31/CE ⁹² a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an rial a leagtar síos ann maidir le soláthraí seirbhíse tagartha idirlín i gcás nach raibh ról gníomhach ag an soláthraí sin sa chaoi go dtabharfaí eolas nó rialú dó ar na sonraí arna stóráil. Má tá an t-iompar go hiomlán teicniúil, uathoibríoch agus éighníomhach, rud a fhágann nach bhfuil eolas ná rialú ag an soláthraí ar na sonraí arna stóráil, ní féidir an soláthraí sin a chur faoi dhliteanas.

Breithiúnas an 11 Iúil 2013, Belgian Electronic Sorting Technology (C-657/11, [EU:C:2013:516](#))

Rinne Belgian Electronic Sorting Technology (BEST) agus Visys meaisíní agus córais sórtála léasair a dhearadh, a tháirgeadh agus a mhargú. Fear darbh ainm Bert Peelaers, iarfhostaí de chuid BEST, a bhunaigh Visys. Bhí an t-ainm fearainn 'www.bestlasersorter.com' cláraithe ag Bert Peelaers thar ceann Visys. Is ionann ábhar

⁹⁰ Treoir 89/104/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988, maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO 1989 L 40, lch. 1).

⁹¹ Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmharc Comhphobail (IO 1994 L 11, lch. 1).

⁹² Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (IO 2000 L 178, lch. 1).

an tsuímh gréasáin arna óstáil faoin ainm fearainn sin agus ábhar ghnáthshuíomhanna gréasáin Visys, a bhí ar fáil faoi ainmneacha fearainn 'www.visys.be' agus 'www.visysglobal.be'. Dá gcuirfí na focail 'Best Laser Sorter' isteach in inneall cuardaigh google.be, is é an dara toradh cuardaigh a tháinig aníos, tar éis shuíomh gréasáin BEST, nasc do shuíomh gréasáin Visys. Bhain Visys úsáid as na meitichlibeanna 'Best+Helius, Best+Genius' ar a shuíomhanna gréasáin, *inter alia*. D'fhiafraigh an chúirt a rinne an tarchur, an Hof van Cassatie (an Chúirt Achomhairc, an Bheilg), den Chúirt Bhreithiúnais an féidir a mheas go dtagann clárú agus úsáid ainm fearainn, ar thaobh amháin, agus úsáid meitichlibeanna ('metatags') ar shuíomh gréasáin, ar an taobh eile, faoin gcoincheap foghraíocht de réir bhrí Threoracha 84/450/CEE ⁹³ agus 2006/114/CE. ⁹⁴

Chinn an Chúirt nach mór Airteagal 2(1) de Threoir 84/450/CEE agus Airteagal 2(a) de Threoir 2006/114/CE a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap foghraíocht, arna shainmhíniú sna forálacha sin, úsáid ainm fearainn agus úsáid meitichlibeanna i meiteashonraí suímh gréasáin, i gcás go dtagraítear le hainm fearainn nó le meitichlibeanna atá comhdhéanta d'eochairfhocail ('keyword metatags') do tháirgí nó do sheirbhísí áirithe nó d'ainm tráchtála cuideachta agus gur cineál léirithe iad, atá dírithe ar thomhaltóirí ionchasacha lena dtugtar le fios dóibh go bhfaighidh siad suíomh gréasáin a bhaineann leis na hearraí nó leis na seirbhísí sin nó leis an gcuideachta sin.

Ní fhéadfaí an coincheap 'fógraíocht' a léiriú agus a chur i bhfeidhm sa chaoi nach mbeadh bearta arna ndéanamh ag trádálaí chun díol a tháirgí nó a sheirbhísí a chur chun cinn, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar eacnamaíoch tomhaltóirí agus, dá bhrí sin, difear a dhéanamh d'iomaitheoirí an trádálaí sin, faoi réir rialacha maidir le hiomaíocht chóir a fhorchuirtear leis na Treoracha sin.

Ar an taobh eile, ní chumhdaítear leis an gcoincheap sin clárú ainm fearainn, ann féin. Níl ann ach gníomh go hiomlán foirmiúil nach gá go dtabharfaí le tuiscint leis, ann féin, go bhféadfadh tomhaltóirí ionchasacha teacht ar an eolas faoin ainm fearainn agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh tionchar a imirt ar rogha na dtomhaltóirí sin.

Breithiúnas an 4 Bealtaine 2017, Luc Vanderborght (C-339/15, [EU:C:2017:335](#))

Rinne Luc Vanderborght, fiaclóir atá bunaithe sa Bheilg, fógraíocht i dtaobh sholáthar cúraim fiadóireachta. Thóg sé comhartha agus a ainm air, i dteannta an fhórais go raibh sé ina fhiaclóir, sheoladh a shuímh gréasáin agus uimhir theileafóin a chleachtais. Ina theannta sin, chruthaigh sé suíomh gréasáin chun othair a chur ar an eolas faoi na cineálacha éagsúla cóireála a bhí le fáil laistigh dá oifig. Ar deireadh, chuir sé fógraí i nuachtáin áitiúla. Tar éis gearán a rinne Verbond der Vlaamse Tandartsen, comhlachas

⁹³ Treoir 84/450/CEE ón gComhairle an 10 Meán Fómhair 1984 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le fógraíocht mhíthreorach, arna leasú le Treoir 2005/29/CE (IO 1984 L 250, lch. 17).

⁹⁴ Treoir 2006/114/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO 2006 L 376, lch. 21).

gairmiúil fiaclóirí, tionscnaíodh imeachtaí coiriúla i gcoinne Luc Vanderborght. Bhí toirmeasc faoi dhí na Beilge ar aon fhógraíocht maidir le seirbhísí cúraim béil agus fiadóireachta agus bhí ceanglais discréide i bhfeidhm. Agus an díospóid os a comhair, chinn an Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg te Brussel (Cúirt Chéadchéime Ollainnise na Bruiséile, an Bheilg) ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais ina leith sin.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ní mór Treoir 2000/31/CE⁹⁵ a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht a bhí i gceist sna príomhimeachtaí.

In aithris 18 de Threoir 2000/31/CE sonraítear go gcuimsítear raon leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha a tharlaíonn ar líne leis an gcoincheap ‘seirbhísí na sochaí faisnéise’. Thairis sin, in Airteagal 2(f) den Treoir sin sonraítear go gcumhdaítear aon chineál cumarsáide atá beartaithe chun seirbhísí duine atá ag gabháil do ghairm rialáilte a chur chun cinn, *inter alia*, leis an gcoincheap ‘cumarsáid tráchtála’. Dá bhrí sin, tá seirbhís den sórt sin i gceist le fógraíocht maidir le cúram béil agus fiadóireachta, a dhéantar trí shuíomh gréasáin. Níor eisiaigh reachtóir an Aontais gairmeacha rialáilte ó phrionsabal an údairithe le haghaidh cumarsáid tráchtála ar líne a leagtar síos in Airteagal 8(1) den Treoir sin. Cé go bhfágann an fhoráil sin gur féidir saintréithe na gairmeacha sláinte a chur san áireamh agus na rialacha gairmiúla lena mbaineann á dtarraingt suas, trí mhaoirseoireacht a dhéanamh ar fhoirmeacha agus modhanna na cumarsáide tráchtála ar líne d’fhonn a áirithiú, go háirithe, nach mbainfear an bonn den mhuinín atá ag othair as na gairmeacha sin, is fíor ina dhiadh sin féin nach féidir leis na rialacha gairmiúla sin cosc a chur go ginearálta agus go hiomlán ar aon chineál fógraíochta ar líne atá beartaithe chun gníomhaíocht duine atá ag gabháil do ghairm den sórt sin a chur chun cinn. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Ní mór Airteagal 56 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta, amhail an reachtaíocht a bhí i gceist sna príomhimeachtaí, lena dtoirmisctear, ar bhealach ginearálta iomlán, aon fhógraíocht a bhaineann le soláthar cúraim béil agus fiadóireachta.

Maidir leis an ngá le srian amhail an srian sna príomhimeachtaí a chur ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, ní mór a chur san áireamh go bhfuil sláinte agus saol an duine ar thús cadhnaíochta i measc na sócmhainní agus na leasanna a chosnaítear leis an gConradh agus gur faoi na Ballstáit atá sé, i bprionsabal, cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal ar mian leo cosaint na sláinte poiblí a áirithiú.

Ní dócha go mbeadh éifeachtaí atá contrártha leis na cuspóirí a luaitear ag gach teachtaireacht fógraíochta a thoirmisctear leis an reachtaíocht sin, dá réir sin. Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhféadfaí na cuspóirí a shaothraítear leis an

⁹⁵ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO 2000 L 178, lch. 1).

reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí a bhaint amach trí bhearta nach bhfuil chomh sriantach céanna.

Breithiúnas an 30 Márta 2017, Verband Sozialer Wettbewerb eV (C-146/16, [EU:C:2017:243](#))

Bhain an díospóid le fógra arna fhoilsiú i nuachtán ag DHL Paket, oibreoir ardán díolacháin ar líne ‘MinPaket.de’ ar thairg díoltóirí gairmiúla earraí lena ndíol. D’fhéadfaí na hearraí a cuireadh i láthair san fhógra sin, agus cód ag gabháil le gach ceann díobh, a cheannach ó dhíoltóirí tríú páirtí tríd an ardán sin. Tar éis dó logáil isteach, d’fhéadfadh an t-úsáideoir an cód ábhartha a chur isteach lena chur ar aghaidh chuig leathanach ar a raibh an t-earra atá i gceist ar bhealach níos mionsonraithe agus ina luaitear an díoltóir, áit a bhféadfaí teacht ar an bhfaisnéis ábhartha faoi cheanteidil a bhí beartaithe chuige sin.

Dar leis an Verband Sozialer Wettbewerb (VSW), comhlachas de sholáthróirí earraí leictreacha agus leictreonacha agus cuideachtaí postdíola, *inter alia*, a bhfuil gach cineál earraí á ndíol ag a chomhaltaí, bhí cleachtas tráchtála éagórach i gceist leis an bhfógra a foilsíodh. Dar le VSW, níor chomhlíon DHL Paket a oibleagáid céannacht agus seoladh geografach na soláthróirí a úsáideann a ardán díolacháin a chur in iúl. Thug VSW caingean agus é iarraidh go gcuirfí deireadh leis an ngníomhaíocht fógraíochta sin.

Ar iarraidh ón Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), chinn an Chúirt nach mór Airteagal 7(4) de Threoir 2005/29/CE ⁹⁶ a léiriú sa chaoi go bhféadfadh fógra, amhail an fógra atá i gceist sna príomhimeachtaí, a thagann faoin gcoincheap ‘cuireadh chun ceannaigh’ de réir bhrí na Treorach sin, an oibleagáid faisnéis a sholáthar a leagtar síos leis an bhforáil sin a chomhlíonadh. [Aistriúchán neamhoifigiúil.

Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé scrúdú a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, ar an gcéad dul síos, an bhfuil na teorainneacha spáis i dtéacs an fhógra mar údar gan faisnéis a chur ar fáil faoin soláthraí ach tar éis dul ar an ardán díolacháin ar líne agus, ar an dara dul síos, an gcuirtear an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 7(4)(b) den Treoir sin maidir leis an ardán díolacháin ar líne in iúl go simplí agus go pras.

Breithiúnas an 3 Márta 2016, Daimler AG (C-179/15, [EU:C:2016:134](#))

Cuideachta Ungárach ab ea Együd Garage a raibh speisialtóireacht aici i ngluaisteán Mercedes a dhíol agus a dheisiú, agus bhí sí faoi cheangal ag comhaontú seirbhíse iardhíola le Daimler, monaróir ghluaisteán Mercedes na Gearmáine agus dílseánach

⁹⁶ Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóiracha idir gnóilachtaí agus tomhaltóirí sa mhar gadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2005 L 149, Ith. 22).

thrádmharc idirnáisiúnta Mercedes-Benz. Bhí sé de cheart ag an gcuideachta Ungárach an marc sin a úsáid agus 'deisitheoir Mercedes-Benz ceadúnaithe' a thabhairt air féin ina chuid fhógraí féin. Tar éis fhoirceannadh an chomhaontaithe sin, rinne Együd Garage iarracht deireadh a chur le haon fhógra ar an idirlíon a d'fhéadfadh a bheith ina chúis lena mheas go raibh caidreamh conarthach ag Együd Garage fós le Daimler. D'ainneoin na gcéimeanna arna nglacadh, leanadh ar aghaidh le fógraí a scaipeadh ar an idirlíon inar cuireadh in iúl go raibh caidreamh mar sin fós ann agus léiríodh ar na hinnill chuardaigh iad. D'fhiafraigh an Fővárosi Törvényszék (an Chúirt Chathrach, Búdaipeist, an Ungáir) den Chúirt Bhreithiúnais an gceadaítear le Treoir 2008/95/CE maidir le trádmharcanna ⁹⁷ do Daimler ceangal a chur ar iar-chomhpháirtí conarthach céimeanna móra a ghlacadh chun dochar dá thrádmharc a sheachaint.

Chinn an Chúirt gurb ionann trádmharc a bheith á úsáid ag tríú páirtí, gan údarú an dílseánaigh, d'fhonn a chur in iúl don phobal go ndéanann an tríú páirtí sin deisiú agus cothabháil ar earraí a bhfuil an trádmharc sin orthu nó go raibh speisialtóireacht aige sna hearraí sin, agus úsáid an trádmhairc de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) de Threoir 2008/95/CE. Féadfaidh dílseánach an trádmhairc an méid sin a thoirmeasc mura bhfuil feidhm ag Airteagal 6, a bhaineann le héifeachtaí an trádmhairc a theorannú, nó ag Airteagal 7 maidir le hídiú na gceart a thugtar leis an trádmharc. D'fhéadfadh úsáid den sórt sin, i gcás ina ndéantar í gan toiliú dhílseánach an trádmhairc, dochar a dhéanamh d'fheidhm an trádmhairc mar léiriú tionscnaimh.

Ní mór Airteagal 5(1)(a) agus (b) den Treoir sin a léiriú sa chaoi bhfuil úsáid i gceist i gcás nár chuir an tríú páirtí sin an fógra sin nó nár cuireadh thar a cheann é, i gcás inar chuir an tríú páirtí sin an fógra sin nó ina ndearna an tríú páirtí sin an fógra sin thar a cheann le toiliú an dílseánaigh, i gcás inar iarr an tríú páirtí sin go sainráite ar oibreoir an tsuímh gréasáin ónar ordaigh sé an fógra é a scríosadh nó an marc a bhaint uaidh. Ní fhéadfadh gníomhartha uathrialacha oibreoirí eacnamaíocha eile a chur i leith fógróir ach an oiread, amhail gníomhartha lena dtagraítear d'oibreoirí suíomhanna gréasáin, nach gníomhaíonn ar ordú ach ar a dtionscnamh féin agus ina n-ainm féin.

Sa dá chás sin, ní cheadaítear do dhílseánach an trádmhairc, de bhun Airteagal 5(1)(a) agus (b) de Threoir 2008/95/CE, imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an fhógróra chun toirmeasc a chur air an fógra ar a bhfuil tásc an trádmhairc a chur ar líne.

⁹⁷ Treoir 2008/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008, maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO 2008 L 299, lch. 25).

Breithiúnas an 22 Nollaig 2022 (an Mór-Dhlísheomra), Louboutin (Úsáid comhartha sháraithe ar mhargadh ar líne) (C-148/21 agus C-184/21, [EU:C:2022:1016](#))

Ó 2016 i leith, tá an dath dearg cláraithe ag Christian Louboutin, dearthóir Francach de choisbheart agus málaí láimhe ardghradaim, arna chur ar bhonn amuigh bróige a bhfuil sála arda orthu, mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh.

Oibríonn Amazon láithreáin gréasáin chun earraí éagsúla a dhíol ar líne a thairgeann sé go díreach, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, agus go hindíreach, trí mhargadh ar líne a sholáthar do dhíoltóirí tríú páirtithe. Cuireann an t-oibreoir sin seirbhísí breise ar fáil freisin do dhíoltóirí tríú páirtithe chun a n-earraí a stóráil agus a sheoladh.

Deir Christian Louboutin, go mbíonn, ar na láithreáin gréasáin seo, fógraí díolacháin do bhróga le boinn dearga le feiceáil go rialta, fógraí díolacháin a bhaineann, dar leis, le hearraí nach raibh a gcur i gcúrsaíocht ina ábhar dá thoilíú. Ag éileamh go ndearnadh sárú ar na cearta eisiacha a thugtar leis an trádmharc atá i gceist, thug sé dhá chaingean um shárú in aghaidh Amazon os comhair an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg) ⁹⁸ agus an tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Francise na gCuideachtaí, an Bhruiséil, an Bheilg). ⁹⁹

Ansin chinn na cúirteanna sin roinnt ceisteanna a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú.

Fiafraíonn siad, go bunúsach, ar cheart an Rialachán maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ¹⁰⁰ a léiriú sa chiall go bhféadfar oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear, sa bhreis ar a thairiscintí lena ndíol féin, margadh ar líne a mheas mar oibreoir a bhaineann úsáid é féin as comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, i gcás ina dtairgeann díoltóirí tríú páirtithe earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin, gan toiliú dhílseánach an trádmhairc sin.

Fiafraíonn siad, go háirithe, an bhfuil na fórais go n-úsáideann an t-oibreoir sin bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsíú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, ina dtaispeántar ag an am céanna na fógraí a bhaineann leis na hearraí a dhíolann sé ina ainm agus ar a chuntas féin agus na cinn a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin, ina dtaispeántar a lógó dáileora aitheanta féin ar na fógraí sin go léir agus go dtairgeann sé go díoltóirí tríú páirtithe, i gcomhthéacs mhargaíocht a gcuid earraí, seirbhísí breise arb é atá iontu tacaíocht a sholáthar dóibh i gcur i láthair a bhfógraí agus na hearraí a thairgtear ar an margadh chéanna a stóráil

⁹⁸ Cás C-148/21.

⁹⁹ Cás C-184/21.

¹⁰⁰ Go sonrach, Airteagal 9(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, Ith. 1).

agus a sheoladh ábhartha i ndáil leis sin. Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur freisin ar cheart, i gcás inarb iomchuí, an dearcadh atá ag úsáideoirí an láithreáin gréasáin atá i gceist a chur san áireamh.

Ina suí di mar Mhór-Dhlísheomra, bhí an deis ag an gCúirt Bhreithiúnais soiléirithe tábhachtacha a sholáthar maidir leis an gceist faoi fhreagracht díreach oibreoir láithreán gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne maidir le sáruithe ar chearta dílseánaigh trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh, mar thoradh ar chomhartha atá comhionann leis an trádmharc sin a bheith le feiceáil i bhfógraí díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin.

Mar mheabhrúchán, faoin Rialachán maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh, ¹⁰¹ tugtar le clárú trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh an ceart do dhílseánach an trádmhairc sin cosc a chur ar gach tríú páirtí úsáid a bhaint, i gcúrsa trádála, as aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc sin maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd ar cláraíodh ina leith é.

Tugann an Chúirt faoi deara ag an tús nach sainmhínítear an coincheap ‘úsáid’ sa Rialachán maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, ciallaíonn an focal sin, ar thaobh amháin, iompar gníomhach agus rialú, go díreach nó go hindíreach, ar an ngníomh arb é an úsáid é. Ní féidir ach le tríú páirtí a bhfuil rialú den sórt sin aige deireadh a chur le húsáid trádmhairc a rinneadh gan toiliú a dhílseánaigh.

Ar an taobh eile, má úsáideann tríú páirtí comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmharc an dílseánaigh, toimhdítear, ar a laghad, go n-úsáideann an tríú páirtí an comhartha i gcomhthéacs a chumarsáid tráchtála féin. Dá bhrí sin, féadfaidh duine cead a thabhairt dá chustaiméirí comharthaí atá comhionann nó cosúil leo a úsáid gan na comharthaí sin a úsáid é féin. Mar sin de, chinn an Chúirt, maidir le hoibreoir margaidh ar líne, gurb iad custaiméirí díola an oibreora sin, agus iad sin amháin, a úsáideann comharthaí atá comhionann nó cosúil le trádmharcanna i dtairiscintí lena ndíol a thaispeántar ar an margadh sin, ós rud é nach mbaineann an t-oibreoir sin úsáid as an gcomhartha sin i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin.

Tugann an Chúirt faoi deara, áfach, i gcomhthéacs an chásdlí a bhí aici roimhe seo, nár cuireadh ceist uirthi faoin tionchar atá ag an bhfóras go bhfuil tairiscintí lena ndíol, chomh maith leis an margadh ar líne, ag oibreoir an láithreáin gréasáin sin féin ar an láithreáin gréasáin atá i gceist, cé go mbaineann na cásanna seo go sonrach leis an tionchar sin. Sa chás seo, mar sin, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur, go háirithe, an féidir a mheas, nach é an díoltóir tríú páirtí amháin é, ach freisin oibreoir an láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne, amhail Amazon, a úsáideann, ina chumarsáid tráchtála féin, comhartha atá comhionann le trádmharc duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc

¹⁰¹ Airteagal 9(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, I ch. 1).

sin cláraithe ina leith, agus mar thoradh air sin go bhféadfar é a chur faoi dhliteanas i leith sárú ar chearta dhílseánach an trádmailrc sin, i gcás ina dtairgeann an díoltóir tríú páirtí sin earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin.

Measann an Chúirt go n-eascaíonn an cheist sin beag beann ar an bhfóras go bhféadfar, i gcás inarb íomchuí, ról an oibreora sin a scrúdú freisin ó thaobh rialacha dlí eile de, agus, cé gur faoin gcúirt náisiúnta sa deireadh thiar measúnú a dhéanamh ar úsáid den sórt sin ag an oibreoir, féadfaidh sí treoir a thabhairt maidir le léiriú ar dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith úsáideach i ndáil leis sin.

I ndáil leis sin, maidir le cumarsáid tráchtála, dearbhaíonn an Chúirt go nglactar leis, maidir le húsáid comhartha atá comhionann le trádmailrc duine eile ag oibreoir láithreáin gréasáin lena n-ionchorpraítear margadh ar líne ina chumarsáid tráchtála féin, go ndealraíonn sé, i súile tríú páirtithe, gur dlúthchuid den chumarsáid sin é agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ina chuid dá ghníomhaíocht.

Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chúirt, i gcás ina n-úsáideann soláthraí seirbhíse comhartha atá comhionann le trádmailrc duine eile nó cosúil leis chun earraí a chur chun cinn a mhargaíonn ceann dá chustaiméirí le cabhair ón tseirbhís sin, go n-úsáideann an soláthraí féin sin an comhartha sin nuair a úsáideann sé é ar bhealach lena mbunaítear nasc idir an comhartha sin agus na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí sin.

Dá bhrí sin, chinn an Chúirt cheana nach n-úsáideann soláthraí den sórt sin féin comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmailrc duine eile i gcás nach bhfuil an tseirbhís a sholáthraíonn an soláthraí sin inchomparáide le seirbhís arb é is aidhm di margáíocht earraí a bhfuil an comhartha sin orthu a chur chun cinn agus nach bhfuil nasc idir an tseirbhís sin agus an comhartha sin a chruthú i gceist leis, ós rud é nach bhfuil an soláthraí atá i gceist dealraitheach don tomhaltóir, a eisiann aon chomhlachas idir a sheirbhísí agus an comhartha atá i gceist.

Mar sin féin, chinn an Chúirt go bhfuil nasc den sórt sin ann i gcás ina ndéanann oibreoir margaidh ar líne fógraíocht, trí úsáid a bhaint as seirbhís tagartha idirlín agus as eochairfhocal atá comhionann le trádmailrc duine eile, earraí an trádmailrc sin a thairgeann a chustaiméirí lena ndíol ar a mhargadh ar líne. Cruthaítear le fógraíocht den sórt sin, d'úsáideoirí idirlín a dhéanann cuardach ar bhonn an eochairfhocail sin, comhlachas soiléir idir na hearraí brandáilte sin agus an fhéidearthacht iad a cheannach tríd an margadh sin. Is ar an gcúis sin atá dílseánach an trádmailrc sin i dteideal an t-oibreoir sin a chosc ó úsáid den sórt sin, i gcás ina sáraíonn an fhógraíocht sin cearta trádmailrc toisc nach féidir le húsáideoir idirlín atá réasúnta eolasach agus airdeallach, go mbeadh a fhios acu an de thionscnamh dhílseánach an trádmailrc sin nó ó fhiontar a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis nó, dá mhalairt, ó thríú páirtí.

Is é tátal na Cúirte as sin, d'fhonn a chinneadh an mbaineann oibreoir féin láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne úsáid as comhartha

atá comhionann le trádmarc duine eile, a thaispeántar i bhfógraí a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin, is gá a mheas an ndéanann úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach ar an láithreán gréasáin sin nasc a bhunú idir seirbhísí an oibreora sin agus an comhartha atá i gceist.

Sa chomhthéacs seo, d'fhonn a chinneadh an féidir fógra, arna fhoilsiú ar an margadh sin ag díoltóir tríú páirtí atá gníomhach ar an margadh sin, agus úsáid á baint as comhartha atá comhionann le trádmarc duine eile, a mheas mar fhógra atá ina dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála oibreoir an láithreáin gréasáin sin, is gá a fháil amach an bhfuil an fógra sin in ann nasc a bhunú idir na seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir sin agus an comhartha atá i gceist, ar an bhforas go bhféadfadh úsáideoir a chreidiúint gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn, ina ainm agus ar a chuntas féin, an t-earra dá n-úsáidtear an comhartha atá i gceist.

Tugann an Chúirt le fios, i gcomhthéacs an mheasúnaithe fhoriomláin sin ar imthosca an cháis, go dtugtar tábhacht ar leith don bhealach a chuirtear fógraí i láthair, ina n-aonar agus ina n-iomláine, ar an láithreán gréasáin atá i gceist agus ar chineál agus ar mhéid na seirbhísí a chuireann oibreoir an láithreáin gréasáin sin ar fáil.

Ar an gcéad dul síos, maidir leis an mbealach ina gcuirtear na fógraí sin i láthair, foráiltear don ghá atá le fógraí ar an idirlíon a thaispeáint go trédhearcach i reachtaíocht an Aontais, ionas gur féidir le húsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach idirdhealú a dhéanamh go héasca idir tairiscintí arna ndéanamh ag oibreoir an láithreáin gréasáin sin agus ag díoltóirí tríú páirtithe atá gníomhach ar an margadh ar líne. Measann an Chúirt i gcás ina n-úsáideann oibreoir bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsiú a chur i láthair, agus a fhógraí féin agus fógraí díoltóirí tríú páirtithe á dtaispeáint ag an am céanna agus a thaispeánann lógó a dháileora aitheanta féin ar a láithreán gréasáin agus ar na fógraí sin go léir, is dócha go ndéanfaidh sé idirdhealú den sórt sin deacair agus, dá bhrí sin, an tuiscint a thabhairt gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, na hearraí a thairgeann na díoltóirí tríú páirtithe sin lena ndíol.

Ar an dara dul síos, maidir le cineál agus méid na seirbhísí a sholáthraíonn oibreoir margaidh ar líne do dhíoltóirí, agus go háirithe iad siúd a bhaineann le stóráil, seoladh agus bainistiú na n-earraí sin a thugtar ar ais, is dócha go dtabharfaidh siad an tuiscint sin d'úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach, go ndéanann an t-oibreoir sin na hearraí sin a mhargú, agus ar an gcaoi sin nasc a chruthú, i súile na n-úsáideoirí sin, idir na seirbhísí agus na comharthaí atá le feiceáil ar na hearraí sin agus i bhfógraí na ndíoltóirí tríú páirtithe sin.

Mar chonclúid, rialaigh an Chúirt maidir le hoibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear, sa bhreis ar a thairiscintí lena ndíol féin, margadh ar líne, féadfar é a mheas mar oibreoir a bhaineann úsáid é féin as comhartha atá comhionann le trádmarc de chuid an Aontais Eorpaigh duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmarc sin cláraithe ina leith, i gcás ina dtairgeann díoltóirí tríú

páirtithe earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin, gan toiliú dhílseánach an trádmailhairc sin, má dhéanann úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach ar an láithreán gréasáin nasc a bhunú idir seirbhísí an oibreora sin agus an comhartha atá i gceist, is é sin an cás go háirithe, agus na gnéithe go léir lena léirítear an staid i gceist á gcur san áireamh, d'fhéadfadh a leithéid d'úsáideoir a thabhairt le tuiscint gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn é féin, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, na hearraí a bhfuil an comhartha sin orthu. Cuireann an Chúirt leis go bhfuil na fíorais seo ábhartha i ndáil leis sin:

- go n-úsáideann an t-oibreoir sin bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsíú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, ina dtaispeántar ag an am céanna na fógraí a bhaineann leis na hearraí a dhíolann sé ina ainm agus ar a chuntas féin agus na cinn a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin,
- go ndéanann sé a lógó dáileora aitheanta féin a thaispeáint ar na fógraí sin go léir,
- agus go dtairgeann sé go díoltóirí tríú páirtithe, i gcomhthéacs mhargaíocht na n-earraí a bhfuil an comhartha atá i gceist orthu, seirbhísí breise arb é atá iontu, go háirithe, stóráil agus seoladh na n-earraí sin.

Breithiúnas an 22 Nollaig 2022 (an Mór-Dhlísheomra), EUROAPTIEKA (C-530/20, [EU:C:2022:1014](#))

Is cuideachta é “EUROAPTIEKA” SIA atá i mbun gníomhaíocht san earnáil chógaisíochta sa Laitvia. Tá sé ina chuid de ghrúpa a bhfuil líonra cógaslann agus cuideachtaí dáileacháin táirgí íocshláinte miondíola aige sa tír sin. In 2016, chuir an Veselības inspekcijas Zāļu kontroles nodaļa (Cigireacht na Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Rialaithe Táirgí Íocshláinte, an Laitvia) cosc ar EUROAPTIEKA fógraíocht a scaipeadh maidir le díolachán promóisin lena dtabharfaí laghdú 15 % ar phraghas ceannaithe aon táirge íocshláinte i gcás go gceannófaí ar a laghad trí earra. Glacadh an cinneadh sin ar bhonn foráil náisiúnta lena dtairmeasctar a chur san áireamh, agus fógraíocht á déanamh don phobal i gcoitinne maidir le táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas agus nach féidir aisíocaíocht a fháil ina leith, faisnéis lena spreagfar an táirge íocshláinte a cheannach trí údar a thabhairt leis an ngá lena leithéid de cheannach de réir phraghas an táirge íocshláinte, le díol speisialta a fhógairt nó le tabhairt le fios go ndíolfar an táirge íocshláinte i mbeart le táirgí íocshláinte eile (lena n-áireofar ar phraghas laghdaithe) nó le táirgí eile. ¹⁰²

Tháinig an chaineán a thionscain EUROAPTIEKA i gcoinne na forála sin, os comhair an Latvijas Republikas Satversmes tiesa (Cúirt Bhunreachtúil, an Laitvia) in 2020, agus

¹⁰² Pointe 18.12 den Ministru kabineta noteikumi Nr. 378 ‘Zāļu reklamēšanas kārtība un kārtība, kādā zāļu ražotājs ir tiesīgs nodot ārstiem bezmaksas zāļu paraugus’ (Foraithne Uimh. 378 ó Chomhairle na nAirí maidir le ‘Socruithe fógraíochta le haghaidh táirgí íocshláinte agus an bealach ina n-údaraitear do mhonaróirí táirgí íocshláinte samplaí saor in aisce de tháirgí íocshláinte a sholáthar do dhochtúirí’, an 17 Bealtaine 2011 (Latvijas Vēstnesis, 2011, Uimh. 78).

d'fhiafraigh an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais, faoin nós imeachta um réamhrialú, maidir le léiriú Threoir 2001/83.¹⁰³

Lena breithiúnas, sonraíonn an Chúirt, agus í ag suí mar Mhór-Dhlísheomra, raon an choincheapa 'fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte' de réir bhrí na Treorach sin, go háirithe maidir le hábhar atá dírithe ní ar tháirge íocshláinte sonraithe, ach ar tháirgí íocshláinte neamhshonraithe. Thairis sin, tugann sí breith ar chomhréireacht foráil náisiúnta lena bhforáiltear do thoirmisc amhail iad siúd sna príomhimeachtaí leis an Treoir sin, go háirithe maidir leis an gceist an bhfuil na toirmisc sin beartaithe chun úsáid réasúnach táirgí íocshláinte a spreagadh, de réir bhrí na Treorach céanna.

Sa chéad áit, rialaíonn an Chúirt go dtagann scaipeadh faisnéise lena spreagtar daoine chun táirgí íocshláinte a cheannach trí údar a thabhairt leis an ngá lena leithéid de cheannach de réir a bpraghais, trí dhíolachán speisialta a fhógairt nó trína shonrú go ndíoltar na táirgí íocshláinte sin i dteannta táirgí íocshláinte eile, lena n-áirítear ar phraghas laghdaithe, nó táirgí eile, faoin gcoincheap 'fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte' de réir bhrí Threoir 2001/83, fiú i gcás nach mbaineann an fhaisnéis sin le táirge íocshláinte sonraithe, ach le táirgí íocshláinte neamhshonraithe.

Ar an gcéad dul síos, ó thaobh na foclaíochta de, cuireann an Chúirt in iúl go ndéantar tagairt ar bhonn córasach, le hAirteagal 86(1) den Treoir sin, ina bhfuil an coincheap 'fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte', do 'tháirgí íocshláinte' san iolra. Thairis sin, sainmhínítear an coincheap sin ar bhealach an-leathan san fhoráil sin, sa chaoi go gcuimsítear 'gach cineál' faisnéise ó dhoras go doras, stocaireachta nó gríosaithe, lena n-áirítear, go háirithe, 'fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte don phobal i gcoitinne'.

Ina dhiaidh sin, ó thaobh an chomhthéacs de, cuireann an Chúirt in iúl go leagtar síos le forálacha Theideal VIII de Threoir 2001/83, ina bhfuil Airteagal 86, rialacha ginearálta agus bunúsacha a bhaineann le fógraíocht le haghaidh táirgí íocshláinte agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad beartaithe le bheith curtha i bhfeidhm maidir le gach gníomh arb é is aidhm dó oideasú, soláthar, díol agus úsáid táirgí íocshláinte a chur chun cinn.

Ina dhiaidh sin, ó thaobh an chomhthéacs de, cuireann an Chúirt in iúl go leagtar síos le forálacha Theideal VIII de Threoir 2001/83, ina bhfuil Airteagal 86, rialacha ginearálta agus bunúsacha a bhaineann le fógraíocht le haghaidh táirgí íocshláinte agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad beartaithe le bheith curtha i bhfeidhm maidir le gach gníomh arb é is aidhm dó oideasú, soláthar, díol agus úsáid táirgí íocshláinte a chur chun cinn.

Ós rud é go bhféadfadh fógraíocht ar tháirgí íocshláinte neamhshonraithe, amhail fógraíocht a bhaineann le haicme iomlán táirgí íocshláinte atá ceaptha chun an phaiteolaíocht chéanna a chóireáil, a bheith bainteach freisin le táirgí íocshláinte faoi

¹⁰³ Go sonrach, is iad na forálacha dá dtagraítear Airteagail 86(1), 87(3) agus 90 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO 2001, L 311, lch. 67), arna leasú le Treoir 2004/27/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 (IO 2004, L 136, lch. 34).

oideas liachta nó táirgí ar féidir aisíocaíocht a fháil ina leith, dá n-eiseofaí fógraíocht den sórt sin ó raon feidhme fhorálacha Threoir 2001/83 maidir le fógraíocht, bhainfí go mór d'éifeacht úsáideach na dtairmeasc a leagtar síos leis an Treoir sin,¹⁰⁴ a mhéid a d'fhágfadh sin nach dtiocfadh aon fhógraíocht nach mbaineann go sonrach le táirge íocshláinte a bhaineann leis an aicme sin faoi na toirmisc sin.

Thairis sin, measann an Chúirt go bhféadfaidh fógraíocht a dhéantar i ndáil le tacar neamhshonraithe táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas, faoi mar is féidir le fógraíocht a dhéantar i ndáil le táirge íocshláinte sonraithe amháin, a bheith iomarcach agus díchéillí agus, dá réir sin, dochar a dhéanamh do shláinte an phobail, trí chustaiméirí a ghríosú chun úsáid díchéillí nó ró-úsáid na dtáirgí íocshláinte lena mbaineann.

Tagann an Chúirt chun na conclúide, d'ainneoin an méid a cinntíodh i mbreithiúnas A (*Fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte agus iad a dhíol ar líne*)¹⁰⁵ agus i mbreithiúnas *DocMorris*,¹⁰⁶ go gcuimsítear leis an gcoincheap "fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte" dá dtagraítear i dTreoir 2001/83, gach cineál faisnéise ó dhoras go doras, stocaireachta nó gríosaithe arb é is aidhm di oideasú, soláthar, díol agus úsáid táirge íocshláinte sonraithe nó táirgí íocshláinte neamhshonraithe a chur chun cinn.

Cuireann an Chúirt leis sin, ós rud é gurb é cuspóir na teachtaireachta an tsaintréith bhunúsach den choincheap sin agus an ghné chinntitheach lena ndealaítear an fhógraíocht ó fhaisnéis amháin, agus gur cosúil go bhfuil cuspóir bolscaireachta ag na gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh dá dtagraítear le foráil náisiúnta amháin an fhoráil sna príomhimeachtaí, go dtagann na gníomhaíochtaí sin faoin gcoincheap sin.

Ar an dara dul síos, rialaíonn an Chúirt nach gcuirtear cosc le forálacha Threoir 2001/83¹⁰⁷ ar fhoráil náisiúnta lena bhforchuirtear srianta nach bhforáiltear dóibh leis an Treoir sin, ach a fhreagraíonn don chuspóir bunúsach chun sláinte an phobail a chosaint atá á shaothrú leis an Treoir sin, trí thoirmeasc ar fhaisnéis a áireamh i bhfógraíocht don phobal i gcoitinne i ndáil le táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas agus nach féidir aisíocaíocht a fháil ina leith, faisnéis lena spreagtar táirgí íocshláinte a cheannach trí údar a thabhairt leis an ngá lena leithéid de cheannach de réir phraghas na dtáirgí íocshláinte sin, trí dhíolachán speisialta a fhógairt nó trína thabhairt le fios go ndíoltar an táirge íocshláinte i mbeart le táirgí íocshláinte eile, lena n-áirítear ar phraghas laghdaithe, nó le táirgí eile.

Mar thaca leis an léiriú sin, cuireann an Chúirt in iúl, sa chéad áit, maidir leis an ngaol idir an ceanglas go spreagfaidh an fhógraíocht úsáid réasúnach táirgí íocshláinte¹⁰⁸ agus na

¹⁰⁴ Airteagal 88(1)(a) agus (3) de Threoir 2001/83.

¹⁰⁵ Breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2020, A (*Fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte agus iad a dhíol ar líne*) (C-649/18, [EU:C:2020:764](#), mír 50).

¹⁰⁶ Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *DocMorris* (C-190/20, [EU:C:2021:609](#), mír 20).

¹⁰⁷ Go sonrach, Airteagal 87(3) agus 90 de Threoir 2001/83.

¹⁰⁸ An ceanglas a leagtar síos in Airteagal 87(3) de Threoir 2001/83.

srianta dá dtagraítear i dTreoir 2001/83 i bhfoirm liosta den ábhar fógraíochta a bhfuil toirmeasc air ¹⁰⁹ nach gcuirtear cosc ar na Ballstáit toirmeasc a chur ¹¹⁰ ar ábhar den sórt sin a mhéid a spreagfadh sin úsáid díchéillí táirgí íocshláinte, ar mhaithe le bac a chur ar gach fógraíocht iomarcach agus díchéillí le haghaidh táirgí íocshláinte a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte an phobail, ós rud é nach bhfuil rialacha sonracha sa Treoir sin a bhaineann le hábhar fógraíochta sonracha.

Dá réir sin, agus cé go n-údaráítear le Treoir 2001/83 fógraíocht le haghaidh táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas, ní mór do na Ballstáit a thoirmeasc, d'fhonn rioscaí do shláinte an phobail a sheachaint i gcomhréir leis an gcuspóir bunúsach sláinte an phobail sin a chosaint, go n-áireofaí, i bhfógraíocht don phobal i gcoitinne i ndáil le táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas agus nach féidir aisíocaíocht a fháil ina leith, ábhar a d'fhéadfadh úsáid díchéillí táirgí íocshláinte a spreagadh.

Sa dara háit, maidir leis an gceist an é sin an cás i leith an ábhair dá dtagraítear le toirmisc amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, cuireann an Chúirt in iúl, maidir le táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas agus nach féidir aisíocaíocht a fháil ina leith, gur minic go ndéanann an tomhaltóir deiridh measúnú é féin, gan cúnamh dochtúra, an bhfuil sé úsáideach nó an gá táirgí íocshláinte den sórt sin a cheannach. Ní bhíonn eolas sonracha agus oibiachtúil ag an tomhaltóir, áfach, lena bhféadfadh sé luach na dtáirgí sin ó thaobh leighis de a mheas. Féadfaidh an fhógraíocht tionchar an-tábhachtach a imirt ar mheasúnú agus rogha an tomhaltóra mar sin, i ndáil le cáilíocht an táirge íocshláinte agus an cainníocht le ceannach araon.

Sa chomhthéacs sin, is dual d'ábhar fógraíochta, amhail é sin dá dtagraítear san fhoráil náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí, tomhaltóirí a spreagadh chun táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas agus nach féidir aisíocaíocht a fháil ina leith a cheannach bunaithe ar chritéar eacnamaíoch a bhaineann le praghas na dtáirgí íocshláinte sin, agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh sé sin ar na tomhaltóirí sin na dtáirgí íocshláinte sin a cheannach agus a úsáid gan measúnú oibiachtúil a bheith déanta roimh ré bunaithe ar airíonna teiripeacha na dtáirgí sin agus ar na riachtanais shonracha leighis.

Dar leis an gCúirt, áfach, i gcás fógraíochta a bhaineann aird an tomhaltóra ó mheasúnú oibiachtúil den ghá le táirge íocshláinte a úsáid, spreagann an fhógraíocht sin úsáid díchéillí agus iomarcach an táirge sin. Féadfaidh úsáid díchéillí agus iomarcach táirgí íocshláinte den sórt sin a bheith mar thoradh ar fhógraíocht, dála na fógraíochta a bhaineann le tairiscintí bolscaireachta nó díolacháin chomhcheangailte táirgí íocshláinte agus táirgí eile, ina dtugtar le chéile táirgí íocshláinte agus táirgí eile tomhaltais, atá ina n-ábhair lascaí agus laghduithe praghaí má chaitear níos mó ná méid áirithe.

¹⁰⁹ Srianta dá dtagraítear in Airteagal 90 de Threoir 2001/83.

¹¹⁰ Ar bhonn Airteagal 87(3) de Threoir 2001/83.

Tagann an Chúirt chun na conclúide, a mhéid a chuirtear cosc léi ar ábhar fógraíochta a scaipeadh lena spreagtar úsáid díchéillí agus iomarcach táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas agus nach féidir aisíocaíocht a fháil ina leith - gan dochar don fhéidearthacht do chógaslanna lascaíní agus laghduithe praghaís a thabhairt agus na táirgí íocshláinte sin agus táirgí eile sláinte á ndíol -, go bhfreagraíonn foráil náisiúnta amhail an fhoráil atá i gceist sna príomhimeachtaí don chuspóir bunúsach sláinte an phobail a chosaint agus go bhfuil sí, mar sin, i gcomhréir le Treoir 2001/83.

2. Dliteanas soláthraithe inmheánacha

Breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, Glawischnig-Piesczek (C-18/18, [EU:C:2019:821](#))

Oibríonn Facebook Ireland ardán domhanda meán sóisialta ('Facebook Service') d'úsáideoirí lasmuigh de Stáit Aontaithe Mheiriceá agus de Cheanada. Bhí bean darbh ainm Glawischnig-Piesczek ina feisire den Nationalrat (an Chomhairle Náisiúnta, an Ostair), cathaoirleach ghrúpa parlaiminteach 'Die Grünen' (Na Glasaigh), agus Urlabhraí Cónaidhme don pháirtí pholaitiúil sin. An 3 Aibreán 2016, roinn úsáideoir Facebook Service alt ó iris faisnéise Ostarach ar líne [oe24.at](#) ar a leathanach pearsanta dar teideal 'Na Glasaigh: i bhfabhar ioncam íosta a choinneáil do dhídeanaithe', sa chaoi gur cruthaíodh 'mionsamhail' ar den suíomh tionscnaimh ar an leathanach sin, ina raibh teideal an ailt sin, achoimre ghearr ar an suíomh sin agus grianghraf de Glawischnig-Piesczek. D'fhoilsigh an t-úsáideoir sin freisin, i ndáil leis an alt sin, trácht arna tharraingt suas i dtéarmaí ba chúis dochair d'onóir an iarratasóra sna príomhimeachtaí, lenar maslaíodh agus clúmhillleadh í. Bhí an phostáil sin ar fáil d'úsáideoir Facebook ar bith.

I litir dar dáta an 7 Iúil 2016, d'iarr Glawischnig-Piesczek, *inter alia*, ar Facebook Ireland an trácht sin a scriosadh. Ós rud é nár scrios Facebook Ireland an trácht lena mbaineann, thug Glawischnig-Piesczek caingean os comhair cúirt tráchtála lenar ordaíodh do Facebook Ireland deireadh a chur láithreach agus go dtí go ndúnfaí na himeachtaí maidir leis an gcaingean le haghaidh urghaire le foilsiú agus/nó le scaipeadh grianghraf den iarratasóir sna príomhimeachtaí. Rinne Facebook Ireland rochtain ar an ábhar a foilsíodh ar dtús a dhíchumasú san Ostair.

Ar achomharc, sheas Ard-Chúirt Réigiúnach níos airde leis an ordú a rinneadh ag an gcéad chéim maidir leis na líomhaintí comhionanna. Os a choinne sin, chinn sí nár ghá deireadh a chur freisin le scaipeadh líomhaintí maidir le hábhar coibhéiseach ach a mhéid a bhain siad leis na líomhaintí sin arna gcur in iúl do Facebook Ireland ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí, ag tríú páirtithe nó ar bhealach eile. Rinne gach ceann de na páirtithe sna príomhimeachtaí achomharc ar phointe dlí os comhair an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair).

Bhain an iarraidh ar réamhrialú go bunúsach le léiriú ar Airteagal 15(1) de Threoir 2000/31/CE.

Mar réamhphointe, chuir an Chúirt in iúl, d'fhonn a bheith in ann a áirithiú go ndéanfadh an soláthraí seirbhíse óstála atá i gceist aon díobháil bhreise do na leasanna lena mbaineann a chosc, go bhfuil sé dlisteanach go bhféadfadh an chúirt a bhfuil dlínse aici a ceangal a chur ar an soláthraí seirbhíse óstála sin rochtain ar an bhfaisnéis arna stóráil a dhíchumasú, arb ionann a hábhar agus an t-ábhar a dearbhaíodh a bheith neamhdhleathach roimhe sin, nó an fhaisnéis sin a bhaint, is cuma cé a rinne an iarraidh ar stóráil na faisnéise sin.

Ina dhiaidh sin, dar leis an gCúirt, ceadaítear do chúirt de chuid Ballstáit ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse óstála an fhaisnéis a stóráilann sé, a bhfuil a hábhar coibhéiseach le hábhar faisnéise a dearbhaíodh a bheith neamhdhleathach roimhe sin, a bhaint nó rochtain ar an bhfaisnéis sin a dhíchumasú, ar choinníoll go bhfuil faireachán agus cuardach na faisnéise lena mbaineann faoi urghaire den sórt sin teoranta d'fhaisnéis lena gcuirtear teachtaireacht in iúl nach bhfuil a hábhar, go bunúsach, gan athrú i gcomparáid leis an bhfaisnéis ba chúis leis an gcinneadh go bhfuil neamhdhleathacht ann, ina bhfuil na heilimintí arna sonrú san ordú agus nach bhfuil na difríochtaí i bhfoclaíocht an ábhair sin coibhéiseach leis an ábhar a dearbhaíodh a bheith neamhdhleathach roimhe sin sa chaoi go gcuirfí ceangal ar an soláthraí measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an ábhar sin.

Ar deireadh, tá an chúirt sin i dteideal a ordú do sholáthraí seirbhíse óstála an fhaisnéis a chumhdaítear leis an ordú a bhaint nó rochtain uirthi a dhíchumasú ar fud an domhain, faoin dlí idirnáisiúnta ábhartha.

Breithiúnas an 8 Nollaig 2022 (an Mór-Dhlísheomra) Google (Díliostú ábhair a líomhnaítear a bheith míchruinn) (C-460/20, [EU:C:2022:962](#))

Bhí na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, TU, a bhfuil poist ardleibhéil aige agus a bhfuil infheistíocht aige i gcuideachtaí éagsúla, agus RE, a bhí mar pháirtí le TU agus a bhí, go dtí Bealtaine 2015, ina gníomhaire údaraithe i gceann de na cuideachtaí sin, ina n-ábhar de thrí alt foilsithe ar shuíomh gréasáin i 2015 ag G LLC, oibreoir an tsuímh gréasáin sin. Léiríodh sna hailt sin, ceann amháin acu le ceithre ghrianghraf inar léiríodh na hiarratasóirí agus ina tugadh le fios go raibh saol na bhfuíoll acu agus inar cuireadh i láthair go criticiúil an tsamhail infheistíochta arna cur chun feidhme ag roinnt dá gcuideachtaí. Bhíothas in ann rochtain a fháil ar na hailt sin trí chéadainmneacha agus sloinnte na n-iarratasóirí a chur san inneall cuardaigh arna oibriú ag Google LLC ('Google'), ina n-aonar agus in éineacht le hainmneacha cuideachtaí áirithe. Rinneadh tagairt i liosta na dtorthaí do na hailt sin trí nasc, agus trí ghrianghraif a taispeánadh i bhfoirm mionsamhlacha ('thumbnails').

D'iarr na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ar Google, mar rialaitheoir ar phróiseáil sonraí pearsanta lena inneall cuardaigh, ar an gcéad dul síos, na naisc chuig na hailt atá i

gceist a bhaint de liosta na dtorthaí cuardaigh, ar an bhforas go bhfuil líomhaintí míchruinne agus tuairimí clúmhilleacha iontu, agus, ar an dara dul síos, na mionsamhlacha a bhaint de liosta na dtorthaí cuardaigh. Dhiúltaigh Google géilleadh don iarraidh sin.

Tar éis dóibh a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim agus ar achomharc, rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomharc ar phointe dlí os comhair an Bundesgerichtshof (an Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme, an Ghearmáin), inar chuir an Bundesgerichtshof iarraidh isteach ar léiriú ar RGCS ¹¹¹ agus ar Threoir 95/46. ¹¹²

Lena breithiúnas, a tugadh sa Mhór-Dhlísheomra, forbraíonn an Chúirt a cásdlí maidir leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarrataí ar dhíliostú a sheoltar chuig oibreoir innill chuardaigh ar bhonn na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. ¹¹³ Go háirithe, déanann sí measúnú, ar an gcéad dul síos, ar mhéid na n-oibleagáidí agus na bhfreagrachtaí a bhfuil feidhm acu maidir le hoibreoir an innill chuardaigh i ndail le próiseáil iarraidh ar dhíliostú atá bunaithe ar mhíchruinneas líomhnaithe na faisnéise atá san ábhar a liostaítear, agus, ar an dara dul síos, ar an dualgas cruthúnais a fhorchuirtear ar an duine lena mbaineann maidir leis an míchruinneas sin. Tugann sí rialú ina theannta sin maidir leis an ngá, chun críocha scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar ghrianghraif a thaispeántar i bhfoirm mionsamhlacha a scriosadh de thorthaí cuardaigh íomhá, comhthéacs an fhoilsithe ar an idirlíon ina bhfuil na grianghraif sin le feiceáil ar dtús a chur san áireamh.

Ar an gcéad dul síos, rialaíonn an Chúirt, agus cothromaíocht á baint amach idir, ar thaobh amháin, na cearta go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, agus, ar an taobh eile, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, ¹¹⁴ chun críocha scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar dhíliostú a seoltar chuig oibreoir an innill chuardaigh lena n-iarrtar go scriosfar ó thorthaí cuardaigh an nasc chuig ábhar ina bhfuil líomhaintí a mheasann an duine a rinne an tarchur a bheith míchruinn, nach bhfuil an díliostú sin faoi réir an choinníll go mbeadh ceist chruinneas an ábhair atá i gceist réitithe, go sealadach ar a laghad, i gcaingean arna tabhairt ag an duine sin i gcoinne sholáthraí an ábhair sin.

Mar réamhphointe, d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na himthosca inar gá d'oibreoir innill chuardaigh glacadh le hiarraidh ar dhíliostú agus, dá bhrí sin, scriosadh a dhéanamh sa

¹¹¹ Airteagal 17(3)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

¹¹² Airteagal 12(b) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 14(a) de Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

¹¹³ Breithiúnais an 13 Bealtaine 2014, *Google Spain agus Google* (C-131/12, [EU:C:2014:317](#)), agus an 24 Meán Fómhair 2019, *GC agus páirtithe eile (Díliostú sonraí íogaire)* (C-136/17, [EU:C:2019:773](#)) agus *Google (Teorainneacha críche díliostú)* (C-507/17, [EU:C:2019:772](#)).

¹¹⁴ Cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagal 7, 8 agus 11 faoi seach den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

liosta torthaí, a thaispeántar tar éis cuardach a dhéanamh ar bhonn ainm an ábhair sonraí, ar an nasc chuig leathanach idirlín, ar a bhfuil líomhaintí a mheasann an duine sin a bheith míchruinn, mheabhraigh an Chúirt, inter alia, an méid seo a leanas:

- sa mhéid go bhféadfadh gníomhaíocht innill cuardaigh, dá bhrí sin, difear a dhéanamh go suntasach agus go forlíontach i gcomparáid le gníomhaíocht foilsitheoirí láithreán gréasáin, do na cearta bunúsacha go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, ní mór d’oibreoir an innill cuardaigh, ós é an té a chinneann críocha agus modhanna na gníomhaíochta sin, a áirithiú, i gcomhthéacs a fhreagrachtaí, a inniúlachtaí agus a fhéidearthachtaí, go mbeidh éifeacht iomlán ag na ráthaíochtaí arna leagan síos le Treoir 95/46 agus le RGCS, agus cosaint iomlán a bhaint amach iarbhír do na daoine lena mbaineann;
- i gcás ina bhfaigheann oibreoir an innill cuardaigh iarraidh ar dhíliostú, ní mór dó a fhíorú an gá an nasc chuig an leathanach gréasáin atá i gceist a chur san áireamh i liosta na dtorthaí chun an tsaoirse chun faisnéis a fháil a fheidhmiú d’úsáideoirí idirlín a bhféadfadh suim a bheith acu rochtain a fháil ar an leathanach idirlín sin trí bhíthin cuardach den sórt sin, atá faoi chosaint ag an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil;
- le RGCS, cumhdaítear go sainráite ar an gcaoi sin an ceanglas maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, na cearta bunúsacha go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, agus, ar an taobh eile, an ceart bunúsach chun faisnéis a fháil.

Ar an gcéad dul síos, tugann an Chúirt dá haire, cé go bhfuil tosaíocht ag cearta an ábhair sonraí maidir lena shaol príobháideach a urramú agus a shonraí pearsanta a chosaint, mar riail ghinearálta, ar leasanna dlisteanacha úsáideoirí idirlín a bhféadfadh leas a bheith acu chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis lena mbaineann, d’fhéadfadh an chothromaíocht sin a bheith ag brath, áfach, i gcásanna áirithe, ar chineál na faisnéise atá i gceist agus ar a híogaireacht do shaol príobháideach an ábhair sonraí agus ar leas an phobail an fhaisnéis sin a bheith acu, leas a d’fhéadfadh a bheith éagsúil, go háirithe, de réir an róil atá ag an ábhar sonraí sa saol poiblí.

Gné ábhartha í an cheist maidir le cruinneas nó míchruinneas an ábhair atá liostaithe sa mheasúnú sin. Dá bhrí sin, in imthosca áirithe, d’fhéadfadh forlámhas a bheith ag ceart úsáideoirí idirlín chun faisnéis a fháil agus ag an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ar an gceart go ndéanfar an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe i gcás ina mbíonn ról ag an ábhar sonraí sa saol poiblí. A mhalairt atá fíor i gcás ina bhfuil ar a laghad cuid den fhaisnéis, dá dtagraítear san iarraidh ar dhíliostú agus nach mionfhaisnéis í, a bhfuil sé soiléir go bhfuil sí míchruinn, i bhfianaise an ábhair ina iomláine. I gcás den sórt sin, ní féidir an ceart chun faisnéis a thabhairt agus an ceart chun faisnéis a fháil a chur san áireamh, ós rud é nach féidir an ceart chun faisnéis den sórt sin a scaipeadh agus rochtain a bheith acu uirthi a áireamh iontu.

Ina theannta sin, maidir leis na hoibleagáidí chun a shuí gur faisnéis mhíchruinn go follasach í an fhaisnéis atá san ábhar liostaithe, sonraíonn an Chúirt go gceanglaítear ar an duine a iarrann an díliostú, mar gheall ar mhíchruinneas na faisnéise sin, míchruinneas follasach na faisnéise a shuíomh nó, ar a laghad, míchruinneas follasach de chuid den fhaisnéis sin nach mionfhaisnéis í a shuíomh i bhfianaise an ábhair sin ina iomláine. Mar sin féin, ionas nach gcuirfear ualach iomarcach ar an duine sin a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éifeachtacht an chirt chun díliostú a fháil, ní fhorchuirtear ar an duine sin ach oibleagáid chun fianaise a d'fhéadfaí a lorg uaidh go réasúnta a sholáthar, i bhfianaise imthosca an cháis lena mbaineann. I bprionsabal, níl an duine sin freagrach, ón gcéim réamhdhlíthíochta, mar thaca lena iarraidh ar dhíliostú, as cinneadh breithiúnach a fháil i gcoinne fhoilsitheoir an tsuímh ghréasáin, fiú i bhfoirm cinnidh a dhéantar mar bheart eatramhach.

Ar an taobh eile, maidir leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí a fhorchuirtear ar oibreoir an innill chuardaigh, sonraíonn an Chúirt nach mór don oibreoir sin, d'fhonn a fháil amach an bhféadfar leanúint d'ábhar a áireamh i liosta torthaí an chuardaigh a rinneadh trína inneall cuardaigh tar éis iarraidh ar dhíliostú a dhéanamh, brath ar na cearta agus ar na leasanna uile lena mbaineann agus ar imthosca uile an cháis. Mar sin féin, ní féidir oibleagáid a chur ar an oibreoir sin imscrúdú a dhéanamh ar na fíorais agus, chuige sin, plé frithráiteach a thionscnamh leis an soláthraí ábhair chun faisnéis a fháil atá in easnamh maidir le cruinneas an ábhair atá liostaithe. Dá mbeadh oibleagáid ann rannchuidiú le cruthú go bhfuil an t-inneachar cruinn nó nach bhfuil, chuirfí ualach ar an oibreoir sin a rachadh thar a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta i bhfianaise a fhreagrachtaí, a inniúlachtaí agus a fhéidearthachtaí. Bheadh riosca tromchúiseach i gceist leis an réiteach sin go ndéanfaí díliostú d'ábhar a chomhlíonann riachtanas faisnéise atá dlísteach agus ceannasach don phobal agus go mbeadh sé deacair, dá bhrí sin, an t-ábhar sin a fháil ar an idirlíon. Dá bhrí sin, bheadh fíorbhaol ann go mbeadh éifeacht athchomhairleach ann ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil dá ndéanfadh oibreoir an innill chuardaigh díliostú den sórt sin ar bhealach atá beagnach córasach, ionas nach mbeadh ar an oibreoir sin na fíorais ábhartha a imscrúdú d'fhonn a shuí an raibh an t-ábhar liostaithe cruinn nó nach raibh.

Dá bhrí sin, i gcás ina gcuirfidh an t-iarratasóir ar dhíliostú fianaise ar fáil chun a shuí gur faisnéis mhíchruinn go follasach í an fhaisnéis atá san ábhar liostaithe nó, ar a laghad, cuid den fhaisnéis sin nach mionfhaisnéis í i bhfianaise an ábhair sin ina iomláine, ceanglaítear ar oibreoir an innill chuardaigh an iarraidh sin a cheadú. Is amhlaidh atá freisin i gcás ina dtíolacann an t-iarratasóir cinneadh breithiúnach arna ghlacadh i gcoinne fhoilsitheoir an tsuímh gréasáin agus atá bunaithe ar an gcinneadh go bhfuil an fhaisnéis sin san ábhar liostaithe, nach mionfhaisnéis í i bhfianaise an ábhair sin ina iomláine, míchruinn, ar a laghad *prima facie*. Ar an taobh eile, i gcás nach bhfuil míchruinneas na faisnéise sin soiléir ag féachaint don fhianaise a chuir an t-ábhar sonraí ar fáil, ní cheanglaítear ar oibreoir an innill chuardaigh, in éagmais cinneadh breithiúnach den sórt sin, iarraidh den sórt sin ar dhíliostú a cheadú. I gcás inar dócha go gcuirfidh an fhaisnéis atá i gceist le díospóireacht a bhaineann le leas an phobail, is

iomchuí, ag féachaint d'ímthosca eile uile an cháis, béim a leagan ar an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.

Ar deireadh, cuireann an Chúirt in iúl freisin, i gcás nach gceadaíonn oibreoir an innill cuardaigh iarraidh ar dhíliostú, nach mór don duine lena mbaineann a bheith in ann an t-ábhar a chur faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta nó an údaráis bhreithiúnaigh ionas go bhféadfaidh sé na fíoruithe is gá a dhéanamh agus ordú don rialaitheoir na bearta is gá a ghlacadh dá réir. I ndáil leis sin, is faoi na húdaráis bhreithiúnacha atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna iomaíocha, ós rud é gurb iad siúd an dream is oiriúnaí chun cóimheá chasta agus chríochnúil a dhéanamh, ina gcuirtear san áireamh na critéir agus na tosca uile arna mbunú le cásdlí ábhartha.

Sa dara háit, rialaíonn an Chúirt, i gcomhthéacs chothromaíocht na gceart bunúsach thuasluaite, nach mór, chun críocha scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar dhíliostú chun go scriosfar grianghraif ó thorthaí cuardaigh íomhánna, arna ndéanamh ar bhonn ainm duine nádúrtha, ar grianghraif iad atá i bhfoirm mionsamhlacha lena dtaispeántar an duine sin, nach mór luach faisnéiseach na ngrianghraf sin a chur san áireamh beag beann ar an gcomhthéacs ina bhfoilsítear iad ar an leathanach gréasáin óna mbaintear iad. Mar sin féin, ba cheart aird chuí á tabhairt ar aon ghné théacsúil a ghabhann go díreach le taispeáint na ngrianghraf seo sna torthaí cuardaigh agus lenar dócha go soiléireofaí luach faisnéiseach na ngrianghraf sin.

Chun teacht ar an gconclúid sin, cuireann an Chúirt in iúl go bhfuil cuardaigh íomhánna a dhéantar trí inneall cuardaigh idirlín ar bhonn ainm duine faoi réir na bprionsabal céanna is infheidhme maidir le cuardaigh ar an idirlín agus ar an bhfaisnéis atá iontu. Cuireann sí in iúl, tar éis cuardach a dhéanamh ar bhonn a ainm, i bhfoirm mionsamhlacha, ós rud é gur dócha gurb ionann an taispeáint sin agus cur isteach an-suntasach ar chearta an duine sin maidir lena shaol príobháideach a chosaint agus ar a shonraí pearsanta.

Dá réir sin, i gcás ina bhfaigheann oibreoir innill cuardaigh iarraidh ar dhíliostú chun go scriosfar grianghraif ó thorthaí cuardaigh íomhánna arna dhéanamh ar bhonn ainm duine nádúrtha, ar grianghraif iad atá i bhfoirm mionsamhlacha lena dtaispeántar an duine sin, ní mór dó a fhíorú an bhfuil gá leis na grianghraif atá i gceist a thaispeáint chun an ceart chun saoráil faisnéise a fheidhmiú d'úsáideoirí idirlín a bhféadfadh suim a bheith acu rochtain a fháil ar na grianghraif sin trí bhíthin cuardach den sórt sin.

A mhéid a thaispeántar, san inneall cuardaigh, grianghraif den ábhar sonraí lasmuigh den chomhthéacs ina bhfoilsítear iad ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear, go minic chun na heilimintí téacsúla atá ar an leathanach sin a léiriú, ní mór a chinneadh an gá an comhthéacs sin a chur san áireamh mar sin féin agus na cearta agus na leasanna iomaíocha atá le cur i gcrích á gcur i gcóimheá. Sa chomhthéacs sin, is ar chuspóir agus ar chineál na próiseála lena mbaineann a mbraitheann an cheist ar gá go gcuirfí san áireamh, sa mheasúnú sin, ábhar an leathanaigh gréasáin ar a bhfuil an grianghraf a bhfuiltear ag iarraidh scriosadh a thaispeána i bhfoirm mionsamhla.

Maidir le hábhar na próiseála atá i gceist, ar an gcéad dul síos, tugann an Chúirt dá haire gur dócha go mbeidh tionchar níos láidre ag grianghraif a fhoilsítear mar mhodh cumarsáide neamhbhriathartha ar úsáideoirí idirlín ná mar a bheadh ag foilseacháin théacsúla. Is bealach tábhachtach iad grianghraif, mar sin, chun aird úsáideoirí an idirlín a mhealladh agus d'fhéadfadh siad suim a mhealladh chun rochtain a fháil ar na hait a léirítear leo. Ós rud é, go háirithe, gur minic gur féidir roinnt léirmhínte a thabhairt orthu, d'fhéadfadh a dtaispeáint i liosta na dtorthaí cuardaigh mar mhionsamhlacha, cur isteach an-tromchúiseach a dhéanamh ar cheart an ábhair sonraí go gcosnófaí a íomhá, rud nach mór a chur san áireamh agus cearta agus leasanna iomaíocha á gcothromú. Tá gá le cothromaíocht ar leith i gcás go bhfuil, ar an gcéad dul síos, ailt a bhfuil grianghraif ag gabháil leo arna bhfoilsíú ag foilsitheoir an leathanaigh gréasáin agus ina léirítear, agus iad curtha ina gcomhthéacs bunaidh, an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna hait sin agus na tuairimí a nochtar iontu, agus, ar an dara dul síos, grianghraif a thaispeántar i bhfoirm mionsamhlacha i liosta na dtorthaí ag oibreoir innill chuardaigh lasmuigh den chomhthéacs inar foilsíodh iad ar an leathanach gréasáin bunaidh.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt faoi deara, ní hamháin nach ionann an foras lena dtugtar údar le sonraí pearsanta a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin agus an foras a bhfuil feidhm aige maidir le gníomhaíocht inneall cuardaigh, ach, fiú i gcás inarb amhlaidh an cás, go bhféadfadh difríocht a bheith ann mar thoradh ar an gcothromú atá le déanamh ar na cearta agus na leasanna atá i gceist, ag brath ar cé acu an bhfuil an phróiseáil a dhéanann oibreoir an innill chuardaigh nó an phróiseáil a dhéanann foilsitheoir an tsuímh gréasáin sin i gceist. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh na leasanna dlisteanacha lena dtugtar údar leis an bpróiseáil sin a bheith éagsúil agus, ar an dara dul síos, ní gá go bhfuil na hiarmhairtí a bheadh ag na sagsanna próiseála sin ar an ábhar sonraí, agus go háirithe ar a shaol príobháideach, mar an gcéanna. ¹¹⁵

Ina theannta sin, maidir le cineál na próiseála a dhéanann oibreoir an innill chuardaigh, sonraíonn an Chúirt, trí ghrianghraif de dhaoine nádúrtha a fhoilsítear ar an idirlíon a shainithint agus iad a thaispeáint ar leithligh, i dtorthaí cuardach íomhá, i bhfoirm mionsamhlacha, go gcuireann oibreoir innill cuardaigh seirbhís ar fáil lena ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil go neamhspleách agus ar leithligh ó sheirbhís foilsitheoir an leathanaigh gréasáin óna bhfaightear na grianghraif agus ón méid sin, go bhfuil an toibreoir freagrach as liostú an leathanaigh sin chomh maith.

Dá bhrí sin, tá gá le measúnú neamhspleách ar ghníomhaíocht oibreoir an innill chuardaigh, arb é atá ann torthaí an chuardaigh íomhána a thaispeáint, i bhfoirm mionsamhlacha, ós rud é go bhféadfadh an cur isteach breise ar chearta bunúsacha a eascraíonn as gníomhaíocht den sórt sin a bheith thar a bheith dian mar thoradh ar chomhiomlánú na faisnéise uile a bhaineann leis an ábhar sonraí ar an idirlíon, le linn cuardaigh de réir ainm. I gcomhthéacs an mheasúnaithe neamhspleách sin, ní mór a

¹¹⁵ Féach an breithiúnas in *Google Spain agus Google*, (C-131/12, [EU:C:2014:317](#), mír 86).

chur san áireamh gurb é an taispeánt sin, ann féin, an toradh atá á lorg ag an úsáideoir idirlín, beag beann ar an gcinneadh a rinne sé ina dhiaidh sin maidir le rochtain a fháil nó gan rochtain a fháil ar an leathanach gréasáin bunaidh ina dhiaidh sin.

Tugann an Chúirt faoi deara, áfach, go bhfuil cur i gcóimheá sonrathach den sórt sin, lena gcuirtear san áireamh cineál uathrialach na próiseála a dhéanann oibreoir an innill chuardaigh, gan dochar d'ábharthacht fhéideartha na n-eilimintí téacsúil a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil go díreach le grianghraf a thaispeántar ar liosta na dtorthaí cuardaigh, ós rud é gur dócha go dtabharfaidh eilimintí den sórt sin léargas ar luach faisnéiseach an ghrianghraif sin don phobal agus, dá bhrí sin, go n-imreoidh siad tionchar ar chothromaíocht na gceart agus na leasanna lena mbaineann.

3. Dlí na hiomaíochta

Breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2011, Pierre Fabre (C-439/09, [EU:C:2011:649](#))

Bhí Pierre Fabre Dermo-Cosmétique (PFDC) gníomhach i dtáirgí cosmaideacha a mhonarú agus a mhargú trí chóigaiseoirí ar mhargadh na hEorpa. Níor tháinig na táirgí lena mbaineann faoi chatagóir na dtáirgí íocshláinte. Sonraíodh sna conarthaí chun na táirgí sin a dháileadh, áfach, nárbh fhéidir díolacháin a dhéanamh ach i spás fisiciúil agus poitigéir céimithe i láthair, rud a chuir cosc i gcleachtas ar aon chineál díolacháin ar an idirlíon. Chinn Údarás Iomaíochta na Fraince, mar thoradh ar an gcosc *de facto* ar aon díolachán ar an idirlíon, gur comhaontuithe frithiomaíochta iad comhaontuithe dáileacháin PFDC a bhí contrártha do reachtaíocht na Fraince agus do dhlí iomaíochta an Aontais araon. Thug PFDC caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras, an Fhrainc), inar fiafraíodh den Chúirt Bhreithiúnais an ionann toirmeasc ginearálta iomlán ar dhíol ar an idirlíon agus srian ar iomaíocht 'de réir cuspóra', an bhféadfadh comhaontú den sórt sin teacht faoi bhlocdhíolúine agus, i gcás nach bhféadfadh, an bhféadfadh an comhaontú sin teacht faoi dhíolúine aonair faoi Airteagal 101(3) CFAE.

Dúirt an Chúirt mar fhreagra nár mhór Airteagal 101(1) CFAE a léiriú sa chaoi gurb ionann téarma conarthach, i gcomhthéacs córas dáilte roghnaitheach, agus srian de réir cuspóra de réir bhrí na forála sin más rud é, tar éis scrúdú aonair, nach bhfuil údar oibiachtúil leis an gclásal sin. Go deimhin, le téarma conarthach den sórt sin laghdaítear go mór an fhéidearthacht atá ag dáileoir údaráithe na táirgí conarthacha a dhíol le custaiméirí lasmuigh dá chríoch chonarthach nó dá limistéar gníomhaíochta. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí iomaíocht a shrianadh san earnáil sin leis.

Tá ceanglais dhlísteanacha ann, áfach, amhail trádáil speisialaithe a choinneáil ar bun lena bhféadfaí seirbhísí sonracha a sholáthar maidir le táirgí ardcháilíochta an-teicniúla, a d'fhéadfadh a bheith mar údar le hiomaíocht praghsanna a laghdú i ndáil le gnéithe

eile seachas praghsanna. I ndáil leis sin, ní thagann eagrú córas dáileacháin roghnaitheach faoi raon feidhme an toirmisc in Airteagal 101(1) CFAE, ar choinníoll go roghnaítear na hathdhíoltóirí ar bhonn critéir oibiachtúla cháilíochtúla arna leagan síos ar bhealach aonfhoirmeach maidir le gach déileálaí féideartha arna gcur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, go bhfuil córas dáileacháin den sórt sin ag teastáil i bhfianaise shaintréithe an táirge atá i gceist, chun a cháilíocht a chaomhnú agus a úsáid cheart a áirithiú, agus, ar deireadh, nach dtéann na critéir a shainítear thar an méid atá riachtanach. Maidir le táirgí cosmaideacha agus sláinteachais choirp a dhíol, go háirithe, ní cuspóir dlisteanach chun iomaíocht a shrianadh an cuspóir íomhá ardghradaim a chaomhnú do na táirgí sin.

Ní mór Airteagal 4(c) de Rialachán (CE) Uimh. 2790/1999 ¹¹⁶ a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Rialachán sin maidir le comhaontuithe ingearacha arb é is cuspóir dóibh srian a chur ar dhíolacháin ghníomhacha nó éighníomhacha le húsáideoirí deiridh ag comhaltaí de chóras dáileacháin roghnaitheach a oibríonn mar mhiondíoltóirí ar an margadh, gan dochar don fhéidearthacht cosc a chur ar bhall den chóras oibriú ó áit bhunaíochta neamhúdaraíthe.

Breithiúnas an 6 Nollaig 2017, Coty Germany (C-230/16, [EU:C:2017:941](#))

Dhíol Coty Germany cosmaidí sómasacha sa Ghearmáin. Chun a íomhá fíorghalánta a chaomhnú, rinne sé cuid dá thrádmharcanna a mhargú trí líonra dáileacháin roghnaitheach, is é sin le rá, trí dháileoirí údaraithe. Níor mhór go gcomhlíonfaí ceanglais áirithe ó thaobh an chomhshaoil, na forbartha agus na leagan amach de le díolphointí na ndáileoirí sin. Ina theannta sin, ceadáíodh do dháileoirí údaraithe na hearraí ábhartha a dhíol ar an idirlíon, ar choinníoll gur bhain siad úsáid as a bhfuinneog leictreonach féin nó as ardáin tríú páirtí neamhúdaraíthe dá mba rud é nach bhféadfadh tomhaltóir a fheiceáil go raibh na hardáin sin in úsáid. Os a choinne sin, cuireadh toirmeasc sainráite orthu táirgí a dhíol ar líne trí ardáin tríú páirtí a bheadh le feiceáil ag tomhaltóirí.

Thug Coty Germany caingean os comhair chúirteanna na Gearmáine i gcoinne ceann dá dháileoirí údaraithe, Parfümerie Akzente, chun toirmeasc a chur air, de bhun an chláisail chonarthaigh sin, táirgí Coty a dháileadh trí ardán 'amazon.de'. Ós rud é nach raibh sí cinnte faoi dhleathacht an chláisail sin faoi dhlí iomaíochta an Aontais, chuir Oberlandesgericht Frankfurt am Main (Ard-Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main, an Ghearmáin) ceisteanna ar an gCúirt Bhreithiúnais ina leith sin.

¹¹⁶ Rialachán (CE) Uimh. 2790/1999 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 1999 maidir le hAirteagal 81(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe (IO 1999, L 336, lch. 21).

Dar leis an gCúirt, ní mór Airteagal 101(1) CFAE a léiriú sa chaoi go bhfuil córas dáileacháin roghnaitheach den sórt sin atá beartaithe chun íomhá fíorghalánta na dtáirgí sin a chaomhnú ag teacht leis an bhforáil sin, ar choinníoll go roghnaítear athdhíoltóirí i gcomhréir le critéir oibiachtúla cáilíochtúla arna leagan síos ar bhealach aonfhoirmeach maidir le gach déileálaí ionchasach, a chuirtear i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus nach dtéann na critéir a shainítear thar a bhfuil riachtanach.

Ina theannta sin, ní mór Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ¹¹⁷ a léiriú sa chaoi nach ionann an toirmeasc ar chomhaltaí de chóras dailte roghnaitheach le haghaidh earraí fíorghalánta, a oibríonn mar dháileoirí ar an margadh, úsáid infheicthe a bhaint as gnóthais tríú páirtí le haghaidh díolacháin idirlín agus srian ar chustaiméirí de réir bhrí Airteagal 4(b) ná srian ar dhíolacháin éighníomhacha le húsáideoirí deiridh, de réir bhrí Airteagal 4(c) den Rialachán sin.

Breithiúnas an 4 Iúil 2023 (an Mór-Dhlísheomra), Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta) (C-252/21, [EU:C:2023:537](#))

Líonra de chuid Meta Platforms is é an líonra sóisialta ar líne ‘Facebook’, atá saor in aisce d’úsáideoirí príobháideacha. Tá samhail ghnó an líonra shóisialta sin bunaithe ar mhaoiniú trí fhógraíocht ar líne, atá saincheaptha dá úsáideoirí aonair. Cumasaítear fógraíocht den sórt sin go teicniúil trí phróifílí mionsonraithe d’úsáideoirí an líonra agus de sheirbhísí ar líne a thairgtear ar leibhéal ghrúpa Meta a bhunú go huathoibríoch. Dá bhrí sin, d’fhonn a bheith in ann an líonra sóisialta sin a úsáid, ní mór d’úsáideoirí, tráth a gcláraithe, glacadh le coinníollacha ginearálta Facebook, a thagraíonn do na beartais úsáide sonraí agus fianán atá leagtha síos ag an gcuideachta sin. Faoi na forálacha sin, sa bhreis ar na sonraí a sholáthraíonn na húsáideoirí sin go díreach tráth a gcláraithe, bailíonn Meta Platforms sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí na n-úsáideoirí sin laistigh agus lasmuigh den líonra sóisialta agus nascann sé iad le cuntais Facebook na n-úsáideoirí lena mbaineann. Maidir leis na sonraí sin, ar a dtugtar ‘sonraí off Facebook’, ar an gcéad dul síos, is sonraí iad a bhaineann le cuairteanna ar shuíomhanna idirlín agus ar fheidhmchláir tríú páirtí agus, ar an dara dul síos, sonraí a bhaineann le húsáid seirbhísí eile ar líne a bhaineann leis an ngrúpa Meta (lena n-áirítear Instagram agus WhatsApp). Is féidir teacht ar chonclúidí mionsonraithe maidir le roghanna agus ábhair spéise na n-úsáideoirí sin ar bhonn na sonraí sin ina n-iomláine.

Le cinneadh an 6 Feabhra 2019, chuir an Bundeskartellamt (an Oifig Chónaidhmeach Cairtéil, an Ghearmáin) toirmeasc ar Meta Platforms, ar an gcéad dul síos, úsáid líonra sóisialta Facebook ag úsáideoirí príobháideacha ina gcónaí sa Ghearmáin a chur faoi réir coinníll go ndéanfaí próiseáil ar a gcuid sonraí off Facebook agus, ar an dara dul síos, go

¹¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i leith aicmí de chomhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe (IO 2010 L 102, Ich. 1).

ndéanfaí, gan a dtoilíú, na sonraí sin a phróiseáil ar bhonn na gcoinníollacha ginearálta a bhí i bhfeidhm an tráth sin.¹¹⁸ Ina theannta sin, chuir an Oifig Chónaidhmeach Cairtéil ceangal air na coinníollacha ginearálta sin a oiriúnú ionas gur léir nach ndéanfaí na sonraí sin a bhailiú, a nascadh le cuntais úsáideoirí Facebook ná a úsáid gan toiliú an úsáideora lena mbaineann. Ar deireadh, chuir an t-údarás sin in iúl nach raibh an toiliú sin bailí nuair coinníoll húsáide chun an líonra sóisialta a úsáid. Bhunaigh sé a chinneadh ar an bhfíric gurbh ionann próiseáil na sonraí a bhí i gceist, nár chomhlíon RGCS,¹¹⁹ agus mí-úsáid a bhaint as ceannasacht Meta Platforms ar mhargadh na líonraí sóisialta ar líne.

Thug Meta Platforms caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Oberlandesgericht Düsseldorf (an Uaschúirt Réigiúnach, Düsseldorf, an Ghearmáin). Agus amhras aici, ar an gcéad dul síos, maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfadh údarás iomaíochta faireachán ar chomhlíonadh phróiseáil na sonraí pearsanta leis na ceanglais a leagtar síos in RGCS agus, ar an dara dul síos, maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Rialachán sin, chuir an Uaschúirt Réigiúnach Düsseldorf ceist faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú.

Sa bhreithiúnas, tugann an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) breith i leith inniúlachta údarás iomaíochta náisiúnta chun a dhearbhu go bhfuil próiseáil sonraí ar neamhréir le RGCS, agus i leith an cheangail le hinniúlachtaí na n-údarás maoirseachta um chosaint sonraí.¹²⁰ Thairis sin, sonraíonn sí nithe áirithe maidir le próiseáil a d'fhéadfadh oibreoir líonra sóisialta a dhéanamh ar shonraí pearsanta “íogaire” de chuid a n-úsáideoirí, ar an gcoinníoll go mbeidh an phróiseáil arna déanamh ag oibreoir dá leithéid dleathach agus go dtugtar toiliú go bailí, arna thabhairt do ghnóthas a bhfuil ceannasacht aige ar mhargadh náisiúnta na líonraí sóisialta ar líne, chun críocha na próiseála sin, ag a úsáideoirí.

Sa chéad áit, maidir le hinniúlacht údarás iomaíochta chun a chinneadh go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta ar neamhréir le RGCS, measann an Chúirt, faoi réir chomhlíonadh a oibleagáide maidir le comhar dílis¹²¹ leis na húdarás mhairseachta um chosaint sonraí, go bhféadfaidh údarás den sórt sin a chinneadh, i gcomhthéacs scrúdú ar mhí-úsáid a bhain gnóthas as a cheannasacht,¹²² nach bhfuil na coinníollacha ginearálta úsáide arna leagan síos ag an ngnóthas sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus a gcur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán sin, i gcás ina bhfuil gá

¹¹⁸ An 31 Iúil 2019, thug Meta Platforms coinníollacha ginearálta nua isteach ina luaitear go sainráite go dtugann an t-úsáideoir, in ionad íoc as úsáid tháirgí Facebook, toiliú le fógraí.

¹¹⁹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, Ich. 1, agus ceartúchán IO 2018 L 127, Ich. 2, 'RGCS').

¹²⁰ De réir bhrí Airteagal 51 go 59 de RGCS.

¹²¹ A chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE.

¹²² De réir bhrí Airteagal 102 CFAE.

leis an gcinneadh sin chun a shuí gurb ann do mhí-úsáid den sórt sin. Mar sin féin, i gcás ina n-aimsíonn údarás iomaíochta sárú ar RGCS i gcomhthéacs cinneadh maidir le mí-úsáid ceannasachta, ní dhéanann an t-údarás iomaíochta na húdaráis mhaoirseachta a ionadú.

Dá bhrí sin, i bhfianaise phrionsabal an chomhair dhílis, i gcás ina gceanglaítear ar údaráis iomaíochta, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí, scrúdú a dhéanamh an gcomhlíonann iompar gnóthais forálacha RGCS, ní mór dóibh dul i gcomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta lena mbaineann nó leis an bpríomhúdarás maoirseachta agus comhoibriú leo de mheon macánta. Tá sé d'oibleagáid ar na húdaráis sin go léir a gcumhachtaí agus a n-inniúlachtaí faoi seach a urramú, ionas go n-urramófar na hoibleagáidí faoi RGCS agus faoi chuspóirí an Rialacháin sin agus go gcaomhnófar a n-éifeachtacht. Tagann sé ón méid sin, i gcás ina measann údarás iomaíochta náisiúnta, i gcomhthéacs scrúdú lena bhféachtar chun a fháil amach ar bhain gnóthas mí-úsáid as a cheannasacht, gur gá fíorú an bhfuil iompar an ghnóthais sin i gcomhréir le forálacha RGCS, ní mór don údarás sin a fháil amach an bhfuil cinneadh déanta cheana féin i leith an iompair sin nó i leith iompair dá leithéid ag an údarás maoirseachta inniúil náisiúnta nó ag an bpríomhúdarás maoirseachta nó ag an gCúirt Bhreithiúnais. Más amhlaidh atá, ní fhéadfaidh an t-údarás iomaíochta náisiúnta imeacht uaidh sin, ach, ag an am céanna, tá sé saor chun teacht ar a chonclúidí féin ó thaobh chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta de.

I gcás ina bhfuil amhras air maidir le raon feidhme an mheasúnaithe a rinne an t-údarás maoirseachta inniúil náisiúnta nó an príomhúdarás maoirseachta, i gcás ina bhfuil an t-iompar atá i gceist nó iompar atá comhchosúil leis, ag an am céanna, faoi réir scrúdú ag na húdaráis sin, nó i gcás ina measann sé, in éagmais imscrúdú arna dhéanamh ag na húdaráis sin, nach bhfuil iompar gnóthais i gcomhréir le forálacha RGCS, ní mór don údarás iomaíochta náisiúnta dul i gcomhairle leis na húdaráis sin agus a gcomhar a iarraidh, chun a chuid amhras a dhíbirt nó chun a chinneadh ar cheart dó fanacht go dtí go nglacfaidh an t-údarás maoirseachta lena mbaineann cinneadh sula gcuirfidh sé tús lena mheasúnú féin. In éagmais agóid uathu nó freagra laistigh de thréimhse réasúnach ama, féadfaidh an t-údarás iomaíochta leanúint ar aghaidh le himscrúdú dá chuid féin.

Sa dara háit, maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil,¹²³ measann an Chúirt, i gcás ina dtugann úsáideoir líonra shóisialta ar líne cuairt ar shuíomhanna idirlín nó ar fheidhmchláir a bhaineann le ceann nó breis is ceann de na catagóirí sin agus, i gcás inarb iomchuí, ina gcuireann sé sonraí isteach iontu agus clárú nó ordú ar líne á dhéanamh aige, nach mór a mheas gurb é atá i gceist leis an bpróiseáil a dhéanann

¹²³ Dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de RGCS. Faoi bhforáil sin, '[t]oir measfar próiseáil a dhéanamh ar sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmeascfar próiseáil ar sonraí géiniteacha, ar sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainiúint go huathúil, ar sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar sonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha'.

oibreoir an líonra shóisialta ar líne sin ar na sonraí pearsanta ¹²⁴ ná “catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil”, de réir bhrí Airteagal 9(1) de RGCS, más rud é go bhféadfadh faisnéis a nochtadh mar chuid den phróiseáil sin, ar fáisnéis í a thagann faoi cheann de na catagóirí sin, beag beann ar cé acu an mbaineann an fhaisnéis sin le húsáideoir an líonra sin nó le haon duine nádúrtha eile. I bprionsabal, tá toirmeasc ar phróiseáil sonraí den sórt sin, faoi réir maoluithe áirithe. ¹²⁵

I ndáil leis sin, sonraíonn an Chúirt, i gcás ina dtugann úsáideoir líonra shóisialta ar líne cuairt ar shuíomhanna idirlín nó ar fheidhmchláir a bhaineann le ceann nó breis is ceann de na catagóirí speisialta sonraí sin, ní léir go gcuireann sé na sonraí a bhaineann leis an gcuairt sin, arna mbailiú ag oibreoir an líonra shóisialta ar líne sin trí fhianáin nó trí theicneolaíochtaí comhchosúla stórála, ar fáil go poiblí. ¹²⁶ Thairis sin, i gcás ina gcuireann sé sonraí isteach ina leithéid de shuíomhanna idirlín nó d’fheidhmchláir nó ina ngníomhachtaíonn sé cnaipí roghnúcháin atá comhtháite sna suíomhanna agus feidhmchláir sin, amhail na cnaipí “Is maith liom” nó “Roinn” nó cnaipí lena bhféadfadh an duine é féin a shainathint ar na suíomhanna nó feidhmchláir sin trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis logála isteach atá nasctha lena chuntas úsáideora don líonra sóisialta ar líne, lena uimhir theileafóin nó lena sheoladh ríomhphoist, ní léir go gcuireann úsáideoir dá leithéid na sonraí arna gcur isteach mar sin nó sonraí a eascraíonn as na cnaipí sin a ghníomhachtú ar fáil go poiblí ach amháin i gcás inar chuir sé a rogha in iúl go sainráite roimh ré, i gcás inarb iomchuí ar bhonn socruithe aonair arna ndéanamh go feasach, chun na sonraí a bhaineann leis a chur ar fáil go poiblí do líon neamhtheoranta daoine.

Sa tríú háit, sa mhéid a bhaineann, ar leibhéal níos ginearálta, le coinníollacha dleathachta do phróiseáil ar shonraí pearsanta, mheabhraigh an Chúirt, faoi RGCS, go measfar próiseáil sonraí pearsanta a bheith dleathach má tá, agus sa mhéid atá, toiliú tugtha ag an ábhar sonraí ina leith sin chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha. ¹²⁷ In éagmais toiliú den sórt sin, nó i gcás nár tugadh an toiliú sin ar bhealach saor, sonracha, feasach agus gan athbhrí, tá údar le próiseáil den sórt sin mar sin féin i

¹²⁴ Is éard atá sa phróiseáil sin ná sonraí a thagann ó chuairt a dhéanamh ar na suíomhanna agus na feidhmchláir sin chomh maith le sonraí arna gcur isteach ag an úsáideoir a bhailiú trí chomhéadain chomhtháite, fianáin, nó teicneolaíochtaí comhchosúla stórála, na sonraí sin ar fad a nascadh le cuntas líonra sóisialta an úsáideora agus an úsáid a bhaineann an t-oibreoir sin as na sonraí sin.

¹²⁵ Dá bhforáiltear in Airteagal 9(2) de RGCS. Luaitear an méid seo a leanas san fhoráil sin: ‘Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás go mbeidh feidhm ag ceann amháin díobh seo leanas:

a) thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le críoch sonraithe amháin nó níos mó, seachas i gcás ina bhfuil foráil déanta i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit nach bhféadfaidh an t-ábhar sonraí an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1 a chur i leataobh; [...]

e) baineann an phróiseáil le sonraí pearsanta is follas gur chuir an duine is ábhar dóibh ar fáil go poiblí;

f) is gá an phróiseáil a dhéanamh le héilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó tráth ar bith a mbíonn na cúirteanna ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach;

[...].

¹²⁶ De réir bhrí Airteagal 9(2)(e) de RGCS.

¹²⁷ Faoin gcéad fhomhír d’Airteagal 6(1)(a) de RGCS.

gcás ina gcomhlíonann sé ceann de na ceanglais maidir le riachtanas, ¹²⁸ nach mór iad a léirmhíniú go docht. Ní féidir próiseáil a dhéanann oibreoir líonra shóisialta ar líne ar shonraí pearsanta a úsáideoirí a mheas mar phróiseáil atá riachtanach chun an Conradh ar páirtí ann na húsáideoirí sin a chomhlíonadh ach amháin más rud é go bhfuil an phróiseáil sin fíor-riachtanach go hoibiachtúil chun críoch atá ina cuid dhílis den tseirbhís chonarthach atá beartaithe do na húsáideoirí sin a bhaint amach, agus sa chás sin amháin nach bhféadfaí príomhábhar an chonatha a bhaint amach in éagmais na próiseála sin.

Thairis sin, de réir na Cúirte, ní féidir a mheas go bhfuil gá le próiseáil den sórt sin chun críocha leasanna dlísteanaacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, ach amháin ar choinníoll gur chuir an t-oibreoir sin an leas dlísteanaach atá á shaothrú leis an bpróiseáil in iúl do na húsáideoirí ónar mbailíodh na sonraí, nach ndéantar an phróiseáil ach a mhéid a bheidh fíorghá leis sin chun an leas dlísteanaach sin a chomhlíonadh agus gur léir ó chothromú leasanna freasúracha, i bhfianaise na n-imthosca ábhartha uile, nach bhfuil sáraíocht ag leasanna nó saoirsí agus cearta bunúsacha na n-úsáideoirí sin ar leas dlísteanaach an rialaitheora nó tríú páirtí. Measann an Chúirt, go háirithe, in éagmais a dtoilithe, go bhfuil forlámhas ag leasanna agus cearta bunúsacha na n-úsáideoirí sin ar leas oibreoir líonra shóisialta ar líne ó thaobh an fhógraíocht lena maoinítear a ghníomhaíocht a phearsanú.

Ar deireadh, dearbhaíonn an Chúirt go bhfuil údar maith le sonraí a phróiseáil i gcás ina bhfuil sé riachtanach go hiarbhír chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh, de bhun forála de chuid dhlí an Aontais nó dhlí an Bhallstáit lena mbaineann, i gcás ina gcomhlíonann an bunús dlí sin cuspóir leas an phobail agus ina bhfuil sé comhréireach leis an gcuspóir dlísteanaach atá á shaothrú agus go ndéantar an phróiseáil laistigh de theorainneacha a bhfuil fíorghá leis.

Sa cheathrú háit agus san áit dheireanach, maidir le bailíocht thoiliú na n-úsáideoirí lena mbaineann i leith phróiseáil a gcuid sonraí faoi RGCS, measann an Chúirt nach bhfuil an fíoras go bhfuil ceannasacht ag oibreoir líonra shóisialta ar mhargadh na líonraí sóisialta ar líne ina chonstaic ann féin ar úsáideoirí an líonra shóisialta sin a bheith in ann toiliú bailí a thabhairt le próiseáil a sonraí pearsanta arna déanamh ag an oibreoir sin. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh seasamh den sórt sin difear a dhéanamh do shaoirse rogha na n-úsáideoirí sin agus éagothroime fhollasach a chruthú idir na húsáideoirí agus an t-oibreoir sin, is toisc thábhachtach é chun a chinneadh ar tugadh toiliú go bailí agus, go háirithe, faoi shaoirse, ar faoin oibreoir sin atá sé a chruthú. ¹²⁹

¹²⁸ Dá dtagraítear i bpointí (b) go (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) RGCS. Faoi na forálacha sin, ní bheidh próiseáil dleathach ach amháin más ea, agus a mhéid is ea, *inter alia*, go bhfuil gá léi chun Conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí (pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den RGCS), chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a bhfuil an rialaitheoir agus an t-ábhar faoina réir (pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den RGCS) nó chun críocha na leasanna dlísteanaacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí (pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den RGCS).

¹²⁹ De bhun Airteagal 7(1) de RGCS.

Go háirithe, ní mór an tsaoirse a bheith ag úsáideoirí an líonra shóisialta sin diúltú ina n-aonar, i gcomhthéacs an phróisis chonarthaigh, a dtoilíú a thabhairt d'oibríochtaí sonracha próiseála sonraí nach bhfuil gá leo chun an Conradh a chomhlíonadh, gan é a bheith de cheangal orthu, áfach, diúltú go hiomlán d'úsáid an líonra shóisialta ar líne, rud a chiallaíonn go dtairgtear do na húsáideoirí sin, más gá ar íocaíocht iomchuí, rogha mhalartach choibhéiseach nach mbeidh oibríochtaí próiseála sonraí den sórt sin ag gabháil leis. Ina theannta sin, ní mór toiliú ar leith a thabhairt chun sonraí off Facebook a phróiseáil.

4. Táirgí íocshláinte agus feistí leighis a dhíol ar líne

Breithiúnas an 11 Nollaig 2003 (an Mór-Dhlísheomra), Deutscher Apothekerverband (C-322/01, [EU:C:2003:664](#))

Bhain an cás sna príomhimeachtaí le díospóid idir Deutscher Apothekerverband eV, comhlachas a dhéanann leasanna eacnamaíocha agus sóisialta poitigéirí a chosaint, agus 0800 DocMorris NV, cógaslann Ísiltíreach atá bunaithe san Ísiltír. Poitigéir agus duine d'ionadaithe dlíthiúla DocMorris ab ea Jacques Waterval. Ó mhí an Mheithimh 2000 i leith, bhí táirgí íocshláinte á ndíol ag DocMorris agus Jacques Waterval ar sheoladh idirlín www.0800DocMorris.com. Leigheasanna a údaraíodh sa Ghearmáin nó san Ísiltír ab ea iad. Ní dhearnadh an cineál sin táirge íocshláinte a sholáthar ach nuair a cuireadh an t-oidéas leighis bunaidh i láthair. Rinne Apothekerverband agóid, os comhair Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main, an Ghearmáin), i gcoinne táirgí íocshláinte a ofráil ar an idirlíon agus iad a sholáthar trí mhalartú poist idirnáisiúnta. Dar leis, faoi na forálacha de dhlí na Gearmáine a bhaineann le táirgí íocshláinte, ní raibh cead gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh. D'fhiafraigh an chúirt náisiúnta den Chúirt Bhreithiúnais an sáraítear prionsabal na saorghluaiseachta earraí le toirmisc den sórt sin. Ina dhiaidh sin, má thiomhdítear gur sáraíodh Airteagal 28 CE, theastaigh ón gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach an raibh an reachtaíocht Ghearmánach a bhí i gceist sna príomhimeachtaí riachtanach chun sláinte agus beatha daoine a chosaint go héifeachtach, de réir bhrí Airteagal 30 CE.

Chinn an Chúirt gur beart é an toirmeasc náisiúnta a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige de réir bhrí Airteagal 28 CE. Bíonn tionchar níos mó aige ar shiopaí poitigéara atá bunaithe lasmuigh den chríoch náisiúnta agus d'fhéadfadh sé a bheith ina bhac breise ar rochtain ar an margadh do tháirgí ó Bhallstáit eile seachas táirgí intíre.

D'fhéadfaí go mbeadh údar le toirmeasc náisiúnta den sórt sin faoi Airteagal 30 CE, a mhéid a bhaineann sé le táirgí íocshláinte ar oideas. I bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le húsáid na dtáirgí íocshláinte sin, ní mór barántúlacht na n-oidéas arna ndrúchtadh ag na dochtúirí a fhíorú go héifeachtach agus go freagrach agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go soláthrófar an táirge íocshláinte don chustaiméir féin nó do

dhuine ar chuir an custaiméir sin de chúram air na táirgí a bhailiú. Os a choinne sin, ní féidir brath ar Airteagal 30 CE chun údar a thabhairt le toirmeasc iomlán ar tháirgí íocshláinte a dhíol tríd an bpost.

Ina theannta sin, cuirtear cosc le hAirteagal 88(1) de Threoir 2001/83/CE,¹³⁰ ar thoirmeasc náisiúnta ar fhógraíocht a dhéanamh ar phostdíol táirgí íocshláinte nach bhfuil le soláthar ach do phoitigéir sa Bhallstát lena mbaineann, a mhéid a chumhdaítear táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas leis an toirmeasc sin.

Ní féidir Airteagal 88(2) de Threoir 2001/83/CE, lena n-údaráítear fógraíocht a dhéanamh don phobal i gcoitinne ar tháirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhógraíocht ar phostdíol táirgí íocshláinte ar bhonn an ghá líomhnaithe go mbeadh poitigéir i láthair go fisiciúil.

Breithiúnas an 2 Nollaig 2010, Ker-Optika (C-108/09, [EU:C:2010:725](#))

Faoi reachtaíocht na hUngáire, ní raibh cead lionsaí tadhaill a dhíol ach i siopa speisialaithe de 18 m² ar a laghad nó i seomra ar leithligh a bhí scartha amach ón gceardlann. Ina theannta sin, chun na hearraí sin a dhíol, b'éigean úsáid a bhaint as seirbhísí optaiméadraithe nó oftailmeolaithe a bhí cáilithe ó thaobh lionsaí tadhaill de. Bhí lionsaí tadhaill á ndíol ag cuideachta Ungárach Ker-Optika trína shuíomh gréasáin, áfach. Chuir údaráis sláinte na hUngáire cosc air leanúint ar aghaidh leis an ngníomhaíocht sin. Rinne Ker-Optika agóid os comhair na cúirte i gcoinne an chinnidh toirmisc sin. D'fhiafraigh Baranya megyei bíróság (Cúirt Roinne Baranya, an Ungáir), ar tugadh an díospóid os a comhair, den Chúirt Bhreithiúnais an raibh bac ar reachtaíocht na hUngáire faoi dhlí an Aontais.

D'fhreagair an Chúirt go dtagann rialacha náisiúnta maidir le lionsaí tadhaill a dhíol faoi raon feidhme Threoir 2000/31/CE¹³¹ a mhéid a bhaineann siad le tairiscint ar líne agus le Conradh a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach. Os a choinne sin, ní thagann rialacha náisiúnta maidir le lionsaí den sórt sin a sheachadadh faoi raon feidhme na Treorach sin. Ní mór Airteagail 34 CFAE agus 36 CFAE agus Treoir 2000/31/CE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaíonn lionsaí tadhaill a dhíol ach amháin i siopaí atá speisialaithe i bhfeistí leighis.

Is ionann an reachtaíocht agus beart a bhfuil éifeacht aige atá coibhéiseach le srian cainníochtúil a thoirmisctear le hAirteagal 34 CFAE, ós rud é go mbaineann an toirmeasc le lionsaí tadhaill a dhíol tríd an bpost agus a sheachadadh chuig baile tomhaltóirí atá ina gcónaí sa chríoch náisiúnta agus go mbaintear modh an-éifeachtach chun na hearraí

¹³⁰ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO 2001 L 311, lch. 67).

¹³¹ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO 2000 L 178, lch. 1).

sin a dhíol d'oibreoirí ó Bhallstáit eile, agus bac suntasach á chur ar rochtain na n-oibreoirí sin ar mhargadh an Bhallstáit lena mbaineann.

Chuaigh an reachtas náisiúnta lasmuigh de theorainneacha a lánrogha agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le leibhéal na cosanta ar mhaith leis é a áirithiú don tsláinte phoiblí, agus ní mór a mheas go dtéann an reachtaíocht sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir arna shaothrú a bhaint amach. D'fhéadfaí an cuspóir sin a bhaint amach trí bhearta nach bhfuil chomh sriantach céanna, is é sin le rá gan srian a chur ach ar an gcéad seachadadh lionsaí agus ceangal a chur ar oibreoirí eacnamaíocha leasmhara radharceolaí cáilithe a chur ar fáil don chustaiméir. Ar na cúiseanna céanna, ní féidir a mheas go bhfuil an reachtaíocht sin comhréireach leis an gcuspóir maidir leis an tsláinte phoiblí a chosaint, de réir bhrí Airteagal 3(4) de Threoir 2000/31/CE.

Breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2016, Deutsche Parkinson Vereinigung (C-148/15, [EU:C:2016:776](#))

Chomhaontaigh Deutsche Parkinson Vereinigung, eagraíocht Ghearmánach um chúnaimh frithpháirteach a bhí ag iarraidh feabhas a chur ar dhálaí maireachtála na n-othar a raibh galar Parkinson orthu, le cógaslann chomhfhreagrais Ísiltíreach DocMorris maidir le córas bónais a bhunú. Bhí a chomhaltaí in ann úsáid a bhaint as an gcóras bónais nuair a cheannaigh siad cógais ar oideas le haghaidh ghalar Parkinson nach bhféadfaí a sholáthar ach i gcógaslann. Mheas comhlachas Gearmánach chun iomaíocht éagórach a chomhrac gur sáraíodh reachtaíocht na Gearmáine leis an gcóras bónais sin, lena foráladh do phraghsanna miondíola aonfhoirmeacha ag cógaslanna le haghaidh táirgí íocshláinte ar oideas.

D'fhiafraigh Oberlandesgericht Düsseldorf (Uaschúirt Réigiúnach Düsseldorf, an Ghearmáin) den Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil sé comhoiriúnach le saorghluaiseacht earraí praghsanna aonfhoirmeach a shocrú mar sin.

Chinn an Chúirt nach mór Airteagal 34 CFAE a léiriú sa chaoi gurb ionann an reachtaíocht náisiúnta agus beart a bhfuil éifeacht aige atá coibhéiseach le srian cainníochtúil ar allmhairí. Is mó an tionchar atá ag an reachtaíocht sin ar tháirgí íocshláinte ar oideas a dhíol ag cógaslanna atá bunaithe i mBallstáit nó an tionchar atá aige ar na táirgí íocshláinte sin a dhíol ag cógaslanna atá bunaithe laistigh den chríoch náisiúnta.

Is fearr cógaslanna traidisiúnta ná cógaslanna postdíola chun comhairle aonair a sholáthar d'othair agus soláthar cógas leighis a áirithiú i gcás éigeandála. Ní mór a mheas go bhféadfadh iomaíocht praghsanna a bheith níos tábhachtaí mar pharaiméadar iomaíochta do cógaslanna postdíola ná do cógaslanna traidisiúnta.

Ní mór Airteagal 36 CFAE a léiriú sa chaoi nach féidir údar a thabhairt le reachtaíocht náisiúnta ar an bhforas go bhfuil gá léi chun sláinte agus beatha daoine a chosaint a mhéid nach bhfuil an reachtaíocht sin iomchuí chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint

amach. Tagann an cuspóir maidir le soláthar sábháilte ardcháilíochta táirgí íocshláinte a áirithiú ar fud na críche náisiúnta faoi raon feidhme Airteagal 36 CFAE. Ní féidir údar cuí a thabhairt le reachtaíocht den sórt sin ach má tá sí iomchuí chun an cuspóir dlisteanach atá á shaothrú a bhaint amach agus mura dtéann sí thar a bhfuil riachtanach chun í a bhaint amach.

I ndáil leis sin, rachadh iomaíocht mhéadaithe i bpraghsanna idir cógaslanna chun tairbhe do sholáthar aonfhoirmeach táirgí íocshláinte gan aon tionchar diúltach aici ar ghníomhaíochtaí áirithe ar mhaithe le leas an phobail a bheith á ndéanamh ag cógaslanna traidisiúnta, amhail táirgí íocshláinte a mhonarú ar oideas nó stoc áirithe agus táirgí íocshláinte a choinneáil ar bun. Ar deireadh, d'fhéadfaí go mbeadh iomaíocht i bpraghsanna ag dul chun tairbhe an othair, a mhéid a d'fhéadfaí táirgí íocshláinte ar oideas a thairiscint ar phraghsanna níos fabhraí.

Breithiúnas an 29 Feabhra 2024, Doctipharma (C-606/21, [EU:C:2024:179](#))

Agus tarchur chun réamhrialú á éisteacht aici ó cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras, an Fhrainc), thug an Chúirt soiléiriú i ndáil leis an gcoincheap 'seirbhís na socháí faisnéise' agus thug sí treoracha léirithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht idir dlí an Aontais agus toirmeasc Ballstáit ar sheirbhís a sholáthraítear trí shuíomh gréasáin agus arb é atá inti cógaiseoirí agus custaiméirí a nascadh, maidir le táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas a dhíol ar líne ('an tseirbhís arna soláthar').

Bhí suíomh gréasáin www.doctipharma.fr bunaithe ag Doctipharma, áit ina raibh úsáideoirí idirlín in ann táirgí cógaisíochta agus íocshláinte nach raibh ar oideas a cheannach ó shuíomhanna cógaslainne foirmiúla.

Ar an suíomh gréasáin sin, chláraigh cógaiseoirí leis an ardán díolacháin ar líne trí shíntiús míosúil a íoc le Doctipharma, agus bhí ar chustaiméirí cuntas custaiméara a chruthú chun rochtain a fháil ar shuíomhanna na gcógaiseoirí dá rogha féin.

Agus é den tuairim go raibh Doctipharma ag glacadh páirt i ríomhthráchtáil táirgí íocshláinte tríd an gcleachtas sin, thug an Union des Groupements de pharmaciens d'officine (UDGPO) caingean i gcoinne Doctipharma os comhair an tribunal de commerce de Nanterre (Cúirt Tráchtála Nanterre, an Fhrainc), a chinn go raibh an suíomh gréasáin neamhdhleathach agus a d'ordaigh do Doctipharma deireadh a chur lena chuid gníomhaíochtaí. Chuir an Cour de cassation (an Chúirt Achomhairc, an Fhrainc) ar neamhní an breithiúnas ón cour d'appel de Versailles (an Chúirt Achomhairc, Versailles, an Fhrainc) lenar cuireadh an breithiúnas ag an gcéad chéim ar ceal. Bhí sí den tuairim, trí chógaiseoirí urghnaimh agus othair ionchasacha a nascadh lena chéile, go raibh Doctipharma ag gníomhú mar idirghabhálaí i dtáirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas a dhíol agus gur rannchuidigh sé le ríomhthráchtáil táirgí íocshláinte, gan bheith cáilithe mar chógaiseoir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta, áfach. Rinne

sí an cás a tharchur ar ais chuig an cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras, an Fhrainc), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo í.

Ós rud é go raibh cuir chuige éagsúla glactha ag cúirteanna na Fraince, chinn an chúirt a rinne an tarchur ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú. Chuir sí ceisteanna ar an gCúirt maidir le léiriú ar Threoir 98/34,¹³² d'fhonn a chinneadh ar tháinig an tseirbhís a bhí á soláthar faoin gcoincheap 'seirbhís na sochaí faisnéise', agus maidir le léiriú ar Airteagal 85c de Threoir 2001/83,¹³³ d'fhonn a fháil amach an bhféadfaidh na Ballstáit, ar bhonn na forála sin, toirmeasc a chur ar sholáthar na seirbhíse atá i gceist.

Sa chéad áit, maidir leis na coinníollacha atá le comhlíonadh chun seirbhís a aicmiú mar sheirbhís a thagann faoin gcoincheap 'seirbhís na sochaí faisnéise' chun críocha Threoracha 98/34 agus 2015/1535,¹³⁴ mheas an Chúirt, ar an gcéad dul síos, nach mbaineann sé le hábhar, ar thaobh amháin, go ndearna cógaiseoirí a chláraigh táillí a íoc le Doctipharma ar ráta comhréidh nó nach ndearna agus, ar an taobh eile, go raibh síntiúis mhíosúil ag gabháil le seirbhís an ardáin sin, arna íoc ag cógaiseoirí, agus aisghéilleadh ar chuid de mhéid na ndíolachán, arna bhailiú ag an ardán, ós rud é dá gcruthófaí na himthosca sin nár mhór a mheas go mbeadh an coinníoll maidir le soláthar ar luach saothair comhlíonta ag an tseirbhís atá i gceist. Ina dhiaidh sin, leanann aicmiú na seirbhíse atá i gceist mar 'sheirbhís na sochaí faisnéise' as an bhfíoras gur trí shuíomh gréasáin nach n-éilíonn go mbeadh soláthraí na seirbhíse agus an custaiméir ná an cógaiseoir i láthair ag an am céanna, agus go soláthraítear an tseirbhís ar éileamh aonair ó chógaiseoirí agus ó chustaiméirí.

Tháinig an Chúirt ar an gconclúid go dtagann seirbhís arna soláthar ar shuíomh gréasáin, lena ndéantar cógaiseoirí agus custaiméirí a nascadh chun táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas a dhíol trí shuíomhanna gréasáin na gcógaslann a ghlac páirt sa tseirbhís sin, faoin gcoincheap 'seirbhís na sochaí faisnéise'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Sa dara háit, maidir leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit toirmeasc a chur ar sheirbhís idirghabhála den sórt sin faoi Airteagal 85c de Threoir 2001/83, mheabhraigh an Chúirt nach bhfuil dlínse ach ag na Ballstáit chun a chinneadh cé na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá údaraithe nó i dteideal táirgí íocshláinte a sholáthar go cianda trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise.

¹³² Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le Seirbhísí na Sochaí Faisnéise, IO 1998 L 204, Ich. 37), arna leasú le Treoir 98/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 1998 (IO 1998 L 217, Ich. 18) (Treoir 98/34).

¹³³ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO 2001 L 311, Ich. 67), arna leasú le Treoir 2011/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 (IO 2011 L 174, Ich. 74).

¹³⁴ Is ionann an fhoclaíocht in Airteagal 1(2) de Threoir 98/34 agus in Airteagal 1(1)(b) de Threoir 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, Ich. 1). Sna hAirteagail sin déantar an coincheap 'seirbhís na sochaí faisnéise' a shainmhíniú trí thagairt a dhéanamh do cheithre choinníoll: 'aon seirbhís a sholáthraítear de ghnáth i gcomhair luach saothair, go cianda, trí mheán leictreonach agus ar iarraidh aonair ó fhaighteoir seirbhísí'.

Mheas sí go gceanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur, le hAirteagal 85c(1)(a) de Threoir 2001/83, a fhíorú an gá a mheas nach ndéanann soláthraí na seirbhíse atá i gceist ach díoltóirí a nascadh le custaiméirí trí sheirbhís ar leithligh a bhaineann go sonrach leis an díol, nó an gá a mheas go ndéanann an soláthraí sin féin an díol.

I ndáil leis sin, sa chás seo, dá mba rud é, tar éis na hanailíse sin, nár mhór a mheas gurbh é Doctipharma soláthraí an díola féin, ní fhágfadh Airteagal 85c(1)(a) nach bhféadfadh an Ballstát ina bhfuil an tseirbhís bunaithe cosc a chur ar an tseirbhís sin. Féadfaidh Ballstát srianta a chur ar chiandíol táirgí íocshláinte nach bhfuil ar oideas leis an bpobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise sa chaoi nach bhféadfadh ach daoine is cógaiseoirí é a dhéanamh.

Os a choinne sin, dá gcinnfí go raibh seirbhís dá chuid féin ar leithligh ón díolachán á soláthar ag Doctipharma, ní fhéadfaí an tseirbhís arna soláthar a thoirmeasc ar bhonn Airteagal 85c(2) de Threoir 2001/83 agus ní thiocfadh sí faoin gcoincheap 'na coinníollacha maidir le soláthar miondíola' na dtáirgí íocshláinte arna n-ofráil lena gciandíol leis an bpobal. Níor mhór an tseirbhís a sholáthraítear a aicmiú mar 'sheirbhís na sochaí faisnéise'. Foráiltear go sainráite in Airteagal 85c(1), áfach, gan dochar do reachtaíocht náisiúnta lena dtoirmiscear táirgí íocshláinte ar oideas a thairiscint don phobal lena gciandíol, go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear táirgí íocshláinte ar ciandíol leis an bpobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise. Dá bhrí sin, bheadh sé neamhréireach dá measfaí go bhféadfadh na Ballstáit úsáid seirbhíse den sórt sin a thoirmeasc.

5. Cluichí seansúlachta

Breithiúnas an 6 Samhain 2003 (an Mór-Dhlísheomra), Gambelli (C-243/01, [EU:C:2003:597](#))

Rinne Piergiorgio Gambelli agus 137 nduine eile ionaid tarchuir sonraí a bhainistiú san Iodáil inar bailíodh geallta spóirt sa tír sin thar ceann geallghlacadóir Sasanach lena raibh siad nasctha tríd an idirlíon. Bhí an geallghlacadóir, Stanley International Betting Ltd, ag dul ar aghaidh lena chuid gníomhaíochtaí ar bhonn ceadúnais arna dheonú ag cathair Learphoill faoi dhlí Shasana. San Iodáil, bhí an ghníomhaíocht sin forchoimeáda don Stát nó dá ceadúnaithe. D'fhéadfadh suas le bliain príosúnachta a ghearradh mar phionós coiriúil mar thoradh ar aon sárú ar an riail sin. Tionscnaíodh imeachtaí coiriúla i gcoinne Piergiorgio Gambelli. D'áitigh sé go raibh na forálacha de dhlí na hIodáile contrártha do phrionsabail an Chomhphobail maidir le saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar. D'iarr Tribunale di Ascoli Piceno (an Chúirt Dúiche, Ascoli Piceno, an Iodáil), ar tugadh an cás sin os a comhair, ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar fhorálacha Chonradh CE sa réimse sin.

Chinn an Chúirt gurb ionann reachtaíocht náisiúnta den sórt sin agus srian ar an tsaoirse bunaíochta agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar dá bhforáiltear in Airteagail 43 CE agus 49 CE faoi seach. Chun go mbeadh údar leis, ní mór go mbeadh sé bunaithe ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail, ní mór go mbeadh sé iomchuí chun a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir atá á shaothrú, gan dul thar an méid atá riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach agus ní mór go mbeadh sé curtha i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

I ndáil leis sin, is faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé a fhíorú, le reachtaíocht mar sin, i bhfianaise na rialacha mionsonraithe maidir lena cur i bhfeidhm, an saothraítear na cuspóirí a d'fhéadfadh údar a thabhairt léi go hiarbhrí agus an cosúil go bhfuil na srianta a fhorchuirtear léi díréireach i bhfianaise na gcuspóirí sin.

Chinn an Chúirt freisin, a mhéid a dhéanann údarais Bhallstáit tomhaltóirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcrannchuir, i gcearrbhachas nó i gcluichí seansúlachta ionas go bhféadfaí sochair airgeadais a bhaint astu don chiste poiblí, nach féidir le húdarais an Stáit sin brath ar imní i dtaobh an oird phoiblí a bhaineann leis an ngá le deiseanna cearrbhachais a laghdú chun údar a thabhairt le bearta amhail na cinn atá i gceist sna príomhimeachtaí.

Breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2009 (an Mór-Dhlísheomra), Liga Portuguesa agus Bwin International (C-42/07, [EU:C:2009:519](#))

Thairg Bwin, cuideachta cearrbhachais ar líne a bhfuil a hoifig chláraithe aici i nGiobráltar (an Ríocht Aontaithe) agus nach bhfuil aon bhunaíocht aici sa Phortaingéil, cluichí seansúlachta ar shuíomh gréasáin. Bhí a freastalaithe lonnaithe i nGiobráltar agus san Ostair. D'athraigh La Liga, duine dlítheanach arna rialú ag an dlí príobháideach a bhí comhdhéanta de na clubanna go léir a bhí i mbun comórtais sacair ar an leibhéal gairmiúil sa Phortaingéil, a ainm go Bwin Liga, toisc go raibh Bwin tagtha chun bheith ina príomhurraitheoir institiúideach ar an gcéad rannán sacair sa Phortaingéil. Bhí tagairtí agus nasc do shuíomh gréasáin La Liga ar shuíomh gréasáin Bwin.

Ina dhiaidh sin, ghlac stiúrthóireacht Roinn na gCluichí in Santa Casa cinntí lena gearradh fíneálacha ar La Liga agus Bwin as cluichí sóisialta a fhorbairt, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, mar gheall ar fhógraíocht do na cluichí sin. Thug La Liga agus Bwin caingne os comhair Tribunal de Pequena Instância Criminal do Porto (Cúirt Choiriúil Porto, an Phortaingéil) chun go gcuirfí na cinntí sin ar neamhní, agus iad ag brath, *inter alia*, ar Airteagail 43 CE, 49 CE agus 56 CE.

Chinn an Chúirt, i gcás ina mbaineann beart náisiúnta go comhuaineach le roinnt saoirsí bunúsacha, go ndéanfaidh an Chúirt, i bprionsabal, é a scrúdú i bhfianaise ceann amháin de na saoirsí sin má dhealraíonn sé, in imthosca an cháis, go bhfuil na cinn eile go hiomlán tánaisteach i ndáil leis an gcéad cheann agus gur féidir iad a mheas in éineacht léi.

Ina dhiaidh sin, mheas sí go n-eascaíonn srian ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a ráthaítear le hAirteagal 49 CE as reachtaíocht den sórt sin, trí shrian a fhorchur freisin ar shaoirse chónaitheoirí an Bhallstáit lena mbaineann tairbhe a bhaint, tríd an idirlíon, as seirbhísí arna n-ofráil i mBallstáit eile. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil údar leis an srian atá i gceist mar gheall ar an gcuspoir calaois agus coireacht a chomhrac.

Níl comhchuibhiú Comhphobail déanta ar earnáil na gcluichí seansúlachta arna n-ofráil ar an idirlíon. Dá bhrí sin, tá Ballstát i dteideal a dhearbhu nach féidir a mheas gur ráthaíocht leordhóthanach do chosaint tomhaltóirí náisiúnta é an fíoras go dtairgeann oibreoir príobháideach seirbhísí go dleathach ar an idirlíon i mBallstát eile, ina bhfuil sé bunaithe. Ina theannta sin, mar gheall ar easpa na teagmhála díri idir an tomhaltóir agus an t-oibreoir, tá rioscaí éagsúla ag gabháil le cluichí seansúlachta atá ar fáil ar an idirlíon maidir le calaois a d'fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh oibreoir a thugann urraíocht ar chuid de na comórtais spóirt ar a nglacann sé gealltóireacht a bheith i staid a chuirfeadh ar a chumas tionchar a imirt ar thoradh na gcomórtais sin agus, ar an gcaoi sin, a bhrabúis a mhéadú. Ní chuirtear cosc le hAirteagal 49 CE ar reachtaíocht Ballstáit lena gcuirtear toirmeasc ar oibreoirí príobháideacha atá bunaithe i mBallstáit eile ina soláthraíonn siad seirbhísí comhchosúla go dleathach, cluichí seansúlachta a thairiscint ar an idirlíon ar chríoch an Bhallstáit sin.

Breithiúnas an 22 Meitheamh 2017, Unibet International (C-49/16, [EU:C:2017:491](#))

Bhí cluichí seansúlachta ar líne á n-eagrú ag cuideachta Mháltach Unibet International. In 2014, bhí seirbhísí cearrbhachais á gcur ar fáil ar shuíomhanna gréasáin san Ungáiris ag Unibet, a bhí ina shealbhóir ar cheadúnais arna n-eisiúint ag roinnt Ballstát, cé nach raibh an t-údarú is gá chuige sin aige san Ungáir. D'ordaigh údaráis na hUngáire, ar thaobh amháin, an rochtain ar shuíomhanna gréasáin Unibet ón Ungáir a dhíchumasú go sealadach agus, ar an taobh eile, ghearr siad fíneáil ar Unibet. D'fhéadfaí údarú a thabhairt d'oibreoirí atá bunaithe i mBallstáit eile, go teoiriciúil, lena gceadófaí cluichí seansúlachta a eagrú ar líne a mhéid nár forchoimeádh soláthar na seirbhísí sin do mhonaplacht Stáit. Ní raibh siad in ann údarú den sórt sin a fháil sa chleachtas, áfach. Sa chomhthéacs sin, d'fhiafraigh an Fővárosi Közigazgatási és Munkaügyi Bíróság (an Chúirt Riaracháin agus Saothair, Búdaipeist, an Ungáir) den Chúirt Bhreithiúnais an raibh reachtaíocht na hUngáire a bhí i gceist ag teacht le prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Chinn an Chúirt nach mór Airteagal 56 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar isteach scéim lamháltas chun cluichí seansúlachta a eagrú ar líne, i gcás go bhfuil rialacha ann lena ndéantar idirdhealú in aghaidh oibreoirí atá bunaithe i mBallstáit eile nó i gcás go leagtar síos léi rialacha nach bhfuil idirdhealaitheach, ach a chuirtear i bhfeidhm ar bhealach neamh-thrédhearcach sa chaoi go gcuirtear cosc ar thairgeoirí atá bunaithe i mBallstáit eile iarratas a dhéanamh nó go bhfuil sé níos deacra dóibh.

Le riail faoinar gá go mbeadh gníomhaíocht um eagrúcháin cearrbhachais á déanamh ag oibreoirí iontaofa ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad ar chríoch an Bhallstáit sin, cuirtear oibreoirí atá bunaithe i mBallstáit eile faoi mhíbhuntáiste. Ní fhéadfaí údar a thabhairt le difríocht den sórt sin sa chóir díreach trína bheith ag brath ar chuspóir an leasa ghinearálta amháin.

Ní chruthaítear buntáiste d'oibreoirí atá bunaithe sa Bhallstát óstach leis an oibleagáid náisiúnta gníomhaíocht um eagrúcháin cearrbhachais a dhéanamh ar feadh 3 bliana i mBallstát agus d'fhéadfadh údar cuí a bheith leis mar gheall ar chuspóir an leasa ghinearálta. Tá sé tábhachtach, áfach, go gcuirfí na rialacha atá i gceist i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach i leith na dtairgeoirí uile. Ní chomhlíontar an ceanglas sin i gcás reachtaíocht náisiúnta nach sainítear inti ar bhealach sách beacht na coinníollacha maidir le feidhmiú chumhachtaí an Aire Gnóthaí Eacnamaíochas arna leagan síos aige le linn nós imeachta den sórt sin, ná na coinníollacha teicniúla atá le comhlíonadh ag oibreoirí cearrbhachais agus a dtairiscint á cur isteach acu.

Ní mór Airteagal 56 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar phionóis arna bhforchur mar gheall ar shárú ar an reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar isteach córas lamháltas agus ceadúnas chun cluichí seansúlachta a eagrú, i gcás go gcruthaítear go bhfuil reachtaíocht náisiúnta den sórt sin contrártha leis an Airteagal sin.

6. Geilleagar comhroinnte

Breithiúnas an 20 Nollaig 2017 (an Mór-Dhlísheomra), Asociación Profesional Élite Taxi (C-434/15, [EU:C:2017:981](#))

Bhí seirbhís íoctha nascála do thiománaithe neamhghairmiúla a raibh a bhfeithicil féin in úsáid acu á soláthar ag ardán leictreonach Uber trí mheán aipe. In 2014, thug comhlachas gairmiúil tiománaithe tacsáí i gcathair Barcelona (an Spáinn) caingean os comhair Juzgado de lo Mercantil n° 3 de Barcelona (Cúirt Tráchtála Uimh. 3, Barcelona, an Spáinn). D'áitigh sé go raibh cleachtais mhíthreoracha agus gníomhartha iomaíochta éagóracha i gceist le gníomhaíochtaí Uber. Mheas an Chúirt Tráchtála nár mhór a fhíorú ar theastaigh údarú riaracháin roimh ré ó Uber. Dá dtiocfadh an tseirbhís faoin Treoir um Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach ¹³⁵ nó faoi Threoir 98/34/CE, ¹³⁶ ní fhéadfaí a mheas go raibh cleachtais Uber éagórach.

¹³⁵ Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36).

¹³⁶ Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le Seirbhísí na Sochaí Faisnéise, IO 1998 L 204, lch. 37).

Chinn an Chúirt gur bhain ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur le haicmiú dlíthiúil na seirbhíse a bhí i gceist agus, dá bhrí sin, go bhfuil dlínse aici na ceisteanna sin a éisteacht.

Dá bhrí sin, d'fhéadfaí seirbhís den sórt sin a aicmiú mar 'sheirbhís na sochaí faisnéise' de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 98/34/CE, dá dtagraítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2000/31/CE. Is éard atá sa tseirbhís sin 'seirbhís a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, go cianda trí mheán leictreonach agus ar iarraidh aonair ó fhaighteoir seirbhísí'. [Aistriúchán neamhoifigiúil].

Ní hea nach bhfuil i seirbhís den sórt sin ach seirbhís idirghabhála arb é atá inti tiománaí neamhghairmiúil a bhaineann úsáid as a fheithicil féin a nascadh trí aip le haghaidh fóin chliste le duine ar mhaith leis taisteal uirbeach a dhéanamh. I gcás amhail an cás dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, déanann an soláthraí seirbhísí um iompar uirbeach a thairiscint ag an am céanna, arna gcur ar fáil aige tríd an aip agus a bhfeidhmiú ginearálta á eagrú aige.

Murach an aip ní thiocthadh tiománaithe chun seirbhísí iompair a sholáthar agus ní bhainfeadh na paisinéirí úsáid as seirbhísí na dtiománaithe sin. Ina theannta sin, feidhmíonn Uber tionchar cinntitheach ar choinníollacha sholáthar na dtiománaithe sin agus bunaíonn sé, tríd an aip eapainmneach, praghas uasta an turais ar a laghad, bailíonn sé an praghas sin ón gcustaiméir sula n-íocann sé cuid de le tiománaí neamhghairmiúil na feithicle. Ina theannta sin, déanann sé rialú áirithe ar cháilíocht na bhfeithicilí agus a dtiománaithe agus ar a n-iompar, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis lena n-eisiáimh, i gcás inarb iomchuí. Dá bhrí sin, ní mór an tseirbhís idirghabhála sin a mheas mar 'sheirbhís i réimse an iompair' de réir bhrí Airteagal 2(2)(d) de Threoir 2006/123/CE sa chaoi go n-eisiatar í ó raon feidhme na Treorach sin.

Breithiúnas an 10 Aibreán 2018 (an Mór-Dhlísheomra), Uber France (C-320/16, [EU:C:2018:221](#))

Ionchúisíodh cuideachta Fhrancach Uber France, a d'oibrigh seirbhís ar a dtugtar UberPop trína ndearna sí tiománaithe neamhghairmiúla a úsáideann a bhfeithicil féin a nascadh le daoine ar mian leo taisteal uirbeach a dhéanamh trí aip d'fhóin chliste, as an tseirbhís sin a eagrú. D'áitigh sé go raibh reachtaíocht na Fraince ar ar a bonn a ionchúisíodh í mar riail theicniúil a bhain le seirbhís na sochaí faisnéise de réir bhrí na Treorach maidir le caighdeán theicniúla agus rialacháin theicniúla.¹³⁷ Leis an Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith dréacht dlí nó dréacht rialacháin ar bith lena leagtar síos rialacha teicniúla maidir le táirgí agus seirbhísí na sochaí faisnéise. Sa chás seo, níor thug údarás na Fraince fógra don Choimisiún faoin reachtaíocht choiriúil ábhartha sular fógraíodh í. Agus an cás á éisteacht aici, d'fhiafraigh

¹³⁷ Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le Seirbhísí na Sochaí Faisnéise, IO 1998 L 204, lch. 37).

an Tribunal de grande instance de Lille (an Chúirt Réigiúnach, Lille, an Fhrainc) den Chúirt Bhreithiúnais an raibh sé d'oibleagáid ar údaráis na Fraince fógra a thabhairt don Choimisiún roimh ré faoin dréachtdlí.

Chinn an Chúirt nach mór Airteagal 1 de Threoir 98/34/CE, arna leasú le Treoir 98/48/CE, agus Airteagal 2(2)(d) de Threoir 2006/123/CE a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go mbaineann reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear pionós coiriúil as córas den sórt sin a eagrú le 'seirbhís i réimse an iompair', a mhéid a bhaineann sí le seirbhís idirghabhála a sholáthraítear trí aip le haghaidh fón cliste atá mar chuid dhílis de sheirbhís fhoriomlán arb í an tseirbhís iompair a phríomhghné di. Eisiatar seirbhís den sórt sin ó raon feidhme na dTreoracha sin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Mheabhraigh an Chúirt gur chinn sí in *Asociación Profesional Élite Taxi*, C- 434/15 (féach thuas), gur tháinig seirbhís UberPop faoi réimse an iompair agus nach seirbhís na tsochaí faisnéise í de réir bhrí Threoir 98/34. Dar leis an gCúirt, tá seirbhís UberPop arna hofráil sa Fhrainc comhionann go bunúsach leis an tseirbhís arna hofráil sa Spáinn. Dá bhrí sin, ní raibh sé de cheangal ar údaráis na Fraince fógra a thabhairt don Choimisiún roimh ré faoin dréacht-dlí coiriúil a bhí i gceist.

Breithiúnas an 19 Nollaig 2019 (an Mór-Dhlísheomra), Airbnb Ireland (C-390/18, [EU:C:2019:1112](#))

Lena breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *Airbnb Ireland* (C-390/18), chinn Mór-Dhlísheomra na Cúirte, ar an gcéad dul síos, nach mór a mheas go bhfuil 'seirbhís na sochaí faisnéise' a thagann faoi raon feidhme Threoir 2000/31 maidir le tráchtáil leictreonach ¹³⁸ i gceist le seirbhís idirghabhála atá beartaithe, trí mheán ardán leictreonach, chun aíonna féideartha a nascadh ar luach saothair le óstaigh ghairmiúla nó neamhghairmiúla a thairgeann seirbhísí gearrthéarmacha cóiríochta, agus roinnt seirbhísí á soláthar ag an am céanna atá tánaisteach i ndáil leis an tseirbhís idirghabhála sin. Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt go bhféadfaidh duine príobháideach, i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla lena ngabhann caingean shibhialta choimhdeach, cur i gcoinne bearta Ballstáit a chuirtear i bhfeidhm ina leith lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht seirbhíse den sórt sin arna soláthar aige ó Bhallstát eile, i gcás nár tugadh fógra faoi na bearta sin i gcomhréir leis an dara fleasc d'Airteagal 3(4)(b) den Treoir sin.

Bhain an díospóid sna príomhimeachtaí le himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh sa Fhrainc, tar éis gearán a rinne an Association pour un hébergement et un tourisme professionnels (an Cumann um chóiríocht agus thurasóireacht ghairmiúil) i gcoinne Airbnb Ireland. Cuideachta Éireannach is ea Airbnb Ireland a riarann ardán leictreonach, lena ndéantar, ar íocaíocht coimisiúin, óstaigh ghairmiúla agus daoine aonair a

¹³⁸ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO 2000 L 178, lch. 1).

chuireann cóiríocht ghearrthéarmach ar fáil a nascadh le daoine a bhfuil cóiríocht den sórt sin á lorg acu, go háirithe sa Fhrainc. Ina theannta sin, cuireann Airbnb Ireland seirbhísí coimhdeacha ar fáil do na hóstaigh sin, amhail formáid chun ábhar a dtairiscintí a leagan amach, árachas dliteanais shibhialta, uirlis chun meastachán a dhéanamh ar phraghas a gcíos, nó seirbhísí íocaíochta a bhaineann leis na seirbhísí sin.

D'áitigh an comhlachas a rinne gearán i gcoinne Airbnb Ireland nach ea nach ndearna an chuideachta sin ach dhá pháirtí a nascadh tríd an ardán, ach go raibh sí ag gníomhú mar ghníomhaire eastáit réadaigh gan ceadúnas gairmiúil a bheith ina sheilbh aici, sa chaoi gur sáraíodh an dlí ar a dtugtar dlí Hoguet, atá infheidhme sa Fhrainc maidir le gníomhaíochtaí gairmithe réadmhaoiné. Ó thaobh Airbnb Ireland de, d'áitigh AirBnB Ireland gur cuireadh cosc le Treoir 2000/31, in aon chás, ar an reachtaíocht sin.

Nuair a ceistíodh í ar an gcéad dul síos maidir le haicmiú na seirbhíse idirghabhála arna soláthar ag Airbnb Ireland, mheabhraigh an Chúirt, agus í ag tagairt don bhreithiúnas in *Asociación Profesional Elite Taxi*,¹³⁹ má chomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b) de Threoir 2015/1535,¹⁴⁰ dá dtagraítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2000/31, le seirbhís, gurb ionann í, i bprionsabal, agus 'seirbhís na sochaí faisnéise', atá éagsúil, i bprionsabal, ón tseirbhís ina dhiaidh sin lena mbaineann sí. Mar sin féin, ní bheidh sé amhlaidh má dhealraíonn sé gur dlúthchuid de sheirbhís fhoriomlán í an tseirbhís idirghabhála sin arb í a príomhghné seirbhís a thagann faoi aicmiú dlíthiúil eile.

Sa chás seo, chinn an Chúirt gur chomhlíon seirbhís idirghabhála amhail an tseirbhís arna soláthar ag Airbnb Ireland na coinníollacha sin agus nár tugadh údar le cineál na nasc idir an tseirbhís idirghabhála agus an tseirbhís óstála chun imeacht ó aicmiú na seirbhíse idirghabhála sin mar 'sheirbhís na sochaí faisnéise' agus, dá bhrí sin, Treoir 2000/31 a chur i bhfeidhm ina leith.

Chun béim a leagan ar chineál inscartha seirbhíse idirghabhála den sórt sin ó na seirbhísí cóiríochta lena mbaineann sí, thug an Chúirt dá haire, sa chéad áit, nach amháin go bhfuil an tseirbhís sin beartaithe chun seirbhísí láithreacha den sórt sin a sholáthar, ach gurb é atá i gceist léi, go bunúsach, ionstraim a sholáthar chun cóiríocht a chur i láthair agus a chuardach lena cur ar cíós, agus tabhairt i gcrích conarthaí léasa á éascú sa todhchaí. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil seirbhís den sórt sin go hiomlán coimhdeach do sheirbhís óstála fhoriomlán. Sa dara háit, chuir an Chúirt in iúl nach bhfuil seirbhís idirghabhála amhail an tseirbhís a sholáthraíonn Airbnb Ireland fíorriachtanach ar bhealach ar bith chun seirbhísí cóiríochta a sholáthar, ós rud é go bhfuil go leor bealaí eile ag óstaigh agus ag aíonna chun é sin a dhéanamh, agus cuid acu ann le fada. Ar an tríú dul síos, ar deireadh, thug an Chúirt dá haire nach raibh aon rud sa

¹³⁹ Breithiúnas an 20 Nollaig 2017, *Asociación Profesional Elite Taxi* (C-434/15, [EU:C:2017:981](#)), mír 40.

¹⁴⁰ Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO 2015 L 241, lch. 1).

chomhad chun a léiriú go gcuireann AirBnBuasteorainn le méid na gcíosanna arna n-éileamh ag óstaigh a úsáideann a ardán nó go socraíonn sé iad.

Shonraigh an Chúirt freisin nach féidir amhras a chaitheamh ar an gcinneadh sin leis na seirbhísí eile arna soláthar ag Airbnb Ireland, ós rud é nach bhfuil sna seirbhísí éagsúla sin ach seirbhísí atá coimhdeach leis an tseirbhís idirghabhála arna soláthar ag Airbnb Ireland. Ina theannta sin, luaigh sé, murab ionann agus na seirbhísí idirghabhála a bhí i gceist sna breithiúnais in *Asociación Profesional Elite Taxi agus Uber France*,¹⁴¹ nach féidir a shuíomh leis an tseirbhís idirghabhála sin ná leis na seirbhísí coimhdeacha a thairgeann Airbnb Ireland go bhfuil tionchar cinntitheach ag an gcuideachta sin ar na seirbhísí óstála lena mbaineann a ghníomhaíocht, maidir le praghsanna na dtáill cíosa a éilítear a chinneadh agus maidir le roghnú na léasóirí nó na n-aonad tithíochta a chuirtear ar cíós ar a ardán.

Ar an dara dul síos, scrúdaigh an Chúirt an bhféadfaidh Airbnb Ireland, sa díospóid sna príomhimeachtaí, cur i gcoinne an dlí a bheith curtha i bhfeidhm air, arb é an dlí lena gcuirtear srian ar an tsaoirse d'oibreoir ó Bhallstát eile chun seirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthar, amhail Dlí Hoguet, ar an bhforas nár thug an Fhrainc fógra faoin dlí sin, i gcomhréir leis an dara fleasc d'Airteagal 3(4)(b) de Threoir 2000/31. I ndáil leis sin, thug an Chúirt dá haire nach bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar an bhforas go raibh an dlí sin ann roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2000/31 go scaoilfí Poblacht na Fraince óna hoibleagáid fógra a thabhairt. Ina dhiaidh sin, agus í ag brath ar an réasúnaíocht a leanadh sa bhreithiúnas in *CIA Security International*,¹⁴² mheas sí nach mór a aithint go bhfuil éifeacht dhíreach ag an oibleagáid sin, ar ceanglas nós imeachta de chineál substainteach í. Thug sí le tuiscint uaidh sin go bhféadfaidh duine aonair brath ar mhainneachtain Ballstáit a oibleagáid fógra a thabhairt faoi bheart den sórt sin, ní hamháin i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla i gcoinne an duine aonair ach freisin i gcomhthéacs éileamh ar chúiteamh arna thionscnamh ag duine príobháideach eile a bhí ina pháirtí sibhialta.

Breithiúnas an 9 Samhain 2023, Google Ireland agus páirtithe eile (C-376/22, [EU:C:2023:835](#))

Is cuideachtaí iad Google Ireland Limited, Meta Platforms Ireland Limited agus Tik Tok Technology Limited atá bunaithe in Éirinn a sholáthraíonn, san Ostair *inter alia*, seirbhísí ardáin cumarsáide.

¹⁴¹ Breithiúnas an 10 Aibreán 2018, *Uber France* (C-320/16, [EU:C:2018:221](#)).

¹⁴² Breithiúnas an 30 Aibreán 1996, *CIA Security International* (C-194/94, [EU:C:1996:172](#)).

Trína chinntí, a glacadh in 2021, dhearbhaigh Kommunikationsbehörde Austria (KommAustria) (Údarás Rialála Cumarsáide na hOstaire) go raibh na trí chuideachta thuasluaite faoi réir dhlí na hOstaire.¹⁴³

Agus iad den tuairim nár cheart go mbeadh feidhm ag dlí na hOstaire sin ina leith, lena bhforchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí ardán cumarsáide, bíodh siad bunaithe san Ostair nó in áiteanna eile, sraith oibleagáidí maidir le faireachán agus fógra a thabhairt faoi ábhar a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach, thionscain na cuideachtaí sin achomhairc i gcoinne chinntí KommAustria. Rinneadh na caingne sin a dhíbhe ag an gcéad chéim.

Tar éis an diúltaithe sin, thionscain na cuideachtaí sin achomhairc ar phointe dlí os comhair an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach, an Ostair). Chun tacú leis na hachomhairc sin, mhaígh siad, *inter alia*, go bhfuil na hoibleagáidí a bhunaítear le dlí na hOstaire díreireach agus nach bhfuil siad ag teacht le saorghluaiseacht sheirbhísí na sochaí faisnéise agus leis an bprionsabal go ndéanfaidh an Ballstát tionscnaimh athbhreithniú ar na seirbhísí sin, is é sin le rá, an Stát ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe, dá bhforáiltear leis an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach.¹⁴⁴

Agus amhras uirthi faoi chomhoiriúnacht dhlí na hOstaire agus na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis ar sholáthraithe seirbhíse leis an Treoir maidir le maidir le Ríomhthráchtáil, lena bhforáiltear go bhféadfaidh Ballstát seachas an Ballstát tionscnaimh maolú, faoi choinníollacha áirithe, ar an bprionsabal maidir le saorghluaiseacht sheirbhísí na sochaí faisnéise, rinne an Chúirt Riaracháin Uachtarach tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú ar an Treoir sin.

Ina breithiúnas, rialaigh an Chúirt ar an gceist an féidir le Ballstát cinn scríbe sheirbhísí na sochaí faisnéise maolú ar shaorghluaiseacht na seirbhísí sin ní hamháin trí bhearta aonair sonracha a ghlacadh, ach trí bhearta ginearálta teibí a ghlacadh freisin atá dírithe ar chatagóir seirbhísí sonracha ar leith agus, go sonracha, an bhféadfadh na bearta sin teacht faoin gcoincheap ‘bearta arna nglacadh i gcoinne seirbhís ar leith de chuid na sochaí faisnéise’ de réir bhrí na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil.¹⁴⁵ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Ar an gcéad dul síos, thug an Chúirt dá haire go mbaineann an fhéidearthacht maolú ó phrionsabal na saorghluaiseachta do sheirbhísí na sochaí faisnéise, de réir théarmaí na Treorach maidir le tráchtáil leictreonach, le ‘seirbhís ar leith de chuid na sochaí faisnéise’.

¹⁴³ Is é sin le rá, ag an Bundesgesetz über Maßnahmen zum Schutz der Nutzer auf Kommunikationsplattformen (Kommunikationsplattformen-Gesetz) (Dlí Cónaidhme maidir le bearta cosanta d’úsáideoirí ardán cumarsáide) (BGBl. I, 151/2020).

¹⁴⁴ Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe trádáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le trádáil leictreonach) (IO 2000 L 178, lch. 1).

¹⁴⁵ Airteagal 3(4) den Treoir maidir le trádáil leictreonach.

Sa chomhthéacs sin, tugtar le fios le húsáid na bhfocal ‘ar leith’ nach mór an tseirbhís dá dtagraítear ar an gcaoi sin a thuiscint mar sheirbhís aonair. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit bearta ginearálta teibí a ghlacadh atá dírithe ar chatagóir ar leith de sheirbhísí na sochaí faisnéise a thuairiscítear i dtéarmaí ginearálta a bhfuil feidhm acu gan idirdhealú maidir le haon soláthraí den chatagóir seirbhísí sin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Ní chaitear amhras ar an measúnú sin toisc go n-úsáidtear an coincheap ‘bearta’ sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil. Trí úsáid a bhaint as téarma leathan ginearálta den sórt sin, d’fhág reachtóir an Aontais faoi rogha na mBallstát cineál agus foirm na mbearta a fhéadfaidh siad a ghlacadh chun maolú ar phrionsabal na saorghluaiseachta do sheirbhísí na sochaí faisnéise. Ar an taobh eile, tá úsáid an téarma sin gan dochar do shubstaint agus d’inneachar ábhartha na mbearta sin.

Ina dhiaidh sin, thug an Chúirt dá haire go dtacaíonn anailís chomhthéacsúil ar an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil leis an léiriú litriúil sin.

Tá an fhéidearthacht maolú ar phrionsabal na saorghluaiseachta do sheirbhísí na sochaí faisnéise faoi réir an choinníll nach mór do Bhallstát cinn scríbe na seirbhísí sin a iarraidh ar an mBallstát as ar tháinig na seirbhísí sin bearta a ghlacadh roimh ré,¹⁴⁶ rud a thugann le tuiscint go bhféadfaí na soláthraithe agus, dá bhrí sin, na Ballstáit lena mbaineann a shainaithint. Dá n-údarófaí do na Ballstáit saorghluaiseacht seirbhísí den sórt sin a shrianadh trí bhearta ginearálta teibí a ghlacadh a mbeadh feidhm acu gan idirdhealú maidir le haon soláthraí de chatagóir de sheirbhísí mar sin, bheadh sé dodhéanta sainaithint ar an gcaoi sin, nó bheadh sé i bhfad níos deacra ar a laghad, sa chaoi nach mbeadh na Ballstáit in ann coinníoll den sórt sin a chomhlíonadh.

Ar deireadh, chuir an Chúirt in iúl go bhfuil an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach bunaithe ar chur i bhfeidhm phrionsabail an rialaithe sa Bhallstát tionscnaimh agus an aitheantais fhrithpháirtigh, ionas, i gcomhthéacs an réimse chomhordaithe,¹⁴⁷ nach rialáítear seirbhísí na sochaí faisnéise ach amháin sa Bhallstát ina bhfuil soláthraithe na seirbhísí sin bunaithe. Dá n-údarófaí do na Ballstáit cinn scríbe bearta ginearálta teibí a ghlacadh a mbeadh feidhm acu gan idirdhealú maidir le haon soláthraí de chatagóir de na seirbhísí sin, bíodh sé bunaithe sa Bhallstát sin nó ná bíodh, chaithfí amhras ar phrionsabal an rialaithe sa Bhallstát tionscnaimh. Eascraíonn roinnt na hinniúlachta rialála idir an Ballstát tionscnaimh agus an Ballstát cinn scríbe as an bprionsabal sin. Dá n-údarófaí don Stát sin bearta den sórt sin a ghlacadh, chuirfí isteach ar inniúlacht rialála an Bhallstáit tionscnaimh agus bheadh sé d’éifeacht aige na soláthraithe sin a chur faoi réir reachtaíocht an Stáit sin agus reachtaíocht an Bhallstáit cinn scríbe nó na mBallstát cinn scríbe araon. Dá ndéanfaí an prionsabal sin a cheistiú, bhainfí an bonn de chóras agus de chuspóirí na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil. Thairis sin, dá gceadófaí don

¹⁴⁶ Airteagal 3(4)(b) den Treoir maidir le trádáil leictreonach.

¹⁴⁷ De réir bhrí Airteagal 2(h) den Treoir maidir le trádáil leictreonach.

Bhallstát cinn scríbe bearta den sórt sin a ghlacadh, bhainfí an bonn den mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus bheadh sé contrártha do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

Ina theannta sin, chuir an Chúirt in iúl go bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir maidir le Ríomhthrachtáil deireadh a chur le bacainní dlí ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a ghabhann le éagsúlachtaí sa reachtaíocht agus le héiginnteacht dhlíthiúil na gcóras náisiúnta is infheidhme maidir leis na seirbhísí sin. Mar sin féin, b'ionann an fhéidearthacht na bearta thuasluaite a ghlacadh agus, ar deireadh, na soláthraithe seirbhíse lena mbaineann a chur faoi réir dlíthe éagsúla agus, dá bhrí sin, bacainní dlí a thabhairt isteach arís ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir sin iad a bhaint.

Dá bhrí sin, tháinig an Chúirt ar an gconclúid nach dtagann bearta ginearálta teibí atá dírithe ar chatagóir de sheirbhísí ar leith na sochaí faisnéise a thuairiscítear i dtéarmaí ginearálta agus a bhfuil feidhm acu gan idirdhealú maidir le haon soláthraí den chatagóir seirbhísí sin faoin gcoincheap 'bearta arna nglacadh i gcoinne seirbhís ar leith de chuid na sochaí faisnéise' de réir bhrí na Treorach maidir le tráchtáil leictreonach.

7. CBL

Breithiúnais an 5 Márta 2015, an Coimisiún v an Fhrainc (C-479/13, [EU:C:2015:141](#)) agus an Coimisiún v Lucsamburg (C-502/13, [EU:C:2015:143](#))

Sa Fhrainc agus i Lucsamburg, bhí soláthar ríomhleabhar faoi réir ráta laghdaithe cánach breisluacha (CBL). Dá bhrí sin, ón 1 Eanáir 2012, bhí ráta CBL 5.5 % agus 3 % faoi seach curtha i bhfeidhm ag an bhFrainc agus ag Lucsamburg maidir le ríomhleabhair nó leabhair digiteacha a sholáthar.

Leis na ríomhleabhair nó leabhair digiteacha a bhí i gceist sa chás seo cumhdaíodh na leabhair i bhformáid leictreonach a cuireadh ar fáil ar íocaíocht trí íoslódáil nó trí chraoladh i sruth (sruthú) ó shuíomh gréasáin arna fheiceáil ar ríomhaire, ar fhón cliste, ar léitheoir ríomhleabhar nó ar aon chóras léitheoireachta eile. D'iarr an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais a chinneadh, trí ráta laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm ar sholáthar ríomhleabhar, gur mhainnigh an Fhrainc agus Lucsamburg a n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le CBL a chomhlíonadh. ¹⁴⁸

¹⁴⁸ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

Chinn an Chúirt go mainníonn Ballstát a chuireann ráta laghdaithe CBL i bhfeidhm maidir le ríomhleabhair a sholáthar a oibleagáidí faoi Airteagail 96 agus 98 de Threoir 2006/112/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 282/2011 a chomhlíonadh.¹⁴⁹

Is léir ó fhoclaíocht phointe 6 d'larscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/112/CE go bhfuil feidhm ag an ráta laghdaithe CBL maidir leis an idirbheart arb é atá ann leabhar a sholáthar ar mheán fisiciúil. Cé gur fíor go bhfuil gá le meán fisiciúil, amhail ríomhaire, chun ríomhleabhar a léamh, ní áirítear meán den sórt sin i soláthar ríomhleabhar, áfach. Ina theannta sin, mar is léir ón dara fómhír d'Airteagal 98(2) den Treoir sin, chinn reachtóir an Aontais aon fhéidearthacht ráta laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach a chur as an áireamh. Is ionann ríomhleabhair a sholáthar agus seirbhís den sórt sin, ós rud é nach féidir é a mheas mar sholáthar earraí de réir bhrí Airteagal 14(1) den Treoir sin, ós rud é nach féidir ríomhleabhair a aicmiú mar earraí inláimhsithe. Ar an gcaoi chéanna, comhlíontar an sainmhíniú ar sheirbhísí arna soláthar go leictreonach in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 282/2011 le soláthar ríomhleabhar.

Ní féidir amhras a chaitheamh ar an léiriú sin le prionsabal na neodrachtá fiosaí, ós rud é nach gceadaítear leis an bprionsabal sin raon feidhme ráta laghdaithe CBL a leathnú in éagmais foráil aonchiallach ina leith sin.

Breithiúnas an 7 Márta 2017 (an Mór-Dhlísheomra), RPO (C-390/15, [EU:C:2017:174](#))

I gcomhréir leis an Treoir maidir le CBL,¹⁵⁰ d'fhéadfadh na Ballstáit ráta laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm maidir le foilseacháin chlóite amhail leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin. Os a choinne sin, níor mhór go mbeadh fhoilseacháin dhigiteacha faoi réir ráta CBL caighdeánach, cé is moite de ríomhleabhair arna gcur ar fáil ar mheán fisiciúil (i.e. CD-ROM). Agus imeachtaí os a comhair arna dtionscnamh ag Coimisinéir na Polainne um Chearta Saoránaigh, bhí amhras ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) faoi bhailíocht na difríochta cánach sin. D'fhiafraigh sí den Chúirt Bhreithiúnais an raibh an difríocht sin ag teacht le prionsabal na córa comhionainne agus an raibh baint leordhóthanach ag Parlaimint na hEorpa leis an nós imeachta reachtach.

Dar leis an gCúirt, ciallaíonn an oibleagáid dul i gcomhairle leis an bParlaimint le linn an nós imeachta reachtaigh, sna cásanna dá bhforáiltear sa Chonradh nach mór dul i gcomhairle leis an bParlaimint arís aon uair a imíonn an téacs arna ghlacadh, arna mheas ina iomláine, go bunúsach ón téacs ar chuathas i gcomhairle leis an bParlaimint

¹⁴⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2011 L 77, lch. 1).

¹⁵⁰ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1), sa leagan a thagann as Treoir 2009/47/CE ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le rátaí laghdaithe cánach breisluacha (IO 2009 L 116, lch. 18).

ina leith cheana féin, cé is moite de chásanna ina gcomhfhreagraíonn na leasuithe, go bunúsach, do mhian a chuir an Pharlaimint féin in iúl.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil i dtéacs phointe 6 d'larscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/112/CE arna leasú ach simpliú ar dhréachtú an téacs arna leagan amach sa togra le haghaidh Treorach, ar caomhnaíodh an tsubstaint ann.

Thairis sin, le scrúdú ar na ceistanna a tarchuireadh níor nochtadh aon fhachtóir a dhéanfadh difear do bhailíocht phointe 6 d'larscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/112/CE ná d'Airteagal 98(2) den Treoir sin, arna léamh i gcomhar le pointe 6 d'larscríbhinn III a ghabhann léi.

Ní mór a thabhairt faoi deara gur cásanna inchomparáide iad ríomhleabhair a sholáthar ar aon chineál meán fisiciúil, ar thaobh amháin, agus ríomhleabhair a sholáthar, ar an taobh eile. Ní mór a mheas go mbunaítear leis na forálacha sin difríocht sa chaoi a gcaitear le dhá chás atá inchomparáide, áfach, i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag reachtóir an Aontais. I gcás ina n-aimsítear difríocht den sórt sin, ní sháraítear prionsabal na córa comhionainne a mhéid atá údar cuí leis an difríocht sin. Is amhlaidh atá i gcás go mbaineann an difríocht sa chóir le cuspóir atá inghlactha go dlíthiúil arna shaothrú ag an mbeart a bhfuil sé d'éifeacht aige difríocht den sórt sin a thabhairt isteach agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach leis an gcuspóir sin.

Sa chomhthéacs sin, tuigtear go n-iarrtar ar reachtas an Aontais, agus beart de chineál fioscach á ghlacadh aige, roghanna polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a dhéanamh agus tús áite a thabhairt do leasanna éagsúla nó measúnuithe casta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní mór a aithint, sa chomhthéacs sin, go bhfuil lánrogha leathan aige, sa chaoi nach mór an t-athbhreithniú breithiúnach a theorannú d'athbhreithniú ar earráid fhollasach. Leanann sé ó na mínithe a thug an Chomhairle agus an Coimisiún gur measadh gur ghá seirbhísí arna soláthar go leictreonach a chur faoi réir rialacha soiléire, simplí aonfhoirmeacha ionas gur féidir an ráta CBL is infheidhme maidir leis na seirbhísí sin a bhunú gan débhrí agus, ar an gcaoi sin, bainistiú ar an gcáin sin a éascú do dhaoine inchánacha agus d'údaráis chánach náisiúnta. I ndáil leis sin, dá bhféadfaí ráta laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm maidir le ríomhleabhair a sholáthar, bhainfí an bonn de chomhleanúnachas foriomlán an bhirt atá beartaithe ag reachtóir an Aontais.



CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

an Stiúrthóireacht um Thaighde agus um Dhoiciméadú

Iúil 2024